*Uimhir* 7 *de* 1992

# An tAcht fán nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, 1992

[*An tiontú oifigiúil*]

*Uimhir* 7 *de* 1992

# AN tACHT FÁN nGNÍOMHAIREACHT UM CHAOMHNÚ COMHSHAOIL, 1992

[*An tiontú oifigiúil*]

RIAR NA nALT

CUID I

RÉAMHRÁITEACH AGUS GINEARÁLTA


Alt

1. Gearrtheideal.
2. Tosach feidhme.
3. Léiriú.
4. Caomhnú comhshaoil, truailliú comhshaoil agus meán comhshaoil.
5. An teicneolaíocht is fearr atá ar fáil agus nach ngabhann costais iomarcacha léi.
6. Rialacháin.
7. Orduithe.
8. Cionta.
9. Pionóis.
10. Fíneálacha áirithe a íoc leis an nGníomhaireacht.
11. Cionta a ionchúiseamh.
12. Costas ionchúiseamh.
13. Cumhachtaí duine údaraithe.
14. Fógraí a sheirbheáil.
15. Díolúine na Gníomhaireachta.
16. An tArd-Stiúrthóir, stiúrthóirí agus daoine eile a shlánú.
17. Caiteachais an Aire.

Alt
18. Leasú ar Acht 1963 agus ar an Acht um Thruailliú Aeir, 1987.

CUID II

An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil

19. An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil a bhunú.

20. An Ghníomhaireacht a chorprú.

21. An tArd-Stiúrthóir.

22. An Leas-Ard-Stiúrthóir.

23. Feidhmeanna ginearálta an Ard-Stiúrthóra agus an Leas-Ard-Stiúrthóra.

24. Stiúrthóirí.

25. Cruinnithe agus nós imeachta na Gníomhaireachta.

26. Córam na Gníomhaireachta, folúntais, etc.

27. Coiste Comhairleach.

28. Feidhmeanna an Choiste Chomhairligh.

29. Foireann na Gníomhaireachta.

30. Foireann údarás poiblí a aistriú.

31. Coinníollacha a bhaineann le haistriú foirne.

32. An Foras Forbartha Teoranta a dhíscaoileadh.

33. Aoisliúntas an Ard-Stiúrthóra agus na stiúrthóirí.

34. Aoisliúntas fhoireann na Gníomhaireachta.

35. Comhaltas de Theach den Oireachtas nó de Pharlaimint na hEorpa.

36. Comhaltas d’údarás áitiúil.

37. Leasanna a dhearbhú.

38. Leasanna a nochtadh.

39. Faisnéis rúnda a nochtadh.

40. Toirmeasc ar chumarsáidí áirithe.

41. Coistí agus grúpaí comhairliúcháin.

42. Sainchomhairleoirí agus comhairleoirí.

43. Aonaid chomhshaoil réigiúnacha a bhunú.

44. Seirbhísí a sholáthar don Ghníomhaireacht.

Alt

45. Comhaontuithe idir an Ghníomhaireacht agus údaráis phoiblí eile.

46. Deontais don Ghníomhaireacht.

47. An Ghníomhaireacht d'fháil iasachtaí.

48. An Ghníomhaireacht do ghlacadh le bronntanais.

49. Muirir i leith seirbhísí.

50. Cuntais agus iniúchtaí.

51. Tuarascáil bhliantúil agus faisnéis don Aire.

CUID III

FEIDHMEANNA NA GNÍOMHAIREACHTA

52. Feidhmeanna i gcoitinne.

53. Feidhmeanna breise a shannadh.

54. Feidhmeanna a aistriú.

55. Feidhmeanna comhairleacha i ndáil le hAirí den Rialtas.

56. Feidhmeanna comhairleacha i ndáil le húdaráis áitiúla.

57. Cúnamh d'údaráis áitiúla.

58. Uisce óil.

59. Séaracht nó eisiltigh eile.

60. Feidhmeanna na Gníomhaireachta i ndáil le cóireáil uisce nó séarachta.

61. Faireachán i ndáil le heisiltigh údarás sláintíochta.

62. Láithreáin líonta talún le haghaidh diúscairt iarmhair.

63. Údaráis áitiúla do chomhlíonadh feidhmeanna reachtúla.

64. Clár hidriméadrachta.

65. Clár faireacháin comhshaoil.

66. Scéim creidiúnúcháin a bhunú.

67. Rochtain ar thorthaí faireacháin.

68. Gníomhaíochtaí faireacháin údarás poiblí.

69. Córas stórála sonraí a bhaineann le cáilíocht an chomhshaoil.

70. Tuarascálacha ar staid an chomhshaoil.

71. Taighde comhshaoil.

72. Measúnacht tionchair timpeallachta.

Alt

73. Ceadú comhshaoil.

74. Iniúchadh comhshaoil.

75. Cuspóirí maidir le cáilíocht an chomhshaoil.

76. Cóid chleachtais.

77. Fianaise ar chód cleachtais.

78. Táirgí agus seirbhísí a lipéadú.

79. Treoracha ginearálta maidir le beartas.

80. An Ghníomhaireacht do dhéanamh comhchomhairliúcháin.

81. Comhchomhairliúchán leis an nGníomhaireacht.

CUID IV

RIALÚ COMHTHÁITE AR THRUAILLIÚ

82. Ceadúnais.

83. Ceadúnais a dheonú.

84. Coinníollacha a ghabhann le ceadúnas.

85. Iarratais ar cheadúnais, nó athbhreithnithe ar cheadúnais, a phróiseáil.

86. Éisteacht ó bhéal agus tuarascáil i scríbhinn.

87. Rialacháin maidir le ceadúnais.

88. Ceadúnais a athbhreithniú.

89. Clár na gceadúnas.

90. Teorainn le ré ceadúnais.

91. Úinéireacht gníomhaíochta a athrú.

92. Athruithe ar ghníomhaíocht.

93. Muirir i ndáil le hastaíochtaí.

94. Táillí.

95. Cásanna speisialta.

96. Faireachán ar cháilíocht an chomhshaoil agus ar astaíochtaí.

97. Scardadh chuig séaraigh.

98. Feidhm Achtanna eile.

99. Socruithe idirthréimhseacha.

CUID V

RIALÚ GINEARÁLTA AR THRUAILLIÚ

Alt

100. Cumhachtaí áirithe faoin Acht Rialtais Áitiúil (Truailliú Uisce), 1977 a leathnú chuig an nGníomhaireacht.

101. Cumhachtaí áirithe faoin Acht um Thruailliú Aeir, 1987 a leathnú chuig an nGníomhaireacht.

102. Pleananna bainistíochta.

103. Luachanna teorann astaíochta agus caighdeáin cháilíochta.

104. Tuarascálacha speisialta agus imscrúduithe.

105. Fiosrúcháin.

CUID VI

ILGHNÉITHEACH

106. Rialacháin maidir le rialú torainn.

107. Cumhacht údaráis áitiúil nó na Gníomhaireachta a cheangal go ndéanfar bearta chun torann a chosc nó a theorannú.

108. Torann mar núis.

109. An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 1989.

110. Rochtain ar fhaisnéis maidir leis an gcomhshaol.

111. Orgánaigh ghéinmhodhnaithe.

112. Clár a choimeádtar i ríomhaire nó i bhfoirm neamh-inléite eile agus fianaise ar thaifid.

113. Pionóis áirithe a mhéadú.

AN CHÉAD SCEIDEAL

GNÍOMHAÍOCHTAÍ LENA MBAINEANN *CUID IV*

AN DARA SCEIDEAL

ACHTACHÁIN ARB INA LEITH A FHÉADFAR FEIDHMEANNA A AISTRIÚ CHUIG AN nGNÍOMHAIREACHT

AN TRÍÚ SCEIDEAL

LEASÚ AR AN ACHT UM THRUAILLIÚ AEIR, 1987

## Na hAchtanna dá dTagraítear

| | |
|---|---|
| An tAcht um Thruailliú Aeir, 1987 | 1987, Uimh. 6 |
| Acht Rialuithe na Stát-Sheirbhíse, 1956 | 1956, Uimh. 46 |
| An tAcht um Nós Imeachta Coiriúil, 1967 | 1967, Uimh. 12 |
| An tAcht um Thoghcháin do Thionól na hEorpa, 1977 | 1977, Uimh. 30 |
| An tAcht um Thoghcháin do Thionól na hEorpa, 1984 | 1984, Uimh. 6 |
| Acht na gComhphobal Eorpach, 1972 | 1972, Uimh. 27 |
| An tAcht Iascaigh (Comhdhlúthú), 1959 | 1959, Uimh. 14 |
| An tAcht Cuanta, 1946 | 1946, Uimh. 9 |
| An tAcht Sláinte, 1970 | 1970, Uimh. 1 |
| An tAcht um Laethanta Saoire (Fostaithe), 1973 | 1973, Uimh. 25 |
| Acht na nÚdarás Áitiúla (Oibreacha), 1949 | 1949, Uimh. 17 |
| An tAcht Rialtais Áitiúil, 1941 | 1941, Uimh. 23 |
| An tAcht Rialtais Áitiúil (Pleanáil agus Forbairt), 1963 | 1963, Uimh. 28 |
| An tAcht Rialtais Áitiúil (Pleanáil agus Forbairt), 1982 | 1982, Uimh. 21 |
| An tAcht Rialtais Áitiúil (Bóithre agus Mótarbhealaí), 1974 | 1974, Uimh. 6 |
| An tAcht Rialtais Áitiúil (Seirbhísí Sláintíochta), 1948 | 1948, Uimh. 3 |
| An tAcht Rialtais Áitiúil (Seirbhísí Sláintíochta), 1962 | 1962, Uimh. 26 |
| An tAcht Rialtais Áitiúil (Seirbhísí Sláintíochta), 1964 | 1964, Uimh. 29 |
| An tAcht Rialtais Áitiúil (Truailliú Uisce), 1977 | 1977, Uimh. 1 |
| An tAcht Rialtais Áitiúil (Truailliú Uisce) (Leasú), 1990 | 1990, Uimh. 21 |
| *Petty Sessions (Ireland) Act,* 1851 | 1851, c. 93 |
| *Public Health (Ireland) Act,* 1878 | 1878, c. 52 |
| An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 1989 | 1989, Uimh. 7 |
| *The Dublin Corporation Waterworks Act,* 1861 | 1861, c. 172 |
| An tAcht um Dhífhostú Éagórach, 1977 | 1977, Uimh. 10 |
| *Waterworks Clauses Act,* 1847 | 1847, c. 7 |
| *Waterworks Clauses Act,* 1863 | 1863, c. 93 |

## Rialacháin na gComhphobal Eorpach Dá dTagraítear

| | |
|---|---|
| Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Iarmhar Aispeiste), 1990 | I.R. Uimh. 30 de 1990 |
| Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Rialú ar Thruailliú Uisce le hAispeist), 1990 | I.R. Uimh. 31 de 1990 |
| Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Measúnacht Tionchair Timpeallachta) (Mótarbhealaí), 1988 | I.R. Uimh. 221 de 1988 |
| Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Measúnacht Tionchair Timpeallachta), 1989 | I.R. Uimh. 349 de 1989 |
| Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Cáilíocht Uisce a Bheartaítear lena Ól ag an Duine), 1988 | I.R. Uimh. 81 de 1988 |
| Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Iarmhar Tocsaineach agus Contúirteach), 1982 | I.R. Uimh. 33 de 1982 |
| Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Loingsiú Trasteorann ar Iarmhar Guaiseach), 1988 | I.R. Uimh. 248 de 1988 |
| Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Iarmhar), 1979 | I.R. Uimh. 390 de 1979 |
| Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Iarmhar), 1984 | I.R. Uimh. 108 de 1984 |

*Uimhir* 7 *de* 1992

# AN tACHT FÁN nGNÍOMHAIREACHT UM CHAOMHNÚ COMHSHAOIL, 1992

[*An tiontú oifigiúil*]

ACHT DO DHÉANAMH SOCRÚ BREISE AGUS FEABHSAITHE CHUN AN TIMPEALLACHT A CHAOMHNÚ AGUS CHUN TRUAILLIÚ A RIALÚ, DO BHUNÚ GNÍOMHAIREACHTA UM CHAOMHNÚ COMHSHAOIL, CHUN NA gCRÍOCH SIN AGUS CHUN CRÍOCH EILE DO MHÉADÚ PIONÓS AIRGID LÁITHREACH ÁIRITHE AGUS DO DHÉANAMH SOCRÚ I dTAOBH NITHE EILE A BHAINEANN LEIS NA NITHE RÉAMHRÁITE.

[23 *Aibreán* 1992]

ACHTAÍTEAR AG AN OIREACHTAS MAR A LEANAS:

## CUID I

### Réamhráiteach agus Ginearálta

**1.—**Féadfar an tAcht fán nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, 1992 a ghairm den Acht seo. Gearrtheideal.

**2.—**(1) Tiocfaidh *Cuid I* (seachas *alt 18(1)*), *Cuid II* (seachas *alt 43*), *Cuid III, Cuid IV* (seachas *alt 93*) agus *Cuid VI* i ngníomh tráth rite an Achta seo. Tosach feidhme.

(2) Tiocfaidh na forálacha eile den Acht seo i ngníomh cibé lá nó laethanta a shocrófar chuige sin le haon ordú nó orduithe ón Aire, i gcoitinne nó faoi threoir aon chríoch nó foráil áirithe nó faoi threoir limistéar áirithe nó limistéir áirithe, agus féadfar laethanta éagsúla a shocrú amhlaidh chun críocha éagsúla agus le haghaidh forálacha éagsúla den Acht seo agus le haghaidh limistéar éagsúil.

**3.—**(1) San Acht seo, mura n-éilíonn an comhthéacs a mhalairt— Léiriú.

ciallaíonn "gníomhaíocht" aon phróiseas, forbairt nó oibríocht a shonraítear sa *Chéad Sceideal*;

ciallaíonn "Acht 1963" an tAcht Rialtais Áitiúil (Pleanáil agus Forbairt), 1963;

ciallaíonn "duine údaraithe" duine—

(*a*) a ndéanann Aire, údarás áitiúil nó an Ghníomhaireacht, nó cibé duine nó comhlacht eile a bheidh forordaithe, é a cheapadh i scríbhinn chun bheith ina dhuine údaraithe chun críocha an Achta seo nó chun críocha aon Chuid nó aon alt den Acht seo, nó

(*b*) a ndéanann duine a shonraítear i rialacháin faoin Acht seo é a cheapadh i scríbhinn chun bheith ina dhuine údaraithe de bhun na rialachán sin;

tá le "forbairt" an bhrí a shanntar dó le halt 3 d'Acht 1963;

folaíonn "diúscairt", i ndáil le dramhaíl, bailiú, sórtáil, iompar, cóireáil, stóráil, agus dumpáil os cionn talún nó faoi thalamh, agus na hoibríochtaí claochlaithe is gá chun í a aisghabháil, a athúsáid nó a athchúrsáil;

ciallaíonn "astaíocht"—

(*a*) de réir bhrí an Achta um Thruailliú Aeir, 1987, truailleán a astú isteach san atmaisféar,

(*b*) ábhar truailliúcháin, eisilteach séarachta nó eisilteach trádála de réir bhrí an Achta Rialtais Áitiúil (Truailliú Uisce), 1977, a scardadh in uiscí nó i séaraigh de réir bhrí an Achta sin,

(*c*) dramhaíl a dhiúscairt, nó

(*d*) torann;

ní fholaíonn "fostaí de chuid na Gníomhaireachta" Ard-Stiúrthóir na Gníomhaireachta nó stiúrthóir eile dá cuid;

folaíonn "achtachán" aon ionstraim a dhéantar faoi achtachán;

tá le "meán comhshaoil", "truailliú comhshaoil" agus "caomhnú comhshaoil" na bríonna a shanntar dóibh faoi seach le *halt 4*;

ciallaíonn "gníomhaíocht bhunaithe" gníomhaíocht—

(*a*) a mbeidh cead faoi Chuid IV d'Acht 1963 deonaithe ina leith roimh cibé lá (dá ngairtear "an lá iomchuí" sa mhír seo agus i *mír (b)*) a fhorordóidh an tAire, ar cead é nach mbeidh scortha, ar an lá iomchuí, d'éifeacht a bheith leis, de réir fhorálacha ailt 2 agus 4 den Acht Rialtais Áitiúil (Pleanáil agus Forbairt), 1982, nó

(*b*) a bheidh á seoladh ar an lá díreach roimh an lá iomchuí, nó a bhí á seoladh aon tráth le linn na tréimhse dhá mhí dhéag dar chríoch an lá díreach roimh an lá iomchuí, seachas gníomhaíocht lena ngabhann déanmhas neamhúdaraithe nó úsáid neamhúdaraithe de réir bhrí Acht 1963, nó atá bainteach le déanmhas nó le húsáid den sórt sin;

folaíonn "feidhmeanna" cumhachtaí agus dualgais;

ciallaíonn "údarás áitiúil"—

(*a*) i gcás chontae riaracháin Bhaile Átha Cliath, seachas buirg Dhún Laoghaire, comhairle chontae Bhaile Átha Cliath,

(*b*) i gcás bhuirg Dhún Laoghaire, bardas na buirge,

(*c*) i gcás contaebhuirge, bardas na contaebhuirge, agus

(*d*) i gcás aon chontae riaracháin eile, comhairle an chontae,

agus déanfar tagairtí do limistéar feidhme údaráis áitiúil a fhorléiriú dá réir sin;

ciallaíonn "an tAire" an tAire Comhshaoil;

folaíonn "faireachán" iniúchadh, tomhas, sampláil nó anailísiú a dhéanamh chun críocha an Achta seo ar aon astaíocht nó ar aon mheán comhshaoil in aon ionad, cibé acu go tréimhsiúil nó go leanúnach;

folaíonn "torann" tonnchrith;

folaíonn "áititheoir", i ndáil le haon áitreabh, an t-úinéir, léasaí, aon duine atá i dteideal an t-áitreabh a áitiú agus aon duine eile a bhfuil an t-áitreabh faoina rialú de thuras na huaire;

folaíonn "duine atá i gceannas" áititheoir áitribh nó bainisteoir, maoirseoir nó oibritheoir gníomhaíochta;

tá le "údarás pleanála" an bhrí a shanntar dó le hAcht 1963;

folaíonn "gléasra" aon trealamh, fearas, gaireas, innealra, oibreacha, foirgneamh nó déanmhas eile nó aon talamh nó aon chuid d'aon talamh a úsáidtear chun críocha aon ghníomhaíocht a shonraítear sa *Chéad Sceideal*, nó atá teagmhasach le haon ghníomhaíocht den sórt sin;

folaíonn "áitreabh" aon mheasáiste, foirgneamh, soitheach, déanmhas nó talamh (cibé acu atá déanmhais ar an talamh nó nach bhfuil nó cibé acu atá an talamh faoi uisce nó nach bhfuil) nó aon oidhreachtán faoi aon tionacht mar aon le haon tithe lasmuigh agus aon chúirtealáiste;

ciallaíonn "forordaithe" forordaithe le rialacháin arna ndéanamh ag an Aire;

ciallaíonn "údarás poiblí"—

(*a*) Aire den Rialtas,

(*b*) Coimisinéirí na nOibreacha Poiblí in Éirinn,

(*c*) údarás áitiúil chun críocha an Achta Rialtais Áitiúil, 1941,

(*d*) údarás cuain de réir bhrí an Achta Cuanta, 1946,

(*e*) bord sláinte arna bhunú faoin Acht Sláinte, 1970,

(*f*) bord nó comhlacht eile arna bhunú le reacht nó faoi reacht,

(*g*) cuideachta ina bhfuil na scaireanna uile ar seilbh ag Aire den Rialtas nó thar ceann Aire den Rialtas, nó ag stiúrthóirí arna gceapadh ag Aire den Rialtas, nó

(*h*) cuideachta ina bhfuil na scaireanna uile ar seilbh ag bord, cuideachta nó comhlacht eile dá dtagraítear i *mír (f)* nó *(g)* den mhíniú seo;

folaíonn "áit phoiblí" aon áit ar a bhfuil rochtain ag an bpobal, cibé acu an de cheart nó le cead é agus cibé acu an faoi réir muirir nó saor ó mhuirear é;

ciallaíonn "údarás sláintíochta" údarás sláintíochta chun críocha na nAchtanna Rialtais Áitiúil (Seirbhísí Sláintíochta), 1878 go 1964;

tá le "gnóthaire reachtúil" an bhrí a shanntar dó le hAcht 1963;

ciallaíonn "soitheach" árthach snámha d'aon chineál, cibé acu féinghluaiste nó nach ea, agus folaíonn sé árthach aerchúisíneach agus aon déanmhas in uisce nó ar uisce;

ciallaíonn "plean bainistithe dramhaíola" plean dramhaíola arna ullmhú faoi Airteagal 4(2) de Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Iarmhar), 1979, nó plean dramhaíola speisialta de réir na brí a shanntar dó faoi Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Iarmhar Tocsaineach agus Contúirteach), 1982;

tá le "oibreacha", i ndáil le *hailt 90*, *106* agus *107*, an bhrí a shanntar dó le hAcht 1963.

(2) San Acht seo, aon tagairt d'alt, do Chuid nó do Sceideal, is tagairt í d'alt, do Chuid nó do Sceideal den Acht seo, mura léirítear gur tagairt d'aon achtachán eile atá beartaithe.

(3) San Acht seo, aon tagairt d'fho-alt, do mhír nó d'fhomhír, is tagairt í don fho-alt, don mhír nó don fhomhír den fhoráil ina bhfuil an tagairt, mura léirítear gur tagairt d'fhoráil éigin eile atá beartaithe.

(4) San Acht seo, forléireofar tagairt d'aon achtachán mar thagairt don achtachán sin arna leasú nó arna oiriúnú le haon achtachán dá éis sin nó faoi aon achtachán dá éis sin.

(5) Baineann an t-alt seo, *inter alia*, le gníomhaíochtaí atá á n-oibriú ag an Stát nó a bhfuil an Stát i gceannas orthu.

Caomhnú comhshaoil, truailliú comhshaoil agus meán comhshaoil.

**4.—**(1) San Acht seo, folaíonn "caomhnú comhshaoil"—

(*a*) truailliú comhshaoil a chosc, a theorannú, a mhaolú nó a laghdú, nó deireadh a chur leis, agus

(*b*) cáilíocht an chomhshaoil a choimeád.

(2) San Acht seo, ciallaíonn "truailliú comhshaoil"—

(*a*) "truailliú aeir" chun críocha an Achta um Thruailliú Aeir, 1987,

(*b*) an riocht ina bhfuil uiscí tar éis ábhar truailliúcháin de réir bhrí an Achta Rialtais Áitiúil (Truailliú Uisce), 1977, do dhul isteach iontu,

(*c*) dramhaíl a dhiúscairt ar mhodh ar a gcuirfí sláinte an duine i mbaol nó ina ndéanfaí dochar don chomhshaol agus, go háirithe—

(i) ina gcruthófaí priacal d'uiscí, don atmaisféar, do thalamh, d'ithir, do phlandaí nó d'ainmhithe,

(ii) ba chúis le núis trí thorann nó trí bholaithe, nó

(iii) ina ndéanfaí dochar don taobh tíre nó d'áiteanna ar díol spéise ar leith iad,

nó

(*d*) torann ar núis é nó a chuirfeadh sláinte an duine i mbaol nó a dhéanfadh damáiste do mhaoin nó a dhéanfadh dochar don chomhshaol.

(3) San Acht seo—

folaíonn "meán comhshaoil" an t-atmaisféar, an talamh, an ithir agus na huiscí;

tá le "uiscí" an bhrí a shanntar dó leis an Acht Rialtais Áitiúil (Truailliú Uisce), 1977.

An teicneolaíocht is fearr atá ar fáil agus nach ngabhann costais iomarcacha léi.

**5.—**(1) Faoi réir *fho-alt (3),* aon tagairt san Acht seo d'úsáid na teicneolaíochta is fearr atá ar fáil, agus nach ngabhann costais iomarcacha léi, chun astaíocht ó ghníomhaíocht a chosc nó a dhíchur, nó i gcás nach bhfuil sé sin indéanta, chun astaíocht ó ghníomhaíocht a theorannú, a mhaolú nó a laghdú, forléireofar í mar thagairt a chiallaíonn saoráidí a sholáthar agus a chothabháil, a úsáid, a oibriú agus a mhaoirsiú go cuí, arb iad na saoráidí is oiriúnaí iad chun na gcríoch, ag féachaint do na himthosca go léir.

(2) Chun críocha *fho-alt (1)*, tabharfar aird ar na nithe seo a leanas—

(*a*) i gcás gníomhaíochta seachas gníomhaíocht bhunaithe—

(i) staid reatha an eolais theicniúil,

(ii) na ceanglais a bhaineann le caomhnú comhshaoil, agus

(iii) feidhmiú beart chun na gcríoch sin, ar bearta iad nach mbaineann costais iomarcacha leo, ag féachaint don phriacal atá ar marthain, i dtuairim na Gníomhaireachta, nó, i ndáil le *halt 111*, i dtuairim aon údarás ceadúnúcháin eile, go dtarlóidh truailliú suntasach comhshaoil;

(*b*) in aon chás eile, i dteannta na nithe a shonraítear i *mír (a)*—

(i) cineál, méid agus éifeacht na hastaíochta lena mbaineann,

(ii) cineál agus aois na saoráidí láithreacha atá bainteach leis an ngníomhaíocht agus an tréimhse ar lena linn is dóigh go n-úsáidfear na saoráidí nó go leanfaidh siad i ngníomh, agus

(iii) na costais a thabhófaí i dtaca leis na saoráidí dá dtagraítear i *bhfomhír (ii)* a fheabhsú nó a ionadú i ndáil le staid eacnamaíoch gníomhaíochtaí den aicme lena mbaineann.

(3) (*a*) Féadfaidh an Ghníomhaireacht, ó am go ham de réir mar a éilíonn an ócáid, a shonrú cad í an teicneolaíocht is fearr atá ar fáil agus nach ngabhann costais iomarcacha léi chun cibé astaíochtaí a shonrófar a chosc, a theorannú, a mhaolú nó a laghdú, nó chun deireadh a chur leis, arb astaíochtaí iad ó ghníomhaíocht nó ó ghníomhaíochtaí d'aicme nó de thuairisc áirithe, agus tabharfar aird ar aon sonraíochtaí den sórt sin le linn an tAcht seo a riaradh.

(*b*) I gcás go sonraíonn an Ghníomhaireacht an teicneolaíocht is fearr atá ar fáil agus nach ngabhann costais iomarcacha léi i ndáil le hastaíocht ó ghníomhaíocht mar a fhoráiltear i *mír (a)*, scoirfidh treoir arna heisiúint faoi alt 5(3) den Acht um Thruailliú Aeir, 1987, ar treoir í a bhaineann leis an astaíocht sin, d'éifeacht a bheith léi i ndáil leis an astaíocht sin.

(4) Aon uair a eiseoidh an Ghníomhaireacht sonraíocht faoi *fho-alt (3)*, cuirfidh sí faoi deara a luaithe is féidir—

(*a*) cóip den tsonraíocht sin a chur chuig an Aire, chuig gach údarás áitiúil, chuig an mBord Pleanála agus chuig cibé comhlachtaí eile, más ann, a fhorordófar,

(*b*) fógra a fhoilsiú san *Iris Oifigiúil* á rá gur eisíodh an tsonraíocht, agus

(*c*) cóip den tsonraíocht a chur ar fáil do gach duine a dhéanann iarratas ar chóip den sórt sin ar cibé táille (más ann) a íoc a shocróidh an Ghníomhaireacht, ar táille í nach mó ná an costas réasúnach a bhaineann leis an gcóip a dhéanamh.

(5) Leasaítear leis seo alt 5 den Acht um Thruailliú Aeir, 1987 tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (4):

> "(4A) Ní eiseofar treoracha faoi fho-alt (3) i ndáil le gníomhaíocht chun críocha *an Achta fán nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, 1992*, nó i ndáil le haon phróiseas, forbairt nó oibríocht a mbeidh ordú déanta ina leith, ar ordú é a leanann de bheith i bhfeidhm, faoi *alt 95* den Acht sin.".

(6) San alt seo—

folaíonn "saoráidí" gléasra agus áitreabh;

folaíonn "astaíocht ó ghníomhaíocht" orgánach géinmhodhnaithe arna mhíniú in *alt 111* a scaoileadh amach;

folaíonn "gníomhaíocht" aon phróiseas nó gníomh lena ngabhann orgánach géinmhodhnaithe.

Rialacháin.

**6.—**(1) Féadfaidh an tAire rialacháin a dhéanamh lena bhforordaítear aon ní nó rud dá dtagraítear san Acht seo mar ní nó rud atá forordaithe nó le forordú nó i ndáil le haon ní dá dtagraítear san Acht seo mar ní is ábhar do rialacháin nó d'fhonn lánéifeacht a thabhairt don Acht seo.

(2) Féadfar, le rialacháin arna ndéanamh faoin Acht seo, forálacha éagsúla a dhéanamh i ndáil le limistéir éagsúla, imthosca éagsúla agus aicmí éagsúla cásanna.

(3) Gach rialachán a dhéanfar faoin Acht seo, leagfar é faoi bhráid gach Tí den Oireachtas a luaithe is féidir tar éis a dhéanta agus, má dhéanann ceachtar Teach acu sin, laistigh den lá is fiche a shuífidh an Teach sin tar éis an rialachán a leagan faoina bhráid, rún a rith ag neamhniú an rialacháin, beidh an rialachán ar neamhní dá réir sin, ach sin gan dochar do bhailíocht aon ní a rinneadh roimhe sin faoin rialachán sin.

**7.**—(1) Féadfaidh an tAire, le hordú, aon ordú a dhéanfaidh sé faoin Acht seo, seachas ordú faoi *alt 2*, *19(2)* nó *32(1)*, a chúlghairm nó a leasú. Orduithe.

(2) Féadfaidh an tAire, le hordú, tar éis dul i gcomhairle leis an nGníomhaireacht, an *Chéad Sceideal* nó an *Dara Sceideal* a chúlghairm nó a leasú.

(3) I gcás go mbeartaítear ordú a dhéanamh faoi *fho-alt (2)* nó faoi *alt 21(6)(a)*, *100*, *101* nó *102*, leagfar dréacht den ordú faoi bhráid gach Tí den Oireachtas agus ní dhéanfar an t-ordú go dtí go rithfidh gach Teach acu sin rún ag ceadú an dréachta.

(4) Gach ordú a dhéanfar faoin Acht seo, seachas ordú a dhéanfar faoi *fho-alt (2)* nó *(3)*, leagfar é faoi bhráid gach Tí den Oireachtas a luaithe is féidir tar éis a dhéanta.

**8.**—(1) Aon duine a sháraíonn aon fhoráil den Acht seo nó d'aon rialachán arna dhéanamh faoin Acht seo nó d'aon ordú arna dhéanamh faoin Acht seo nó d'aon fhógra arna sheirbheáil faoin Acht seo, beidh sé ciontach i gcion. Cionta.

(2) I gcás go ndéanann comhlacht corpraithe nó duine atá ag gníomhú thar ceann comhlachta chorpraithe cion faoin Acht seo agus go gcruthaítear go ndearnadh amhlaidh é le toiliú, le cúlcheadú nó le ceadú, nó gur éascaíodh é a dhéanamh le haon fhaillí ar thaobh, aon stiúrthóir, bainisteoir, rúnaí nó oifigeach eile de chuid an chomhlachta sin, beidh an duine sin ciontach i gcion freisin.

(3) San alt seo, aon tagairt do shárú forála, folaíonn sí, más cuí, tagairt do dhiúltú, nó do mhainneachtain, an fhoráil sin a chomhlíonadh.

**9.**—(1) Aon duine a bheidh ciontach i gcion faoin Acht seo, dlífear— Pionóis.

(*a*) ar é a chiontú go hachomair, fíneáil nach mó ná £1,000, nó príosúnacht ar feadh aon téarma nach faide ná dhá mhí dhéag nó, de rogha na cúirte, an fhíneáil sin agus an phríosúnacht sin araon, a chur air, nó

(*b*) ar é a chiontú ar díotáil, fíneáil nach mó ná £10,000,000 nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná deich mbliana nó, de rogha na cúirte, an fhíneáil sin agus an phríosúnacht sin araon, a chur air.

(2) Le linn di aon phionós a fhorchur faoi *fho-alt (1)*, tabharfaidh an chúirt aird, go háirithe, ar an bpriacal go ndéanfar damáiste don

comhshaol, nó ar mhéid an damáiste don chomhshaol, mar thoradh ar an ngníomh nó as an mainneachtain arb é nó í an cion é nó í.

(3) I gcás go leanfaidh duine, tar éis é a chiontú i gcion faoin Acht seo, den fhoráil a shárú, beidh sé ciontach i gcion ar gach lá a leanfar den sárú agus, maidir le gach cion den sórt sin, dlífear, ar é a chiontú go hachomair, fíneáil nach mó ná £200 nó, ar é a chiontú ar díotáil, fíneáil nach mó ná £100,000, a chur air.

Fíneálacha áirithe a íoc leis an nGníomhaireacht.

**10.**—I gcás go bhforchuireann cúirt fíneáil nó ina ndaingníonn sí nó ina n-athraíonn sí fíneáil a bheidh forchurtha ag cúirt eile i leith cion faoin Acht seo arna ionchúiseamh ag an nGníomhaireacht, déanfaidh sí, ar iarratas a fháil ón nGníomhaireacht (a bheidh déanta roimh an bhforchur, an dearbhú nó an athrú sin), a fhoráil le hordú go n-íocfar méid na fíneála leis an nGníomhaireacht agus féadfaidh an Ghníomhaireacht an íocaíocht sin a fhorfheidhmiú amhail is dá mba rud é go mbeadh sí dlite don Ghníomhaireacht ar scór foraithne nó ordú a dhéanann an chúirt in imeachtaí sibhialta.

Cionta a ionchúiseamh.

**11.**—(1) Féadfaidh an Ghníomhaireacht cion faoin Acht seo a ionchúiseamh go hachomair.

(2) D'ainneoin *fho-alt (1)*, féadfaidh an tAire a fhoráil, le rialacháin, go bhféadfaidh cibé duine (lena n-áirítear an tAire) a shonrófar sna rialacháin cion faoin Acht seo, a shonrófar amhlaidh, a ionchúiseamh go hachomair.

(3) D'ainneoin fhorálacha alt 10(4) den *Petty Sessions (Ireland) Act,* 1851, féadfar imeachtaí achoimre i leith cion faoin Acht seo a thosú—

(*a*) aon tráth laistigh de dhá mhí dhéag ón dáta a rinneadh an cion, nó

(*b*) aon tráth laistigh de shé mhí ón dáta a thagann fianaise ar iúl don duine a thionscnaíonn na himeachtaí, ar fianaise í is leor, i dtuairim an duine sin, chun gur ceart na himeachtaí a thionscnamh,

cibé acu is déanaí: ar choinníoll nach dtionscnófar aon imeachtaí den sórt sin tráth is déanaí ná cúig bliana ón dáta a rinneadh an cion lena mbaineann.

(4) Chun críocha an ailt seo, beidh deimhniú a bheidh sínithe ag an duine, nó thar ceann an duine, a thionscnaíonn na himeachtaí, ar deimhniú é i dtaobh an dáta a tháinig fianaise a bhaineann leis an gcion ar a iúl, ina fhianaise *prima facie* ar an méid sin agus, in aon imeachtaí dlíthiúla, measfar, maidir le doiciméad a airbheartaíonn gur deimhniú é a eisíodh chun críocha an fho-ailt seo agus a bheith sínithe amhlaidh, gur síníodh amhlaidh é agus glacfar leis i bhfianaise gan cruthúnas ar shíniú an duine a airbheartaíonn gurb é a shínigh an deimhniú, mura suífear a mhalairt.

Costas ionchúiseamh.

**12.**—I gcás go gciontaítear duine i gcion faoin Acht seo, ar cion é a rinneadh tar éis thosach feidhme an ailt seo, ordóidh an chúirt don duine, mura deimhin léi go bhfuil cúiseanna speisialta substaintiúla ann gan déanamh amhlaidh, na costais agus na caiteachais, arna dtomhas ag an gcúirt, a thabhaigh an Ghníomhaireacht i ndáil le himscrúdú, brath

agus ionchúiseamh an chiona, lena n-áirítear costais agus caiteachais a tabhaíodh maidir le samplaí a thógáil agus tástálacha, scrúduithe agus anailísí a dhéanamh agus i leith luach saothair agus caiteachais eile de chuid stiúrthóirí, fostaithe, sainchomhairleoirí agus comhairleoirí, a íoc leis an nGníomhaireacht.

Cumhachtaí duine údaraithe.

**13.—**(1) Beidh teideal ag duine údaraithe, chun aon chríoch a bhaineann leis an Acht seo, gach tráth réasúnach, dul isteach in aon áitreabh agus cibé daoine eile (lena n-áirítear comhaltaí den Gharda Síochána) nó trealamh is dóigh leis is gá chun na críche a thabhairt isteach leis.

(2) Faoi réir *fho-alt (6)*, ní ceadmhach do dhuine údaraithe, seachas le toiliú an áititheora, dul isteach i dteaghais phríobháideach mura mbeidh fógra 24 huaire an chloig ar a laghad, á rá go bhfuil sé beartaithe aige dul isteach, tugtha aige i scríbhinn d'áititheoir na teaghaise.

(3) Tabharfar deimhniú ar a cheapachán do gach duine údaraithe agus, nuair a bheidh aon chumhacht a thugtar dó leis an Acht seo, nó faoi, á feidhmiú aige, déanfaidh an duine údaraithe, má iarrann aon duine dá ndéanann sé difear air é, an deimhniú a thabhairt ar aird don duine sin.

(4) Aon uair a théann duine údaraithe isteach in aon áitreabh de bhun an ailt seo, féadfaidh sé san áitreabh sin—

(*a*) cibé pleananna a dhéanamh, cibé grianghraif a thógáil agus cibé iniúchtaí a dhéanamh,

(*b*) cibé tástálacha a dhéanamh agus cibé samplaí a thógáil,

(*c*) cibé faisnéis a éileamh ar áititheoir an áitribh nó ar aon duine atá fostaithe san áitreabh nó ar aon duine eile san áitreabh, nó

(*d*) cibé gléasra, feithiclí, taifid agus doiciméid a iniúchadh,

is dóigh leis is gá, ag féachaint do na himthosca go léir, chun críocha an Achta seo, agus le linn dó aon chumhacht a thugtar dó leis an Acht seo nó faoi a fheidhmiú.

(5) Aon duine—

(*a*) a dhiúltaíonn ligean do dhuine údaraithe dul isteach in aon áitreabh nó aon duine nó aon trealamh a thabhairt leis i bhfeidhmiú a chumhachtaí faoin alt seo,

(*b*) a chuireann bac nó treampán ar dhuine údaraithe le linn dó aon cheann de na cumhachtaí a thugtar dó leis an alt seo a fheidhmiú,

(*c*) a dhéanann faisnéis atá bréagach nó míthreorach i bponc ábhartha a thabhairt do dhuine údaraithe nó don Ghníomhaireacht, nó

(*d*) a mhainníonn nó a dhiúltaíonn aon cheanglas de chuid an ailt seo a chomhlíonadh,

beidh sé ciontach i gcion.

(6) I gcás go gcoisctear ar dhuine údaraithe, le linn dó a chumhachtaí faoin alt seo a chomhlíonadh, dul isteach in aon áitreabh, nó i gcás go

bhfuil cúis aige lena chreidiúint go bhféadfadh sé go ndéanfar fianaise a bhaineann le cion amhrasta faoin Acht seo a thabhairt chun siúil nó a dhíothú, féadfaidh an duine údaraithe nó an duine a cheap é iarratas a dhéanamh chun na Cúirte Dúiche ar bharántas lena n-údaraítear an dul isteach sin.

(7) Féadfaidh an tAire rialacháin a dhéanamh chun críocha an ailt seo.

(8) Gan dochar do ghinearáltacht *fho-alt (7)*, féadfaidh rialacháin faoin alt seo foráil a dhéanamh le haghaidh gach ceann nó aon cheann de na nithe seo a leanas—

(*a*) samplaí a thógáil agus tástálacha, scrúduithe agus anailísí a dhéanamh,

(*b*) na haicmí daoine a bheidh freagrach as tógáil na samplaí sin agus as déanamh na dtástálacha, na scrúduithe agus na n-anailísí sin a shonrú, nó

(*c*) an deimhniú nó an fhianaise eile a bheidh le tabhairt i dtaobh thoradh aon tástáil, scrúdú nó anailís den sórt sin, agus an aicme nó na haicmí daoine a thabharfaidh an deimhniú nó an fhianaise sin, a shonrú.

(9) Maidir le haon deimhniú nó fianaise eile a bheidh tugtha nó a bheidh le tabhairt i leith aon tástáil, scrúdú nó anailís a bhforordaítear í nó é a dhéanamh ar aon sampla, beidh an deimhniú nó an fhianaise eile sin ina fhianaise nó ina fianaise i ndáil leis an sampla sin, gan aon chruthúnas breise ar thoradh na tástála, an scrúdaithe nó na hanailíse, mura suífear a mhalairt.

Fógraí a sheirbheáil.

**14.—**(1) Aon fhógra a gceanglaítear, leis an Acht seo nó faoin Acht seo, é a sheirbheáil nó a thabhairt, díreofar é chuig an duine lena mbaineann agus seirbheálfar air é nó tabharfar dó é ar cheann de na slite seo a leanas—

(*a*) trína dhíriú chuige faoina ainm agus trína sheachadadh air,

(*b*) trína fhágáil ag an seoladh ag a bhfuil gnáthchónaí air,

(*c*) trína chur leis an bpost i litir chláraithe réamhíoctha arna díriú chuige ag an seoladh ag a bhfuil gnáthchónaí air,

(*d*) más rud é go mbeidh seoladh le haghaidh seirbheáil fógraí tugtha aige, trína fhágáil ag an seoladh sin nó trína chur leis an bpost cláraithe réamhíoctha, agus é dírithe chuige, chuig an seoladh sin, nó

(*e*) i gcás nach féidir an seoladh ag a bhfuil gnáthchónaí air a fhionnadh trí fhiosrú réasúnach agus go gceanglaítear fógra a sheirbheáil air, nó a thabhairt dó, i leith aon áitreabh, próiseas, oibreacha nó forbairt, trína sheachadadh ar dhuine atá os cionn 16 bliana d'aois agus atá fostaithe nó a chónaíonn san áitreabh nó trína ghreamú in áit fheiceálach san áitreabh, sa phróiseas, sna hoibreacha nó san fhorbairt, nó gar dó, di nó dóibh.

(2) I gcás nach féidir ainm an duine lena mbaineann a fhionnadh trí fhiosrú réasúnach, féadfar fógra faoin Acht seo a dhíriú chuig "an t-áititheoir", "an t-úinéir" nó "an duine atá i gceannas", de réir mar a bheidh.

(3) Chun críocha an ailt seo, measfar gnáthchónaí a bheith ar chuideachta atá cláraithe faoi Achtanna na gCuideachtaí, 1963 go 1990 ina hoifig chláraithe, agus measfar gnáthchónaí a bheith ar gach comhlacht corpraithe eile agus ar gach comhlacht neamhchorpraithe ag a phríomhoifig nó ag a phríomháit ghnó.

(4) Ní dhéanfaidh duine aon tráth le linn na tréimhse trí mhí tar éis fógra a ghreamú faoi *fho-alt (1)(e)* an fógra a thabhairt chun siúil, a dhamáistiú nó a aghlot gan údarás dleathach.

Díolúine na Gníomhaireachta.

**15.**—Ní bheidh aon ábhar caingne ná ábhar imeachtaí eile ann ná ní bheidh siad inchothaithe in aghaidh na Gníomhaireachta nó aon chomhlacht dá dtagraítear in *alt 44* nó *45* chun damáistí a ghnóthú i leith aon díobháil do dhaoine, i leith damáiste do mhaoin nó i leith caillteanas eile a líomhnaítear gurb é ba chúis nó ba chionchúis léi nó leis ná mainneachtain aon cheann ar leith de na feidhmeanna a thugtar don Ghníomhaireacht sin nó don chomhlacht sin a chomhlíonadh nó déanamh de réir aon cheann ar leith díobh.

An tArd-Stiúrthóir, stiúrthóirí agus daoine eile a shlánú.

**16.**—I gcás gur deimhin leis an nGníomhaireacht go ndearna an tArd-Stiúrthóir, nó stiúrthóir nó duine údaraithe eile arna cheapadh ag an nGníomhaireacht, nó aon fhostaí eile de chuid na Gníomhaireachta, a dhualgais a chomhall ar mhodh *bona fide* i ndáil leis na forálacha reachtúla iomchuí a fhorfheidhmiú, slánóidh sí an tArd-Stiúrthóir nó an stiúrthóir eile nó an duine údaraithe eile de chuid na Gníomhaireachta nó aon fhostaí eile de chuid na Gníomhaireachta, in aghaidh gach caingne nó éilimh, is cuma conas a eascraíonn siad, i leith chomhall a dhualgas aige.

Caiteachais an Aire.

**17.**—Déanfar na caiteachais a thabhóidh an tAire ag riaradh an Achta seo a íoc, a mhéid a cheadóidh an tAire Airgeadais é, as airgead a sholáthróidh an tOireachtas.

Leasú ar Acht 1963 agus ar an Acht um Thruailliú Aeir, 1987.

**18.**—(1) Aisghairtear leis seo alt 51 d'Acht 1963.

(2) Leasaítear leis seo an tAcht um Thruailliú Aeir, 1987 de réir a fhoráiltear sa Tríú Sceideal.

## CUID II

### AN GHNÍOMHAIREACHT UM CHAOMHNÚ COMHSHAOIL

An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil a bhunú.

**19.**—(1) Beidh comhlacht ann ar a dtabharfar an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil nó, sa Bhéarla, *the Environmental Protection Agency* (dá ngairtear an Ghníomhaireacht san Acht seo) chun na feidhmeanna a shanntar dó leis an Acht seo nó faoi a chomhlíonadh.

(2) Beidh an Ghníomhaireacht arna bunú cibé lá a cheapfaidh an tAire le hordú.

(3) Is é a bheidh sa Ghníomhaireacht Ard-Stiúrthóir agus ceathrar stiúrthóirí eile.

An Ghníomhaireacht a chorprú.

**20.—**(1) Beidh an Ghníomhaireacht ina comhlacht corpraithe agus comharbas suthain agus séala aici agus beidh cumhacht agartha aici agus beidh sí inagartha faoina hainm corpraithe agus beidh cumhacht aici talamh a fháil, a shealbhú agus a dhiúscairt.

(2) Soláthróidh an Ghníomhaireacht séala di féin.

(3) Fíordheimhneofar séala na Gníomhaireachta le síniú an Ard-Stiúrthóra nó le síniú stiúrthóra éigin eile nó le síniú duine is fostaí de chuid na Gníomhaireachta nó is duine a mbaineann an Ghníomhaireacht leas as a sheirbhísí, nó a soláthraítear a sheirbhísí don Ghníomhaireacht, faoi *alt 44*, agus is duine atá údaraithe ag an nGníomhaireacht chun gníomhú chuige sin.

(4) Tabharfar aird bhreithiúnach ar shéala na Gníomhaireachta agus, maidir le gach doiciméad a airbheartaíonn gur ionstraim é a rinne an Ghníomhaireacht agus a bheith séalaithe le séala (a airbheartaíonn a bheith fíordheimhnithe de réir *fho-alt (3)*) na Gníomhaireachta, glacfar i bhfianaise é agus measfar gurb é an ionstraim sin é gan chruthúnas, mura suífear a mhalairt.

An tArd-Stiúrthóir.

**21.—**(1) An Rialtas a cheapfaidh an tArd-Stiúrthóir.

(2) Bunófar coiste ar a mbeidh—

(*a*) Rúnaí an Rialtais,

(*b*) Rúnaí na Roinne Comhshaoil,

(*c*) Cathaoirleach Chomhairle an Taisce,

(*d*) Stiúrthóir Bainistíochta an Údaráis Forbartha Tionscail,

(*e*) Ard-Rúnaí Chomhar Ceardchumann na hÉireann,

(*f*) Príomhfheidhmeannach na Comhairle um Stádas na mBan.

(3) I gcás go ndéanann an tAire iarraidh faoi *fho-alt (7), (9)* nó *(10)* nó faoi *alt 24* agus—

(*a*) go gcuireann aon duine de na daoine réamhráite in iúl aon tráth nach mian leis nó nach féidir leis gníomhú ar feadh aon tréimhse mar chomhalta den choiste, nó

(*b*) nach bhfuil aon duine ar leith de na daoine réamhráite in ann gníomhú amhlaidh ar feadh aon tréimhse mar gheall ar easláinte nó ar chúis éigin eile,

féadfaidh an tAire—

(i) i gcás Rúnaí an Rialtais, oifigeach éigin eile don Taoiseach ar státseirbhíseach bunaithe é chun críocha Acht Rialuithe na Stát-Sheirbhíse, 1956,

(ii) i gcás Rúnaí na Roinne Comhshaoil, oifigeach éigin eile don Aire Comhshaoil, ar státseirbhíseach bunaithe é chun críocha Acht Rialuithe na Stát-Sheirbhíse, 1956,

(iii) in aon chás eile, duine éigin eile ón eagraíocht nó ón gcomhlacht dá dtagraítear i *fho-alt (2)* agus lena mbaineann an duine dá dtagraítear i mír (*a*) nó (*b*),

a cheapadh chun bheith ina chomhalta den choiste ina ionad agus leanfaidh an duine sin de bheith ina chomhalta den choiste go dtí cibé tráth a dhéanfaidh an coiste an roghnú de bhun na hiarrata.

(4) I gcás go ndéanfaidh an tAire iarraidh faoi *fho-alt (7), (9)* nó *(10)* nó faoi *alt 24* agus gurb amhlaidh, tráth déanta na hiarrata, go bhfuil aon cheann ar leith de na hoifigí a shonraítear i *bhfo-alt (2)* folamh, féadfaidh an tAire duine a cheapadh chun bheith ina chomhalta den choiste agus leanfaidh an duine sin de bheith ina chomhalta den choiste go dtí cibé tráth a dhéanfaidh an coiste an roghnú de bhun na hiarrata.

(5) I gcás go gceapann an tAire duine chun bheith ina chomhalta den choiste de bhun *fho-alt (3)* nó *(4)*, cuirfidh sé faoi deara, a luaithe is féidir, fógra faoin gceapachán a fhoilsiú san Iris Oifigiúil.

(6) (*a*) Féadfaidh an tAire, le hordú, *fo-alt (2)* a leasú.

(*b*) I gcás go bhfuil ordú faoin bhfo-alt seo i bhfeidhm de thuras na huaire, forléireofar *fo-alt (2)* agus beidh éifeacht leis faoi réir théarmaí an ordaithe.

(7) (*a*) Déanfaidh an coiste, aon uair a iarrann an tAire air amhlaidh, triúr iarrthóirí a roghnú, nó, i gcás gurb é tuairim an choiste nach bhfuil líon leordhóthanach iarratasóirí oiriúnacha ann, cibé líon iarrthóirí is lú ná sin a chinnfidh an coiste, a roghnú lena gceapadh mar Ard-Stiúrthóir agus cuirfidh sé ainmneacha na n-iarrthóirí nó, de réir mar is cuí, ainm an iarrthóra, a bheidh roghnaithe in iúl don Aire.

(*b*) Le linn don Choiste iarrthóirí a roghnú, tabharfaidh sé aird ar an eolas agus ar an taithí speisialta agus ar cháilíochtaí eile, lena n-áirítear aon cháilíochtaí a shonróidh an tAire le hordú, nó ar thréithe pearsanta, a mheasann an coiste is cuí chun a chumasú do dhuine feidhmeanna an Ard-Stiúrthóra a chomhlíonadh go héifeachtach.

(8) Ach amháin i gcás athcheapachán faoi *fho-alt (13)* , ní cheapfaidh an Rialtas duine chun bheith ina Ard-Stiúrthóir mura rud é go raibh an duine sin i measc na n-iarrthóirí nó, de réir mar a bheidh, gurb é an duine sin an t-iarrthóir, a roghnaigh an coiste de bhun iarraidh faoi *fho-alt (7)* i ndáil leis an gceapachán sin.

(9) D'ainneoin *fho-alt (7)* nó *(8)*, má thugann an Rialtas breith gan aon duine de na hiarrthóirí nó, de réir mar a bheidh, gan an t-iarrthóir a roghnaigh an coiste de bhun iarraidh ar leith a cheapadh chun bheith ina Ard-Stiúrthóir—

(*a*) déanfaidh an Rialtas duine a bhí i measc na n-iarrthóirí nó, de réir mar a bheidh, arbh é an t-iarrthóir é, a roghnaigh an coiste de bhun iarrata roimhe sin (más ann) i ndáil leis an gceapachán sin a cheapadh chun bheith ina Ard-Stiúrthóir, nó

(*b*) déanfaidh an tAire iarraidh eile den sórt sin chun an choiste agus ceapfaidh an Rialtas duine chun bheith ina Ard-

Stiúrthóir ar duine é a bhí i measc na n-iarrthóirí nó, de réir mar a bheidh, arbh é an t-iarrthóir é, a roghnaigh an coiste de bhun na hiarrata sin nó de bhun iarraidh eile den sórt sin arna déanamh i ndáil leis an gceapachán sin.

(10) D'ainneoin *fho-alt (7)* nó *(8)*, más rud é nach bhfuil an coiste in ann aon iarrthóir oiriúnach a roghnú de bhun iarraidh ar leith—

(*a*) ceapfaidh an Rialtas duine chun bheith ina Ard-Stiúrthóir ar duine é a bhí i measc na n-iarrthóirí nó, de réir mar a bheidh, arbh é an t-iarrthóir é, a roghnaigh an coiste de bhun iarraidh roimhe sin (más ann) i ndáil leis an gceapachán sin, nó

(*b*) déanfaidh an tAire iarraidh eile den sórt sin chun an choiste agus déanfaidh an Rialtas duine a bhí i measc na n-iarrthóirí nó, de réir mar a bheidh, arbh é an t-iarrthóir é, a roghnaigh an coiste de bhun na hiarrata sin nó de bhun iarraidh eile den sórt sin arna déanamh i ndáil leis an gceapachán sin a cheapadh chun bheith ina Ard-Stiúrthóir.

(11) Féadfaidh an tAire rialacháin a dhéanamh maidir leis na nithe seo a leanas—

(*a*) fógra a fhoilsiú á rá go bhfuair an coiste iarraidh faoi *fho-alt (7), (9)* nó *(10)*,

(*b*) iarratais ar roghnú,

(*c*) aon ní eile a mheasfaidh an tAire a bheith fóirsteanach chun críocha an ailt seo.

(12) Ceapfar an tArd-Stiúrthóir i gcáil lánaimseartha agus ní shealbhóidh sé, aon tráth i gcaitheamh a théarma oifige, aon oifig nó fostaíocht eile a bhfuil díolaíochtaí iníoctha ina leith.

(13) Faoi réir fhorálacha an ailt seo—

(*a*) seacht mbliana a bheidh i dtéarma oifige an Ard-Stiúrthóra,

(*b*) féadfaidh an Rialtas an tArd-Stiúrthóir a athcheapadh i gcomhair dara téarma oifige nó i gcomhair téarma oifige iardain seacht mbliana nó níos lú más rud é, tráth a athcheaptha, gurb é an tArd-Stiúrthóir é atá ag dul as oifig.

(14) (*a*) Féadfaidh an tArd-Stiúrthóir éirí as a oifig trí litir a bheidh dírithe chuig an Aire.

(*b*) Fágfaidh an tArd-Stiúrthóir oifig an Ard-Stiúrthóra ar chúig bliana is seasca d'aois a shlánú.

(15) (*a*) Déanfar cibé luach saothair a chinnfidh an tAire, le toiliú an Aire Airgeadais, a íoc leis an Ard-Stiúrthóir as airgead a bheidh faoina réir ag an nGníomhaireacht.

(*b*) Faoi réir fhorálacha an ailt seo, beidh an tArd-Stiúrthóir i seilbh oifige ar cibé téarmaí agus coinníollacha (lena n-áirítear téarmaí a bhaineann le liúntais le haghaidh caiteachas) a chinnfidh an tAire, le toiliú an Aire Airgeadais.

(16) Féadfaidh an Rialtas an tArd-Stiúrthóir a chur as oifig más é tuairim an Rialtais go bhfuil sé tagtha chun bheith éagumasach de dheasca easláinte ar a dhualgais a chomhlíonadh go héifeachtach, nó mar gheall ar mhí-iompar sonraithe, nó más dealraitheach don Rialtas gur gá nó gurb inmhianaithe é a chur as oifig chun go gcomhlíonfaidh an Ghníomhaireacht a cuid feidhmeanna go héifeachtach agus, i gcás go gcuirtear an t-Ard-Stiúrthóir as oifig faoin bhfo-alt seo, cuirfidh an Rialtas faoi deara ráiteas i scríbhinn i dtaobh na gcúiseanna a bhí lena chur as oifig a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas.

An Leas-Ard-Stiúrthóir.

**22.**—(1) Ceapfaidh an Ghníomhaireacht duine as measc na stiúrthóirí chun bheith ina Leas-Ard-Stiúrthóir ar an nGníomhaireacht agus mairfidh an ceapachán sin go ceann cibé tréimhse, nach faide ná téarma reatha a oifige mar stiúrthóir, a bheidh sonraithe sa cheapachán.

(2) Más rud é, aon tráth, go scoireann an Leas-Ard-Stiúrthóir de bheith ina stiúrthóir, scoirfidh sé freisin de bheith ina Leas-Ard-Stiúrthóir.

(3) Féadfar cibé luach saothair breise (más ann) a chinnfidh an tAire, le toiliú an Aire Airgeadais, a íoc leis an Leas-Ard-Stiúrthóir, i dteannta a luach saothair mar stiúrthóir.

(4) Féadfaidh an Leas-Ard-Stiúrthóir éirí as a oifig trí litir a bheidh dírithe chuig an nGníomhaireacht.

Feidhmeanna ginearálta an Ard-Stiúrthóra agus an Leas-Ard- Stiúrthóra.

**23.**—Is í feidhm an Ard-Stiúrthóra nó, i gcás nach bhfuil sé ar fáil nó i gcás go bhfuil oifig an Ard-Stiúrthóra folamh, is í feidhm an Leas-Ard-Stiúrthóra—

(*a*) a chinntiú go ndéantar gnó na Gníomhaireachta a chur i gcrích go héifeachtúil, agus

(*b*) a shocrú go ndéantar gnó na Gníomhaireachta a dháileadh ar a stiúrthóirí.

Stiúrthóirí.

**24.**—(1) An Rialtas a cheapfaidh stiúrthóirí na Gníomhaireachta.

(2) Féadfaidh an tAire, tar éis comhairle a ghlacadh leis an Ard-Stiúrthóir (i gcás go bhfuil Ard-Stiúrthóir in oifig), nó leis an Leas-Ard-Stiúrthóir (i gcás go bhfuil Leas-Ard-Stiúrthóir in oifig) mura bhfuil aon Ard-Stiúrthóir in oifig, cáilíochtaí a shonrú le hordú le haghaidh na bpost go léir, nó le haghaidh aon phost ar leith, mar stiúrthóir.

(3) (a) I gcás go bhfuil stiúrthóir le ceapadh de bhun *fho-alt (1)*, déanfaidh an coiste dá bhforáiltear in *alt 21*, aon uair a iarrann an tAire air amhlaidh, triúr iarrthóirí nó, i gcás gurb é tuairim an choiste nach bhfuil líon leordhóthanach iarratasóirí oiriúnacha ar fáil, cibé líon iarrthóirí is lú ná sin a chinnfidh an coiste, a roghnú lena gceapadh mar stiúrthóir agus cuirfidh sé ainmneacha na n-iarrthóirí, nó de réir mar is cuí, ainm an iarrthóra, a bheidh roghnaithe in iúl don Aire.

(*b*) Le linn don Choiste iarrthóirí a roghnú, tabharfaidh sé aird ar an eolas agus ar an taithí speisialta, lena n-áirítear taithí iomchuí ar nithe a bhaineann leis an gcomhshaol, agus ar ar cháilíochtaí eile, lena n-áirítear aon cháilíochtaí a shonróidh an tAire le hordú, nó ar thréithe pearsanta a mheasann an coiste

is cuí chun a chumasú do dhuine feidhmeanna an stiúrthóra a chomhlíonadh go héifeachtach.

(4) Ach amháin i gcás athcheapachán faoi *fho-alt (9)*, ní cheapfaidh an Rialtas duine chun bheith ina stiúrthóir mura rud é go raibh an duine sin i measc na n-iarrthóirí nó, de réir mar a bheidh, gurbh é an duine sin an t-iarrthóir, a roghnaigh an coiste, de bhun iarraidh faoi *fho-alt (3)* i ndáil leis an gceapachán sin.

(5) D'ainneoin *fho-alt (3)* nó *(4)*, má thugann an Rialtas breith gan aon duine de na hiarrthóirí nó, de réir mar a bheidh, gan an t-iarrthóir, a roghnaigh an coiste de bhun iarraidh ar leith a cheapadh chun bheith ina stiúrthóir—

(*a*) déanfaidh an Rialtas duine a bhí i measc na n-iarrthóirí nó, de réir mar a bheidh, arbh é an t-iarrthóir é, a roghnaigh an coiste de bhun iarraidh roimhe sin (más ann) i ndáil leis an gceapachán sin a cheapadh chun bheith ina stiúrthóir, nó

(*b*) déanfaidh an tAire iarraidh eile den sórt sin chun an choiste agus ceapfaidh an Rialtas duine a bhí i measc na n-iarrthóirí nó, de réir mar a bheidh, arbh é an t-iarrthóir é, a roghnaigh an coiste de bhun na hiarrata sin nó de bhun iarraidh eile den sórt sin arna déanamh i ndáil leis an gceapachán sin chun bheith ina stiúrthóir.

(6) D'ainneoin *fho-alt (3)* nó *(4)*, más rud é nach bhfuil an Coiste in ann aon iarrthóir oiriúnach a roghnú de bhun iarraidh ar leith—

(*a*) déanfaidh an Rialtas duine a bhí i measc na n-iarrthóirí nó, de réir mar a bheidh, arbh é an t-iarrthóir é, a roghnaigh an coiste de bhun iarraidh roimhe sin (más ann) i ndáil leis an gceapachán sin a cheapadh chun bheith ina stiúrthóir, nó

(*b*) déanfaidh an tAire iarraidh eile den sórt sin chun an choiste agus déanfaidh an Rialtas duine a bhí i measc na n-iarrthóirí nó, de réir mar a bheidh, arbh é an t-iarrthóir é, a roghnaigh an coiste de bhun na hiarrata sin nó de bhun iarraidh eile den sórt sin arna déanamh i ndáil leis an gceapachán sin chun bheith ina stiúrthóir.

(7) Féadfaidh an tAire rialacháin a dhéanamh maidir leis na nithe seo a leanas—

(*a*) fógra a fhoilsiú á rá go bhfuair an coiste iarraidh faoi *fho-alt (3)* nó *(5)*,

(*b*) iarratais ar roghnú,

(*c*) aon ní eile a mheasfaidh an tAire a bheith fóirsteanach chun críocha an ailt seo.

(8) Ceapfar gach stiúrthóir i gcáil lánaimseartha agus ní shealbhóidh sé, aon tráth i gcaitheamh a théarma oifige, aon oifig nó fostaíocht eile a bhfuil díolaíochtaí iníoctha ina leith.

(9) Faoi réir fhorálacha an ailt seo—

(*a*) beidh stiúrthóir i seilbh oifige ar feadh cibé téarma (nach faide ná cúig bliana) a shonróidh an Rialtas nuair a bheidh sé á cheapadh acu,

(*b*) féadfaidh an Rialtas stiúrthóir a athcheapadh i gcomhair dara téarma oifige nó i gcomhair téarma oifige iardain ar feadh cúig bliana nó níos lú más rud é, tráth a athcheaptha, gur stiúrthóir é atá ag dul as oifig.

(10) (*a*) Féadfaidh stiúrthóir éirí as a oifig trí litir a bheidh dírithe chuig an Aire.

(*b*) Fágfaidh stiúrthóir a oifig mar stiúrthóir ar chúig bliana is seasca d'aois a shlánú.

(11) (*a*) Déanfar cibé luach saothair a chinnfidh an tAire, le toiliú an Aire Airgeadais, a íoc le Stiúrthóir as airgead a bheidh faoina réir ag an nGníomhaireacht.

(*b*) Faoi réir fhorálacha an ailt seo, beidh gach stiúrthóir i seilbh oifige ar cibé téarmaí agus coinníollacha (lena n-áirítear téarmaí a bhaineann le liúntais le haghaidh caiteachas) a chinnfidh an tAire, le toiliú an Aire Airgeadais.

(12) Féadfaidh an Rialtas stiúrthóir a chur as oifig más é a dtuairim go bhfuil sé tagtha chun bheith éagumasach de dheasca easláinte ar a dhualgais a chomhlíonadh go héifeachtach, nó mar gheall ar mhí-iompar sonraithe, nó más dealraitheach don Rialtas gur gá nó gurb inmhianaithe é a chur as oifig chun go gcomhlíonfaidh an Ghníomhaireacht a cuid feidhmeanna go héifeachtach agus, i gcás go gcuirtear stiúrthóir as oifig faoin bhfo-alt seo, cuirfidh an Rialtas faoi deara ráiteas i scríbhinn i dtaobh na gcúiseanna a bhí lena chur as oifig a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas.

Cruinnithe agus nós imeachta na Gníomhaireachta.

**25.—**(1) Tionólfaidh an Ghníomhaireacht cibé cruinnithe agus cibé líon cruinnithe is gá chun a feidhmeanna a chomhlíonadh.

(2) Beidh vóta amháin ag an Ard-Stiúrthóir agus ag gach stiúrthóir ag cruinniú den Gníomhaireacht.

(3) Ag cruinniú den Ghníomhaireacht—

(*a*) is é an tArd-Stiúrthóir, má tá sé i láthair, a bheidh i gceannas ar an gcruinniú,

(*b*) mura bhfuil, agus fad nach bhfuil, an tArd-Stiúrthóir i láthair, nó más rud é go bhfuil oifig an Ard-Stiúrthóra folamh, is é an Leas-Ard-Stiúrthóir, má tá sé i láthair, a bheidh i gceannas ar an gcruinniú,

(*c*) in aon chás eile, roghnóidh na stiúrthóirí atá i láthair duine dá líon chun bheith i gceannas ar an gcruinniú.

(4) Cinnfear gach ceist ag cruinniú den Ghníomhaireacht le tromlach vótaí na stiúrthóirí a bheidh i láthair agus, i gcás i gcás na vótaí a bheith roinnte go cothrom agus go bhfuil níos mó ná beirt stiúrthóirí i láthair, beidh vóta réitigh ag an duine atá i gceannas ar an gcruinniú.

(5) Faoi réir cheanglais an Achta seo agus aon rialacháin arna ndéanamh faoi, déanfaidh an Ghníomhaireacht a nós imeachta agus a gnó féin a rialáil.

(6) (*a*) Faoi réir *mhír (b)*, féadfaidh an Ghníomhaireacht aon cheann dá feidhmeanna a chomhlíonadh nó a fheidhmiú trí aon stiúrthóir de chuid na Gníomhaireachta nó trí aon duine no comhlacht eile atá, i gceachtar cás, údaraithe go cuí ag an nGníomhaireacht chuige sin.

(*b*) Ní fhorléireofar *mír (a)* mar mhír lena gcumasaítear don Ghníomhaireacht a údarú do dhuine nach stiúrthóir de chuid na Gníomhaireachta é breith a chinneadh go críochnaitheach i dtaobh ceadúnas nó ceadúnas athleasaithe a dheonú, cibé acu i dteannta nó d'éagmais coinníollacha, nó a dhiúltú, nó i dtaobh aon ní forordaithe.

Córam na Gníomhaireachta, folúntais, etc.

**26.**—(1) Beirt ar a laghad is córam do chruinniú den Ghníomhaireacht.

(2) Faoi réir *fho-alt (1)*, féadfaidh an Ghníomhaireacht gníomhú d'ainneoin folúntas nó folúntais a bheith in oifig an Ard-Stiúrthóra nó i measc na stiúrthóirí.

(3) I gcás go dtarlaíonn folúntas in oifig an Ard-Stiúrthóra, nó i measc na stiúrthóirí, déanfaidh an tAire bearta, a luaithe is féidir, chun an folúntas a líonadh.

(4) (*a*) I gcás, mar gheall ar an Ard-Stiúrthóir, nó stiúrthóir, a bheith breoite, nó ar aon chúis eile, nach bhfuil líon leordhóthanach stiúrthóirí den Ghníomhaireacht ar fáil lena chumasú don Ghníomhaireacht a feidhmeanna a chomhlíonadh go héifeachtach, féadfaidh an tAire, mar bheart idirlinne, duine amháin nó níos mó a cheapadh as measc na n-oifigeach don Aire ar státseirbhísigh bhunaithe iad chun críocha Acht Rialuithe na Stát-Sheirbhíse, 1956, chun bheith ina stiúrthóir agus, más gá, duine a cheapadh chun bheith ina Leas-Ard-Stiúrthóir.

(*b*) Ní cheapfar duine chun bheith ina stiúrthóir nó ina Leas-Ard-Stiúrthóir faoin bhfo-alt seo le haghaidh téarma is faide ná sé mhí agus ní fhéadfar é a athcheapadh níos mó ná trí huaire.

Coiste Comhairleach.

**27.**—(1) Beidh coiste ann (dá ngairtear an Coiste Comhairleach anseo ina dhiaidh seo) chun na feidhmeanna a shanntar dó leis an Acht seo nó faoi a chomhlíonadh.

(2) Faoi réir *fho-alt (11)*, is é dáréag an líon comhaltaí a bheidh ar an gCoiste Comhairleach.

(3) (*a*) Beidh an tArd-Stiúrthóir, nó an Leas-Ard-Stiúrthóir mura bhfuil agus fad nach bhfuil an tArd-Stiúrthóir i láthair nó má tá oifig an Ard-Stiúrthóra folamh, ina chomhalta den Choiste Comhairleach, *ex officio*, agus beidh sé i gceannas ar chruinnithe den Choiste Comhairleach.

(*b*) I gcás oifigí an Ard-Stiúrthóra agus an Leas-Ard-Stiúrthóra a bheith folamh, ainmneoidh an tAire duine amháin de na stiúrthóirí eile de chuid na Gníomhaireachta chun bheith ina chomhalta den Choiste Comhairleach agus chun bheith i gceannas ar a chruinnithe go dtí go gceaptar an tArd-Stiúrthóir nó an Leas-Ard-Stiúrthóir.

(4) Beidh na stiúrthóirí seachas an tArd-Stiúrthóir i dteideal freastal ar chruinnithe den Choiste Comhairleach agus éisteacht a fháil ag na cruinnithe sin ach ní bheidh siad i dteideal vótáil lena linn.

(5) Féadfaidh an tAire na heagraíochtaí seo a leanas a fhorordú chun críocha *fho-alt (6)*—

(*a*) eagraíochtaí atá ionadaitheach, ina thuairim, do dhaoine a mbaineann a ngairmeacha nó a slite beatha le caomhnú comhshaoil,

(*b*) eagraíochtaí a bhfuil baint acu, ina thuairim, le caomhnú comhshaoil,

(*c*) eagraíochtaí a bhfuil baint acu, ina thuairim, le forbairt eacnamaíochta nó forbairt eile a chur chun cinn,

(*d*) eagraíochtaí a bhfuil baint acu, ina thuairim, le leasanna sóisialacha, eacnamaíochta nó ginearálta a chur chun cinn a mhéid a bhaineann leis an bpobal,

(*e*) eagraíochtaí atá ionadaitheach, ina thuairim, do dhaoine a bhfuil baint acu le hoideachas nó taighde comhshaoil.

(6) Déanfaidh an tAire comhaltaí an Choiste Chomhairligh a cheapadh mar a leanas—

(*a*) ceapfar duine amháin ar a laghad amhlaidh as measc daoine a bheidh roghnaithe ag na heagraíochtaí atá arna bhforordú de thuras na huaire faoi mhír ar leith *d'fho-alt (5)*, ach sin faoi réir seachtar a cheapadh san iomlán,

(*b*) ceapfaidh an tAire ceathrar comhaltaí eile.

(7) Déanfaidh na heagraíochtaí a fhorordaítear faoi mhír ar leith *d'fho-alt (5)*, aon uair a iarrann an tAire orthu amhlaidh, cibé líon iarrthóirí (nach lú ná ceathrar) a shonróidh an tAire a roghnú lena gceapadh agus cuirfidh siad ainmneacha na n-iarrthóirí a bheidh roghnaithe in iúl don Aire.

(8) Ach amháin i gcás ceapachán de bhun *fho-alt (6)(b)* agus faoi réir *fho-alt (10)*, ní cheapfaidh an tAire duine chun bheith ina chomhalta den Choiste Comhairleach mura raibh an duine i measc na ndaoine sin a roghnaíodh de bhun iarraidh faoi *fho-alt (7)* i ndáil leis an gceapachán sin.

(9) D'ainneoin *fho-alt (7)* nó *(8)*—

(*a*) má dhiúltaíonn nó má mhainníonn na heagraíochtaí cuí a fhorordaítear faoi mhír ar leith *d'fho-alt (5)* aon iarrthóir a roghnú de bhun iarraidh ar leith faoi *fho-alt (7)*, nó

(*b*) má thugann an tAire breith gan aon duine de na hiarrthóirí a roghnaigh na heagraíochtaí sin de bhun na hiarrata a cheapadh mar chomhalta,

ansin—

(i) déanfaidh an tAire duine a bhí i measc na ndaoine sin a roghnaigh na heagraíochtaí sin de bhun iarraidh roimhe sin (más ann) faoin bhfo-alt sin i ndáil leis an gceapachán sin a cheapadh mar chomhalta, nó

(ii) déanfaidh an tAire iarraidh eile den sórt sin agus déanfaidh sé duine a bhí i measc na ndaoine sin a roghnaíodh de bhun na hiarrata sin nó de bhun iarraidh eile den sórt sin a rinneadh i ndáil leis an gceapachán sin a cheapadh mar chomhalta.

(10) I gcás go ndéantar iarraidh de bhun *fho-alt (7)*, agus go mainníonn nó go ndiúltaíonn aon eagraíocht ar leith nó na heagraíochtaí go léir a ndéantar an iarraidh uirthi nó orthu an líon iarrthóirí atá sonraithe san iarraidh a roghnú, ní choiscfidh sé sin duine arna roghnú i ndáil leis an gceapachán sin ag aon cheann ar leith de na heagraíochtaí réamhráite nó ag aon eagraíocht eile a cheapadh mar chomhalta.

(11) Féadfaidh an Coiste Comhairleach gníomhú d'ainneoin folúntais a bheith a bheith ann ina chomhaltas.

(12) Ceapfar comhalta den Choiste Comhairleach ar feadh cibé téarma (nach faide ná trí bliana) a shonróidh an tAire nuair a bheidh sé á cheapadh aige (ar cibé téarmaí agus coinníollacha a chinnfidh an tAire, le toiliú an Aire Airgeadais) agus beidh comhalta a dtéann a théarma oifige in éag trí imeacht aimsire in-athcheaptha.

(13) Déanfar cibé liúntais le haghaidh caiteachas a chinnfidh an tAire, le toiliú an Aire Airgeadais, a íoc le comhalta den Choiste Comhairleach as airgead a bheidh faoina réir ag an nGníomhaireacht.

(14) Féadfaidh an Coiste Comhairleach a nós imeachta nó a ghnó a rialáil le buanorduithe nó ar shlí eile.

(15) Féadfaidh an tAire dáta, am agus áit an chéad chruinnithe den Choiste Comhairleach a shocrú.

(16) Féadfaidh an tAire rialacháin a dhéanamh maidir leis an méid seo a leanas—

(*a*) an tréimhse ar laistigh di a bheidh faisnéis le cur in iúl don Aire de réir *fho-alt (7)*,

(*b*) aon ní eile a mheasann an tAire a bheith fóirsteanach chun críocha an ailt seo.

(17)(*a*) Féadfaidh comhalta den Choiste Comhairleach éirí as oifig trí litir a bheidh dírithe chuig an Aire.

(*b*) Féadfaidh an tAire comhalta den Choiste Comhairleach a chur as oifig más rud é, i dtuairim an Aire, go bhfuil sé tar éis teacht chun bheith éagumasach de dheasca easláinte ar a dhualgais a chomhlíonadh go héifeachtach, nó mar gheall ar mhí-iompar sonraithe, nó gur dealraitheach don Aire gur gá nó gurb inmhianaithe é a chur as oifig chun go gcomhlíonfaidh an Coiste Comhairleach a fheidhmeanna go héifeachtach.

Feidhmeanna an Choiste Chomhairligh.

**28.—**(1) (*a*) Is é dualgas an Choiste Chomhairligh moltaí a bhaineann le feidhmeanna na Gníomhaireachta a dhéanamh don Ghníomhaireacht nó don Aire.

(*b*) Beidh aird ag an nGníomhaireacht nó ag an Aire, de réir mar is cuí, ar aon mholtaí a dhéanann an Coiste Comhairleach.

(2) Gan dochar do ghinearáltacht *fho-alt (1)*, féadfaidh an Coiste Comhairleach—

(*a*) moltaí a dhéanamh don Ghníomhaireacht i ndáil leis na nithe seo a leanas—

(i) riachtanais ghinearálta foirne na Gníomhaireachta ach gan breitheanna i ndáil le poist ar leith, fostaithe aonair, pá, grádú agus coinníollacha a áireamh,

(ii) seirbhísí a theastaíonn ón nGníomhaireacht, lena n-áirítear saoráidí saotharlainne, a sholáthar,

(iii) an Ghníomhaireacht do sholáthar seirbhísí, lena n-áirítear saoráidí saotharlainne,

(iv) caighdeáin, treoirlínte agus cóid chleachtais i ndáil le caomhnú comhshaoil,

(v) clár taighde na Gníomhaireachta, agus maoiniú agus tosaíochtaí an chláir sin,

(vi) clár oibre bliantúil na Gníomhaireachta agus tosaíochtaí le haghaidh eilimintí éagsúla den chlár oibre,

(vii) comhdhálacha oiliúna agus nithe gaolmhara a eagrú agus a chur chun cinn chun críocha caomhnú comhshaoil,

(viii) aon nithe eile a bhaineann le feidhmeanna na Gníomhaireachta,

(*b*) moltaí a dhéanamh don Aire i ndáil leis na nithe seo a leanas—

(i) feidhmeanna sonracha a shannadh don Ghníomhaireacht,

(ii) maoiniú na Gníomhaireachta,

(iii) na gníomhaíochtaí nó na haicmí gníomhaíochtaí ar ceart feidhmeanna ceadúnúcháin a bheith ag an nGníomhaireacht ina leith faoi *Chuid IV*,

(iv) freagracht a shannadh don Ghníomhaireacht as nithe sonracha a bhaineann leis an gcomhshaol,

(v) aon ní eile is iomchuí, i dtuairim an Choiste Chomhairligh, maidir leis an nGníomhaireacht do chomhlíonadh a feidhmeanna go héifeachtach.

(3) Féadfaidh an tAire comhairle a ghlacadh leis an gCoiste Comhairleach maidir le haon ní a éiríonn i ndáil le feidhmeanna de chuid an Aire a bhaineann le caomhnú comhshaoil.

(4) Beidh an Coiste Comhairleach i dteideal faisnéis a fháil ag a chruinnithe ón Ard-Stiúrthóir, nó ó dhuine a bheidh ceaptha aige chun na críche sin, i dtaobh obair na Gníomhaireachta ach (faoi réir *alt 110*) gan faisnéis i ndáil le mionsonraí cásanna áirithe a áireamh, agus ar choinníoll i gcónaí nach ionann nochtadh na faisnéise sin agus sárú ar *alt 39*.

(5) Faoi réir *alt 110*, ní bheidh an Coiste Comhairleach i dteideal ó cheart—

(*a*) faisnéis shonrach a fháil i ndáil le próiseáil iarratais ar cheadúnas aonair nó ar cheadúnas athleasaithe faoi *Chuid IV*, nó i ndáil le hathbhreithniú ar cheadúnas den sórt sin, nó

(*b*) go ndéanfar aon mholtaí maidir le ceadúnas den sórt sin a chur i gcuntas.

Foireann na Gníomhaireachta.

**29.**—(1) Féadfaidh an Ghníomhaireacht cibé daoine a chinnfidh sí a cheapadh chun bheith ina bhfostaithe de chuid na Gníomhaireachta, ach sin faoi réir thoiliú an Aire agus an Aire Airgeadais maidir líon agus grádú na bhfostaithe sin.

(2) (*a*) Déanfar cibé luach saothair agus liúntais i leith caiteachas a chinnfidh an Ghníomhaireacht, le toiliú an Aire agus an Aire Airgeadais, a íoc le fostaí de chuid na Gníomhaireachta as airgead a bheidh faoina réir ag an nGníomhaireacht.

(*b*) Beidh fostaí de chuid na Gníomhaireachta dá dtagraítear i *mír (a)* i seilbh a fhostaíochta ar cibé téarmaí (lena n-áirítear téarmaí lena sonraítear fad na fostaíochta sin) agus coinníollacha eile a chinnfidh an Ghníomhaireacht, le toiliú an Aire agus an Aire Airgeadais.

Foireann údarás poiblí a aistriú.

**30.**—(1) Féadfaidh an tAire, ó am go ham, tar éis comhairle a ghlacadh leis an nGníomhaireacht agus le haon Aire eile den Rialtas, ar Aire eile é, i dtuairim an Aire, a bhfuil baint aige leis an ní, a iarraidh ar údarás poiblí fostaithe de chuid an údaráis sin a mbaineann a bpríomhdhualgais le feidhm a shanntar don Ghníomhaireacht nó a aistrítear chuici faoin Acht seo, nó atá le sannadh don Ghníomhaireacht nó le haistriú chuici amhlaidh, a ainmniú lena bhfostú ag an nGníomhaireacht agus comhlíonfaidh an t-údarás an iarraidh sin.

(2) Féadfaidh údarás poiblí, le toiliú an Aire tar éis dó comhairle a ghlacadh leis an nGníomhaireacht maidir leis an ní, aon duine atá fostaithe ag an údarás poiblí a ainmniú lena fhostú ag an nGníomhaireacht.

(3) Ní ainmneoidh údarás poiblí fostaí faoi *fho-alt (1)* nó *(2)* gan fógra i scríbhinn a bheith tugtha aige don fhostaí agus d'aon cheardchumainn nó comhlachais foirne aitheanta lena mbaineann, á rá

go bhfuil sé beartaithe aige déanamh amhlaidh, ná gan breithniú a bheith déanta ar aon uiríll arna ndéanamh aige, nó acu nó ag aon cheann acu, i ndáil leis an ní laistigh de cibé tréimhse ama a bheidh sonraithe san fhógra.

(4) Déanfaidh an Ghníomhaireacht, le toiliú an Aire tar éis dó comhairle a ghlacadh leis an nGníomhaireacht maidir leis an ní, duine a bheidh ainmnithe faoi *fho-alt (1)* nó *(2)* a ghlacadh isteach ina fostaíocht lena fhostú ag an nGníomhaireacht.

(5) Maidir le duine arna ainmniú faoin alt seo a ghlacadh isteach i bhfostaíocht na Gníomhaireachta, beidh éifeacht leis ar cibé lá a shonróidh an tAire tar éis comhairle a ghlacadh leis an nGníomhaireacht agus le haon Aire eile den Rialtas, ar Aire eile é, i dtuairim an Aire, a bhfuil baint aige leis an ní.

Coinníollacha a bhaineann le haistriú foirne.

**31.**—(1) Na téarmaí agus na coinníollacha a bhaineann le seilbh oifige a dheonóidh an Ghníomhaireacht i ndáil le duine a ghlactar isteach i bhfostaíocht an Údaráis faoi *alt 30* nó *32* ní lú fabhar dó iad, fad a bheidh an duine i bhfostaíocht na Gníomhaireachta, ná na téarmaí agus na coinníollacha sin a bhí i réim díreach sular glacadh isteach san fhostaíocht sin é, ach amháin i gcomhréir le comhaontú comhchoiteann arna chaibidil le haon cheardchumainn nó comhlachais foirne aitheanta lena mbaineann; má bhíonn díospóid ann idir an Ghníomhaireacht agus aon duine den sórt sin maidir leis na téarmaí agus na coinníollacha a bhí i réim díreach sular glacadh isteach i bhfostaíocht na Gníomhaireachta é, is é an tAire Airgeadais, tar éis dó comhairle a ghlacadh leis an Aire, a chinnfidh an cheist.

(2) Ach amháin i gcomhréir le comhaontú comhchoiteann arna chaibidil le haon cheardchumainn nó comhlachais foirne aitheanta lena mbaineann, maidir le duine dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)*, ní lú an scála pá a gheobhaidh sé ná ní lú tairbhe dó na téarmaí agus na coinníollacha seirbhíse (seachas iad siúd a bhaineann le seilbh oifige) a mbeidh sé faoina réir, fad a bheidh sé i bhfostaíocht na Gníomhaireachta, ná an scála pá a raibh sé ina theideal agus na téarmaí agus na coinníollacha seirbhíse (seachas iad siúd a bhaineann le seilbh oifige) a raibh sé faoina réir díreach roimh an lá a glacadh amhlaidh é.

(3) Go dtí cibé tráth a dhéanfaidh an Ghníomhaireacht, tar éis di comhairle a ghlacadh le haon cheardchumainn agus comhlachais foirne aitheanta lena mbaineann, scála pá agus téarmaí agus coinníollacha seirbhíse (seachas iad siúd a bhaineann le seilbh oifige) duine dá dtagraítear i *bhfo-alt (4)* a athrú, leanfaidh na scálaí pá a raibh an duine sin ina dteideal agus na téarmaí agus na coinníollacha seirbhíse (seachas iad siúd a bhaineann le seilbh oifige), na srianta, na ceanglais agus na hoibleagáidí a raibh an duine faoina réir díreach roimh an nglacadh sin, d'fheidhm a bheith acu agus féadfaidh an Ghníomhaireacht iad a chur i bhfeidhm nó a fhorchur fad a bheidh an duine i bhfostaíocht na Gníomhaireachta; ní oibreoidh aon athrú den sórt sin chun gur measa an scála pá nó na téarmaí nó na coinníollacha seirbhíse réamhráite ab infheidhme maidir le fostaí díreach sular glacadh isteach i bhfostaíocht na Gníomhaireachta é, ach amháin i gcomhréir le comhaontú comhchoiteann arna chaibidil le haon cheardchumainn nó comhlachais foirne aitheanta lena mbaineann.

(4) Beidh seirbhís a thug aon duine roimhe sin in údarás poiblí ónar glacadh isteach i bhfostaíocht na Gníomhaireachta é faoi *alt 30* nó *32* ináirithe chun críocha na nAchtanna um Íocaíochtaí Iomarcaíochta, 1967 go 1991, na nAchtanna um Laethanta Saoire (Fostaithe), 1973 agus 1991, na nAchtanna um Fhógra Íosta agus Téarmaí Fostaíochta, 1973 go 1991, agus na nAchtanna um Dhífhostú Éagórach, 1977 agus 1991, ach sin faoi réir aon eisceachtaí nó eisiaimh eile sna hAchtanna sin.

An Foras Forbartha Teoranta a dhíscaoileadh.

**32.**—(1) Déanfar an Foras Forbartha Teoranta *(The National Institute for Physical Planning and Construction Research Limited)* a dhíscaoileadh de bhua an ailt seo ar cibé dáta a shonrófar le hordú ón Aire arna dhéanamh le toiliú an Aire Airgeadais.

(2) Féadfar foráil a dhéanamh le hordú faoi *fho-alt (1)* maidir le haon ní iarmhartach nó coimhdeach nó maidir le haon ní eile a mheasann an tAire a bheith riachtanach nó fóirsteanach lena n-áirítear, go háirithe—

(*a*) foireann an Fhorais Forbartha Teoranta a aistriú chuig an nGníomhaireacht,

(*b*) maoin, cearta agus dliteanais a aistriú chuig an nGníomhaireacht, chuig an Aonad Taighde Comhshaoil arna bhunú faoin Ordú um Aonad Taighde Comhshaoil (Bunú), 1988, chuig an Aire, nó chuig aon údarás poiblí eile a shonrófar san ordú, nó a dháileadh orthu,

(*c*) conarthaí leanúnacha a bhaineann le caomhnú comhshaoil arna ndéanamh ag an bhForas Forbartha Teoranta a bhuanchoimeád,

(*d*) leanúint d'imeachtaí dlíthiúla atá ar feitheamh,

(*e*) aoisliúntas iarfhoireann an Fhorais Forbartha Teoranta.

(3) Ní dhéanfaidh an tAire ordú faoi *fho-alt (2)(a)* gan fógra i scríbhinn a bheith tugtha aige d'aon cheardchumainn nó comhlachais foirne aitheanta lena mbaineann á rá go bhfuil sé beartaithe aige déanamh amhlaidh ná gan breithniú a bheith déanta aige ar aon uiríll arna ndéanamh acu nó ag aon cheann acu i ndáil leis an ní laistigh de cibé tréimhse ama a bheidh sonraithe san fhógra.

(4) Déanfaidh an Ghníomhaireacht duine a aistrítear faoi *fho-alt (2)(a)* a ghlacadh isteach ina fostaíocht de réir théarmaí an Achta seo.

Aoisliúntas an Ard-Stiúrthóra agus na stiúrthóirí.

**33.**—(1) Féadfaidh an tAire, le toiliú an Aire Airgeadais, scéim nó scéimeanna a dhéanamh chun pinsin, aiscí nó liúntais eile a dheonú don Ard-Stiúrthóir agus do stiúrthóirí eile, nó ina leith, ar scor dó nó dóibh de bheith i seilbh oifige.

(2) Féadfar a fhoráil le scéim faoin alt seo nach mbeidh foirceannadh cheapachán an Ard-Stiúrthóra nó stiúrthóra le linn théarma oifige an duine sin ina chosc ar phinsean, aisce nó liúntas eile a dheonú dó faoin scéim.

(3) Féadfaidh an tAire, le toiliú an Aire Airgeadais, scéim a dhéanamh lena leasaítear nó lena gcúlghairtear scéim faoin alt seo, lena n-áirítear scéim faoin bhfo-alt seo.

(4) Má tharlaíonn aon díospóid i dtaobh éileamh aon duine ar aon phinsean, aisce nó liúntas is iníoctha de bhun scéim faoin alt seo, nó i dtaobh mhéid an chéanna, cuirfear an díospóid sin faoi bhráid an Aire agus tarchuirfidh seisean chuig an Aire Airgeadais í, agus is breith chríochnaitheach í breith an Airgeadais.

(5) Déanfaidh an Ghníomhaireacht scéim faoin alt seo a chur i gcrích de réir a téarmaí.

(6) Ní dhéanfaidh an Ghníomhaireacht aon phinsean, aisce nó liúntas eile a dheonú d'aon duine nó i leith aon duine dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)* ar scor dóibh de bheith i seilbh oifige ar shlí seachas de réir scéime faoin alt seo.

(7) Déanfar gach scéim a dhéantar faoin alt a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas a luaithe is féidir tar éis a déanta agus, má dhéanann ceachtar Teach acu sin, laistigh den lá is fiche a shuífidh an Teach sin tar éis an scéim a leagan faoina bhráid, rún a rith ag neamhniú na scéime, beidh an scéim ar neamhní dá réir sin, ach sin gan dochar do bhailíocht aon ní rinneadh roimhe sin faoin scéim.

Aoisliúntas fhoireann na Gníomhaireachta.

**34.**—(1) Féadfaidh an Ghníomhaireacht, le toiliú an Aire agus an Aire Airgeadais, scéim nó scéimeanna a dhéanamh chun sochair aoisliúntais a dheonú do cibé daoine, nó i leith cibé daoine, a cheaptar faoi *alt 29* chun fostaíocht lánaimseartha sa Ghníomhaireacht, nó a ghlactar isteach i bhfostaíocht den sórt sin faoi *alt 30* nó *32*.

(2) Socróidh scéim faoi *fho-alt (1)* an tráth scoir agus na coinníollacha scoir do na daoine go léir a bhfuil sochair aoisliúntais iníoctha leo nó ina leith faoin scéim, agus féadfar tráthanna éagsúla agus coinníollacha éagsúla a shocrú i leith aicmí éagsúla daoine.

(3) Féadfaidh an Ghníomhaireacht, le toiliú an Aire agus an Aire Airgeadais, scéim a dhéanamh lena leasaítear nó lena gcúlghairtear scéim faoin alt seo lena n-áirítear scéim faoin bhfo-alt seo.

(4) Má tharlaíonn aon díospóid i dtaobh éileamh aon duine ar aon sochar aoisliúntais is iníoctha de bhun scéim nó scéimeanna faoin alt seo, nó i dtaobh mhéid an chéanna, cuirfear an díospóid sin faoi bhráid an Aire agus tarchuirfidh seisean chuig an Aire Airgeadais í, agus is breith chríochnaitheach í breith an Aire Airgeadais.

(5) Ní dhéanfaidh an Ghníomhaireacht aon sochar aoisliúntais a dheonú ar éirí as, ar scor nó ar bhás fostaí de chuid na Gníomhaireachta ar shlí seachas de réir scéim faoin alt seo.

(6) Déanfar scéim faoin alt seo a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas a luaithe is féidir tar éis a déanta agus, má dhéanann ceachtar Teach acu sin, laistigh den lá is fiche a shuífidh an Teach sin tar éis an scéim a leagan faoina bhráid, rún a rith ag neamhniú na scéime, beidh an scéim ar neamhní dá réir sin, ach sin gan dochar do bhailíocht aon ní a rinneadh roimhe sin faoin scéim.

(7) Maidir le scéim nó le scéimeanna faoi *fho-alt (1)*, forálfar léi nó leo, a mhéid a bhaineann le duine a ghlactar isteach i bhfostaíocht lánaimseartha na Gníomhaireachta faoi *alt 30* nó *32*, go ndeonófar sochair aoisliúntais dó nó ina leith faoi réim agus faoi réir téarmaí agus coinníollacha nach lú fabhar dó, i ndáil le deonú na sochar sin, ná na

téarmaí agus na coinníollacha a bhí i bhfeidhm maidir leis díreach roimh an lá ar glacadh isteach amhlaidh é i bhfostaíocht na Gníomhaireachta.

(8) I gcás, le linn na tréimhse idir an lá bunaithe agus teacht i ngníomh scéim faoin alt seo, go ndeonófar sochair aoisliúntais do dhuine, nó i leith duine, arna ghlacadh isteach i bhfostaíocht lánaimseartha na Gníomhaireachta faoi *alt 30* nó *32*, maidir lena fhostaíocht leis an údarás poiblí lena mbaineann, is í an Ghníomhaireacht a dheonóidh na sochair aoisliúntais don duine nó ina leith, agus a íocfaidh iad leis nó ina leith agus, chun na críche sin, déanfar a sheirbhís inphinsin leis an nGníomhaireacht a chomhiomlánú lena sheirbhís inphinsin roimhe sin.

(9) San alt seo agus in *ailt 35* agus *36,* ciallaíonn “sochair aoisliúntais” pinsin, aiscí agus liúntais eile is iníoctha ar éirí as, ar scor nó ar bhás.

Comhaltas de Theach den Oireachtas nó de Pharlaimint na hEorpa.

**35.—**(1) I gcás, maidir le hArd-Stiúrthóir na Gníomhaireachta nó stiúrthóir eile de chuid na Gníomhaireachta—

(*a*) go nglacann sé le hainmniúchán mar chomhalta de Sheanad Éireann,

(*b*) go n-ainmnítear é mar iarrthóir lena thoghadh chuig ceachtar Teach den Oireachtas nó chuig Parlaimint na hEorpa, nó

(*c*) go meastar, de bhun *alt 15* (a cuireadh isteach leis an Acht um Thoghcháin do Thionól na hEorpa, 1984) den Acht um Thoghcháin do Thionól na hEorpa, 1977, é a bheith tofa chun na Parlaiminte sin chun folúntas a líonadh,

scoirfidh sé air sin de bheith ina Ard-Stiúrthóir nó ina stiúrthóir ar an nGníomhaireacht, de réir mar a bheidh.

(2) I gcás, maidir le duine is fostaí de chuid na Gníomhaireachta—

(*a*) go nglacann sé le hainmniúchán mar chomhalta de Sheanad Éireann,

(*b*) go n-ainmnítear é mar iarrthóir lena thoghadh chuig ceachtar Teach den Oireachtas nó chuig Parlaimint na hEorpa, nó

(*c*) go meastar, de bhun *alt 15* (a cuireadh isteach leis an Acht um Thoghcháin do Thionól na hEorpa, 1984) den Acht um Thoghcháin do Thionól na hEorpa, 1977, é a bheith tofa chun na Parlaiminte sin chun folúntas a líonadh,

beidh sé air sin ar iasacht ó fhostaíocht ag an nGníomhaireacht agus ní íocfaidh an Ghníomhaireacht leis, ná ní bheidh sé i dteideal go bhfaighidh sé ón nGníomhaireacht, aon luach saothair nó liúntais i leith na tréimhse dar tosach tráth an ghlactha, an ainmnithe nó an tofa sin, de réir mar a bheidh, agus dar críoch an tráth nach dtoghtar é chuig ceachtar Teach acu sin nó chuig an bParlaimint sin, an tráth a tharraingíonn sé siar a iarrthóireacht chun bheith ina chomhalta de cheachtar Teach acu sin nó den Pharlaimint sin, nó an tráth a scoireann sé de bheith ina chomhalta de cheachtar Teach acu sin nó den Pharlaimint sin.

(3) Aon duine atá de thuras na huaire i dteideal faoi Bhuan-Orduithe ceachtar Tí den Oireachtas suí sa Teach sin nó is comhalta de Pharlaimint na hEorpa, beidh sé, fad a bheidh sé i dteideal amhlaidh nó ina chomhalta

amhlaidh, dícháilithe chun bheith ina Ard-Stiúrthóir nó ina stiúrthóir ar an nGníomhaireacht nó ina fhostaí de chuid na Gníomhaireachta.

(4) Gan dochar do ghinearáltacht *fho-alt (2)*, forléireofar an fo-alt sin mar fho-alt lena dtoirmeasctar, *inter alia*, tréimhse a luaitear san fho-alt sin a áireamh mar sheirbhís leis an nGníomhaireacht chun críocha aon sochair aoisliúntais.

Comhaltas d'údarás áitiúil.

**36.**—(1) I gcás go dtagann Ard-Stiúrthóir na Gníomhaireachta nó stiúrthóir eile de chuid na Gníomhaireachta chun bheith ina chomhalta d'údarás áitiúil scoirfidh sé air sin de bheith ina Ard-Stiúrthóir nó ina stiúrthóir ar an nGníomhaireacht, de réir mar a bheidh.

(2) Faoi réir *fho-alt (4)*, i gcás go dtagann duine is fostaí de chuid na Gníomhaireachta chun bheith ina chomhalta d'údarás áitiúil, scaoilfear ar saoire speisialta é agus ní dhéanfaidh an Ghníomhaireacht aon luach saothair nó liúntais leis, ná ní bheidh sé i dteideal aon luach saothair nó liúntais a fháil ón nGníomhaireacht i leith thréimhse a chomhaltais san údarás áitiúil.

(3) Aon duine atá de thuras na huaire ina chomhalta d'údarás áitiúil beidh sé dícháilithe chun bheith ina Ard-Stiúrthóir nó ina stiúrthóir ar an nGníomhaireacht nó ina fhostaí de chuid na Gníomhaireachta.

(4) Féadfaidh an tAire, le hordú, aicme, tuairisc nó grád fostaíochta a ainmniú mar aicme, tuairisc nó grád fostaíochta nach mbeidh feidhm ag forálacha *fho-alt (2)* nó *(3)* maidir léi nó leis fad atá an t-ordú sin i bhfeidhm.

(5) Gan dochar do ghinearáltacht *fho-alt (2)*, forléireofar an fo-alt sin mar fho-alt lena dtoirmeasctar, *inter alia*, tréimhse a luaitear san fho-alt sin a áireamh mar sheirbhís leis an nGníomhaireacht chun críocha aon sochair aoisliúntais.

(6) San alt seo tá le "údarás áitiúil" an bhrí a shanntar dó leis an Acht Rialtais Áitiúil, 1941.

Leasanna a dhearbhú.

**37.**—(1) Is é dualgas duine lena mbaineann an t-alt seo dearbhú atá sínithe aige agus ina bhfuil sonraí faoi gach leas dá chuid ar leas é lena mbaineann an t-alt seo a thabhairt don Ghníomhaireacht san fhoirm fhorordaithe, agus, fad a leanann sé de bheith ina dhuine lena mbaineann an t-alt seo, beidh de dhualgas air, i gcás go dtagann athrú ar aon leas den sórt sin nó i gcás go bhfaigheann sé aon leas eile lena mbaineann an t-alt seo, dearbhú nua a thabhairt don Ghníomhaireacht san fhoirm fhorordaithe.

(2) (*a*) Tá feidhm ag an alt seo maidir leo seo a leanas—

(i) an tArd-Stiúrthóir nó stiúrthóir eile, agus

(ii) fostaí de chuid na Gníomhaireachta nó aon duine eile a mbaineann an Ghníomhaireacht leas as a sheirbhísí, ar fostaí nó duine eile é d'aicme, de thuairisc nó de ghrád a fhorordaítear chun críocha an ailt seo.

(*b*) Tá feidhm ag an alt seo maidir leis na leasanna seo a leanas—

(i) aon eastát nó leas atá ag duine lena mbaineann an t-alt seo in aon talamh nó in aon ghníomhaíocht,

(ii) aon ghnó arb é atá ann déileáil i dtalamh nó forbairt talún, nó aon ghníomhaíocht, is gnó nó gníomhaíocht a bhfuil duine den sórt sin ag gabháil dó nó di nó fostaithe leis nó léi agus aon ghnó den sórt sin a sheolann cuideachta nó comhlacht eile ar comhalta di nó de é nó aon ainmnitheach dá chuid,

(iii) aon ghairm, gnó nó slí bheatha a bhfuil duine den sórt sin ag gabháil di nó dó, cibé acu thar a cheann féin nó ar shlí eile, agus a bhaineann le déileáil i dtalamh nó le forbairt talún nó le gníomhaíocht.

(3) Aon duine lena mbaineann an t-alt seo agus a bhfuil leas aige lena mbaineann an t-alt seo, measfar ceanglais *fho-alt (1)* a bheith á gcomhlíonadh aige más rud é, agus más rud é amháin, go ndéanann sé dearbhú a luaitear san fho-alt sin a thabhairt don Ghníomhaireacht laistigh den tréimhse ocht lá is fiche dar tosach—

(*a*) i gcás gur duine den sórt sin an duine tráth thosach feidhme an ailt seo, ar an tosach feidhme sin,

(*b*) i gcás go dtagann an duine chun bheith ina dhuine den sórt sin tar éis thosach feidhme an ailt seo, ar an lá a thagann sé chun bheith ina dhuine den sórt sin,

(*c*) i gcás go dtagann athrú ar leas a bhfuil sonraí ina leith ann i ndearbhú a bheidh tugtha cheana féin ag an duine, nó i gcás go bhfaigheann an duine aon leas eile lena mbaineann an t-alt seo, ar an lá a tharlaíonn an t-athrú nó a fhaightear an leas eile den sórt sin.

(4) Chun críocha an ailt seo, measfar eastát nó leas i dtalamh nó i ngníomhaíocht a bheith ag duine, más comhalta é, nó aon ainmnitheach dá chuid, de chuideachta nó de chomhlacht eile ag a bhfuil eastát nó leas sa talamh nó sa ghníomhaíocht.

(5) Chun críocha an ailt seo, ní mheasfar leas lena mbaineann an t-alt seo a bheith ag duine más leas é atá chomh cianda nó chomh neamhthábhachtach nach féidir a mheas le réasún gur dócha go n-imreoidh sé tionchar ar dhuine le linn dó breithniú, plé nó vótáil a dhéanamh ar aon cheist a éiríonn nó a thagann os comhair na Gníomhaireachta, nó le linn dó aon fheidhm i ndáil le haon ní den sórt sin a chomhlíonadh.

(6) I gcás go bhfuil leas lena mbaineann an t-alt seo ag duine lena mbaineann an t-alt seo de bhíthin amháin go bhfuil scaireanna i gcuideachta nó i gcomhlacht eile ar úinéireacht thairbhiúil aige nó ag a ainmnitheach agus nach mó luach ainmniúil iomlán na scaireanna sin ná cibé acu seo a leanas is lú—

(*a*) míle punt, nó

(*b*) an céadú cuid de luach ainmniúil iomlán scairchaipiteal eisithe na cuideachta nó an chomhlachta nó, i gcás an caipiteal sin a

bheith eisithe ina scaireanna d'aicmí de bhreis ar aon aicme amháin, luach ainmniúil iomlán scairchaipiteal eisithe na haicme nó na n-aicmí scaireanna ina bhfuil leas aige,

ní bheidh éifeacht le *fo-alt (1)* den alt seo i ndáil leis an leas sin.

(7) Chun críocha an ailt seo, coimeádfaidh an Ghníomhaireacht clár (ar clár é dá ngairtear an clár leasanna san alt seo) agus taifeadfaidh sí ann na sonraí atá i ndearbhuithe a thugtar don Ghníomhaireacht de bhun an ailt seo.

(8) Beidh an clár leasanna ar fáil lena iniúchadh ag aon duine i gceanncheathrú na Gníomhaireachta le linn uaireanta oifige agus féadfaidh aon duine cóip den chlár nó d'aon taifead sa chlár a fháil ar cibé táille (más ann) a shocróidh an Ghníomhaireacht a íoc leis an nGníomhaireacht ar táille í nach mó ná an costas réasúnach a bhaineann leis an gcóip a dhéanamh.

(9) I gcás go scoireann duine de bheith ina dhuine lena mbaineann an t-alt seo, déanfaidh an Ghníomhaireacht aon sonraí a bheidh taifeadta sa chlár leasanna de thoradh an duine do thabhairt dearbhú don Ghníomhaireacht de bhun an ailt seo a bhaint den chlár sin, a luaithe is féidir tar éis dheireadh na tréimhse cúig bliana dar tosach an lá a scoireann an duine de bheith ina dhuine den sórt sin.

(10) Faoi réir *fho-alt (1)*, aon duine a mhainníonn *fo-alt (1)* a chomhlíonadh nó a dhéanann, agus é ag airbheartú go bhfuil ceanglais an *fho-ailt* sin *(1)* á gcomhlíonadh aige, sonraí a thabhairt atá bréagach nó is eol dó a bheith míthreorach i bponc ábhartha, beidh sé ciontach i gcion.

(11) In aon imeachtaí mar gheall ar chion faoin alt seo is cosaint don chosantóir a chruthú gur chreid sé, de mheon macánta agus ar fhorais réasúnacha, an tráth iomchuí—

(*a*) go raibh na sonraí iomchuí fíor,

(*b*) nach raibh aon ní ann a raibh sé faoi cheangal an uair sin dearbhú a dhéanamh maidir leis faoi *fho-alt (1)*, nó

(*c*) nár ní é a raibh sé faoi cheangal amhlaidh dearbhú den sórt sin a dhéanamh ina leith an ní a líomhnaítear an cion a bheith déanta i ndáil leis.

(12) San alt seo folaíonn "talamh" talamh faoi uisce.

Leasanna a nochtadh.

**38.—**(1) I gcás leas airgid nó leas tairbhiúil eile a bheith ag an Ard-Stiúrthóir, ag stiúrthóir eile, ag fostaí de chuid na Gníomhaireachta, ag comhalta den Choiste Comhairleach nó de choiste nó de ghrúpa comhairliúcháin arna bhunú ag an nGníomhaireacht, ag sainchomhairleoir, ag comhairleoir nó ag duine eile a fhostaíonn an Ghníomhaireacht nó ag duine a mbaineann an Ghníomhaireacht leas as a sheirbhísí, nó a soláthraítear a sheirbhísí di, faoi *alt 44* nó ag duine a fheidhmíonn nó a chomhlíonann aon fheidhm thar ceann na Gníomhaireachta faoi chomhaontú faoi *alt 45*, ar leas é in aon ní, nó ar leas é atá ábhartha maidir le haon ní, a bheidh le breithniú ag an nGníomhaireacht, ag an

gcoiste nó ag an ngrúpa comhairliúcháin nó ag an duine lena mbaineann, comhlíonfaidh sé na ceanglais seo a leanas—

(*a*) déanfaidh sé cineál a leasa a nochtadh don Ghníomhaireacht, don choiste nó don ghrúpa comhairliúcháin, de réir mar a bheidh, sula ndéanfar aon bhreithniú ar an ní,

(*b*) ní imreoidh sé tionchar, ná ní fhéachfaidh sé le tionchar a imirt, ar bhreith i ndáil leis an ní,

(*c*) ní ghlacfaidh sé aon pháirt in aon bhreithniú ar an ní,

(*d*) más stiúrthóir ar an nGníomhaireacht nó comhalta de choiste nó de ghrúpa comhairliúcháin é, tarraingeoidh sé siar ón gcruinniú fad atá an ní á phlé nó á bhreithniú ag an nGníomhaireacht, ag an gcoiste nó ag an ngrúpa comhairliúcháin agus ní vótálfaidh sé ná ní ghníomhóidh sé thairis sin mar stiúrthóir nó mar chomhalta den sórt sin i ndáil leis an ní.

(2) Chun críocha an ailt seo, ach gan dochar do ghinearáltacht *fho-alt (1)*, measfar leas tairbhiúil a bheith ag duine más rud é—

(*a*) go bhfuil sé féin nó aon duine dá theaghlach, nó aon ainmnitheach dá chuid nó de chuid aon duine dá theaghlach, ina chomhalta de chuideachta nó d'aon chomhlacht eile ag a bhfuil leas tairbhiúil i ní dá dtagraítear san fho-alt sin nó ag a bhfuil leas atá ábhartha i ndáil le haon ní den sórt sin,

(*b*) go bhfuil sé féin nó aon duine dá theaghlach i gcomhpháirtíocht le duine, nó i bhfostaíocht duine, ag a bhfuil leas tairbhiúil i ní den sórt sin nó ag a bhfuil leas tairbhiúil atá ábhartha i ndáil le haon ní den sórt sin,

(*c*) gur páirtí é féin nó aon duine dá theaghlach in aon chomhshocraíocht nó comhaontú (bíodh sé infheidhme nó ná bíodh) maidir le talamh lena mbaineann ní den sórt sin,

(*d*) go bhfuil leas tairbhiúil i ní den sórt sin nó leas tairbhiúil atá ábhartha i ndáil le ní den sórt sin ag aon duine dá theaghlach.

(3) Chun críocha an ailt seo, ní mheasfar leas tairbhiúil a bheith ag duine in aon ní, nó leas tairbhiúil atá ábhartha i ndáil le haon ní, de bhíthin amháin leas a bheith aige nó ag aon chuideachta nó ag aon chomhlacht nó duine eile a luaitear i *bhfo-alt (2)*, ar leas é atá chomh cianda nó chomh neamhthábhachtach nach féidir a mheas le réasún gur dócha go n-imreoidh sé tionchar ar dhuine le linn dó breithniú, plé nó vótáil a dhéanamh ar aon cheist a bhaineann leis an ní, nó le linn dó aon fheidhm i ndáil leis an ní a chomhlíonadh.

(4) I gcás go n-eascróidh ceist i dtaobh arbh ionann nó nárbh ionann iompar áirithe, dá ndéanfadh duine dá réir, agus mainneachtain aige ceanglais *fho-alt (1)* a chomhlíonadh, is í an Ghníomhaireacht a chinnfidh an cheist agus déanfar sonraí faoin gcinneadh a thaifeadadh i miontuairiscí an chruinnithe lena mbaineann.

(5) I gcás go ndéantar nochtadh don Ghníomhaireacht, do choiste nó do ghrúpa comhairliúcháin de bhun *fho-alt (1)*, déanfar sonraí faoin nochtadh a thaifeadadh i miontuairiscí an chruinnithe lena mbaineann.

Faisnéis rúnda a nochtadh.

**39.**—(1) Mura bhfuil duine údaraithe go cuí déanamh amhlaidh, ní nochtfaidh sé faisnéis rúnda a bheidh faighte aige ina cháil mar Ard-Stiúrthóir, mar stiúrthóir eile, mar fhostaí de chuid na Gníomhaireachta, mar chomhalta den Choiste Comhairleach nó de choiste nó de ghrúpa comhairliúcháin arna bhunú ag an nGníomhaireacht, mar shainchomhairleoir, mar chomhairleoir nó mar dhuine eile arna fhostú ag an nGníomhaireacht, nó mar dhuine a mbaineann an Ghníomhaireacht leas as a sheirbhísí nó a soláthraítear a sheirbhísí di faoi *alt 44* nó mar dhuine a fheidhmíonn nó a chomhlíonann aon fheidhm thar ceann na Gníomhaireachta faoi chomhaontú faoi *alt 45*.

(2) San alt seo—

folaíonn "faisnéis rúnda", gan dochar d'fhorálacha *alt 110*, faisnéis a mbeidh sé sainráite ag an nGníomhaireacht ina leith go bhfuil sí rúnda, maidir le faisnéis áirithe nó maidir le faisnéis d'aicme nó de thuairisc áirithe;

ciallaíonn "údaraithe go cuí" údaraithe ag an nGníomhaireacht nó ag duine éigin atá údaraithe chuige sin ag an nGníomhaireacht chun críocha an ailt seo.

Toirmeasc ar chumarsáidí áirithe.

**40.**—(1) Ní dhéanfaidh duine cumarsáid leis an Ard-Stiúrthóir, le stiúrthóir eile, le fostaí de chuid na Gníomhaireachta, le comhalta den Choiste Comhairleach nó de choiste nó de ghrúpa comhairliúcháin arna bhunú ag an nGníomhaireacht, le sainchomhairleoir, comhairleoir nó duine eile atá fostaithe ag an nGníomhaireacht, nó le duine a mbaineann an Ghníomhaireacht leas as a sheirbhísí, nó a soláthraítear a sheirbhísí di, faoi *alt 44* nó le duine a fheidhmíonn nó a chomhlíonann aon fheidhm thar ceann na Gníomhaireachta faoi chomhaontú faoi *alt 45*, d'fhonn tionchar míchuí a imirt ar bhreithniú an duine sin ar aon ní atá le breithniú, nó a bhfuil breith le tabhairt ina leith, ag an nGníomhaireacht, ag an gcoiste nó ag an ngrúpa comhairliúcháin.

(2) Más rud é, maidir le haon duine dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)* agus a ndéantar cumarsáid leis, go dtagann sé ar an tuairim go sáraíonn an chumarsáid an fo-alt sin, beidh de dhualgas air gan aird a thabhairt ar an gcumarsáid a thuilleadh agus cuirfidh sé ábhar na cumarsáide sin in iúl láithreach don Ghníomhaireacht i scríbhinn agus tabharfaidh an Ghníomhaireacht admháil i scríbhinn á rá go bhfuarthas an fhaisnéis sin.

Coistí agus grúpaí comhairliúcháin.

**41.**—(1) Féadfaidh an Ghníomhaireacht ó am go ham cibé coistí agus grúpaí comhairliúcháin agus cibé líon coistí agus grúpaí comhairliúcháin a cheapadh go ceann cibé tréimhse, agus faoi réir cibé téarmaí tagartha, is cuí léi.

(2) Féadfaidh an Ghníomhaireacht, faoi réir *alt 25(6)*, aon cheann dá feidhmeanna a tharmligean chuig coiste arna cheapadh faoin alt seo, ar feidhm í, i dtuairim na Gníomhaireachta, a fhéadfaidh coiste a chomhlíonadh ar bhealach níos fearr nó níos caoithiúla.

(3) Ceapfaidh an Ghníomhaireacht duine chun bheith ina chathaoirleach ar chruinnithe de choiste nó de ghrúpa comhairliúcháin faoin alt seo agus ceapfaidh sí duine chun gníomhú i gcás an cathaoirleach arna cheapadh amhlaidh a bheith as láthair.

(4) Féadfaidh an Ghníomhaireacht, aon tráth, coiste nó grúpa comhairliúcháin arna cheapadh faoin alt seo a dhíscaoileadh nó comhalta de choiste nó de ghrúpa comhairliúcháin a chur as an gcomhaltas sin.

(5) Déanfar cibé liúntais i leith caiteachais a chinnfidh an tAire, le toiliú an Aire Airgeadais, a íoc, as airgead a bheidh faoina réir ag an nGníomhaireacht, le gach comhalta de choiste nó de ghrúpa comhairliúcháin arna cheapadh faoin alt seo.

(6) Féadfaidh coiste nó grúpa comhairliúcháin arna cheapadh faoin alt seo a nós imeachta nó a ghnó a rialáil le buanorduithe nó ar shlí eile.

Sainchomhairleoirí agus comhairleoirí.

**42.**—(1) Féadfaidh an Ghníomhaireacht ó am go ham cibé sainchomhairleoirí nó comhairleoirí a fhostú a mheasann sí go bhfuil gá leo chun a feidhmeanna a chur i gcrích agus déanfaidh an Ghníomhaireacht aon táillí atá dlite do shainchomhairleoir nó do chomhairleoir a fhostaítear de bhun an ailt seo a íoc as airgead atá faoina réir aici.

(2) Féadfaidh aon duine fógra a thabhairt don Ghníomhaireacht i scríbhinn á rá go bhfuil sé toilteanach a bheith ar fostú ag an nGníomhaireacht mar shainchomhairleoir nó mar chomhairleoir de bhun an ailt seo agus, nuair atá fógra á thabhairt amhlaidh ag an duine sin don Ghníomhaireacht, déanfaidh sé sonraí faoina cháilíochtaí agus faoina thaithí a thabhairt don Ghníomhaireacht.

(3) Coimeádfaidh an Ghníomhaireacht liosta de na daoine a thugann fógra go cuí don Ghníomhaireacht de bhun *fho-alt (2)*.

(4) Déanfaidh an Ghníomhaireacht, le linn di sainchomhairleoir nó comhairleoir a fhostú faoin alt seo, aird a thabhairt ar an liosta a choimeádtar faoi *fho-alt (3)* ach ní fhorléireofar aon ní san fho-alt seo mar ní a choisceann ar an nGníomhaireacht duine nach bhfuil a ainm ar an liosta sin a fhostú mar shainchomhairleoir nó mar chomhairleoir.

(5) Ina tuarascáil bhliantúil, áireoidh an Ghníomhaireacht ráiteas ina mbeidh ainmneacha na ndaoine (más ann) arna bhfostú de bhun an ailt seo le linn na bliana lena mbaineann an tuarascáil.

Aonaid chomhshaoil réigiúnacha a bhunú.

**43.**—(1) Bunóidh an Ghníomhaireacht cibé líon aonad (dá ngairtear aonaid chomhshaoil réigiúnacha san Acht seo) a cheadóidh an tAire agus, a mhéid is indéanta, déanfaidh sí socrú maidir lena feidhmeanna, nó maidir le feidhmeanna ar leith dá cuid, a chomhlíonadh trí na haonaid sin.

(2) Is é a bheidh i ngach aonad comhshaoil réigiúnach cibé líon fostaithe, cibé cineálacha fostaithe agus cibé saoráidí i leith chomhlíonadh a feidhmeanna a mheasann an Ghníomhaireacht a bheith riachtanach.

Seirbhísí a sholáthar don Ghníomhaireacht.

**44.**—(1) D'fhonn a chumasú don Ghníomhaireacht a feidhmeanna a chomhlíonadh amhail ar an agus ón lá cuí, féadfaidh an tAire, mar bheart eatramhach, aon seirbhísí, lena n-áirítear seirbhísí foirne, a theastóidh ón nGníomhaireacht a sholáthar don Ghníomhaireacht agus féadfaidh an Ghníomhaireacht leas a bhaint as cibé seirbhísí a ndéantar socruithe maidir leo faoin alt seo.

(2) Féadfaidh údarás áitiúil nó aon údarás poiblí eile aon seirbhísí, lena n-áirítear seirbhísí foirne, a mbeidh gá ag an nGníomhaireacht leo

i ndáil le comhlíonadh aon cheann dá feidhmeanna faoin Acht seo a sholáthar don Ghníomhaireacht ar cibé téarmaí agus coinníollacha a chomhaontófar.

Comhaontuithe idir an Ghníomhaireacht agus údaráis phoiblí eile.

**45.—**(1) Faoi réir *alt 25(6)*, i gcás—

(*a*) gurb é tuairim na Gníomhaireachta gur ceart, maidir le haon fheidhm nó aon seirbhís a fhéadfaidh sí a fheidhmiú nó a chomhlíonadh, go ndéanfadh údarás poiblí í a fheidhmiú nó a chomhlíonadh thar a ceann, i gcoitinne nó i gcás ar leith, agus

(*b*) go bhfuil an t-údarás poiblí in ann, agus go bhfuil sé toilteanach, an fheidhm nó an tseirbhís a fheidhmiú nó a chomhlíonadh amhlaidh,

féadfaidh an Ghníomhaireacht agus an t-údarás poiblí comhaontú a dhéanamh go bhfeidhmeoidh nó go gcomhlíonfaidh an t-údarás poiblí an fheidhm nó an tseirbhís amhlaidh thar ceann na Gníomhaireachta, agus tiocfaidh sí air sin chun bheith infheidhmithe nó inchomhlíonta amhlaidh ag an údarás poiblí.

(2) I gcás—

(a) go dtiocfaidh feidhm nó seirbhís chun bheith infheidhmithe nó inchomhlíonta ag údarás poiblí de dhroim comhaontú faoi *fho-alt (1)*, agus

(*b*) i gcás go bhfeidhmeodh nó go gcomhlíonfadh an Ghníomhaireacht an fheidhm nó an tseirbhís, go mbeadh sí údaraithe le dlí aon ghníomh nó ní a dhéanamh i ndáil leis an bhfeidhmiú nó leis an gcomhlíonadh sin,

beidh an t-údarás poiblí údaraithe chun an gníomh nó an ní sin a dhéanamh i ndáil le feidhmiú nó comhlíonadh na feidhme nó na seirbhíse ag an údarás poiblí, amhail is dá mba é an Ghníomhaireacht é.

(3) Déanfaidh an Ghníomhaireacht cóip de chomhaontú lena mbaineann an t-alt seo a thabhairt Aire.

(4) Féadfaidh cibé téarmaí agus coinníollacha (lena n-áirítear téarmaí maidir le híocaíocht nó eile) a ndéanfar breith ina leith idir na páirtithe sa chomhaontú a bheith ann in aon chomhaontú faoin alt seo.

(5) Is feidhm fhorchoimeádta í údarás áitiúil do dhéanamh comhaontú faoin alt seo.

(6) San alt seo—

tá le "údarás áitiúil" an bhrí a shanntar dó leis an Acht Rialtais Áitiúil, 1941;

ciallaíonn "feidhm fhorchoimeádta"—

(*a*) maidir le comhairle contae (nó comhlacht toghaí chun críocha na nAchtanna um Bainistí Chontae, 1940 go 1991), feidhm fhorchoimeádta chun críocha na nAchtanna um Bainistí Chontae, 1940 go 1991,

(*b*) maidir le bardas contaebhuirge, feidhm fhorchoimeádta chun críocha na nAchtanna a bhaineann le bainistí na contaebhuirge.

Deontais don Ghníomhaireacht.

**46.**—Féadfaidh an tAire i ngach bliain airgeadais, tar éis comhairle a ghlacadh leis an nGníomhaireacht i ndáil lena clár oibre beartaithe agus lena caiteachas beartaithe don bhliain sin, deontais de cibé méideanna a cheadóidh an tAire Airgeadais a thabhairt as airgead a sholáthróidh an tOireachtas faoi chomhair an chaiteachais a thabhóidh an Ghníomhaireacht i ndáil le comhlíonadh a feidhmeanna.

An Ghníomhaireacht d'fháil iasachtaí.

**47.**—Féadfaidh an Ghníomhaireacht, chun críocha chomhlíonadh a feidhmeanna, airgead a fháil ar iasacht, ach ní dhéanfaidh sí amhlaidh gan toiliú an Aire agus an Aire Airgeadais a fháil.

An Ghníomhaireacht do ghlacadh le bronntanais.

**48.**—(1) Féadfaidh an Ghníomhaireacht glacadh le bronntanais airgid, talún nó maoine eile ar cibé iontaobhais nó coinníollacha (más ann) a shonróidh an deontóir.

(2) Ní ghlacfaidh an Ghníomhaireacht le bronntanas i gcás go mbeadh na hiontaobhais nó na coinníollacha atá ag gabháil leis ar neamhréir le comhlíonadh éifeachtach a feidhmeanna, nó go ndéanfaidís dochar don chomhlíonadh sin.

(3) Ina tuarascáil bhliantúil, foilseoidh an Ghníomhaireacht sonraí i dtaobh na mbronntanas go léir ar ghlac sí leo le linn thréimhse na tuarascála.

Muirir i leith seirbhísí.

**49.**—(1) Féadfaidh an Ghníomhaireacht muirir nó scálaí muirear a chinneadh i ndáil leis an nGníomhaireacht do sholáthar seirbhísí.

(2) Féadfaidh an Ghníomhaireacht cibé muirir a ghearradh is cuí léi de réir na scálaí muirear dá bhforáiltear faoi *fho-alt (1)* i gcomaoin ar sholáthar seirbhísí aici.

(3) Féadfaidh an Ghníomhaireacht aon mhéid a bheidh dlite agus ag dul di faoi *fho-alt (2)* a ghnóthú ón duine a bhfuil sé iníoctha aige mar fhiach conartha shimplí in aon chúirt dlínse inniúla.

Cuntais agus iniúchtaí.

**50.**—(1) Déanfaidh an Ghníomhaireacht na cuntais go léir is cuí agus is gnách ar an airgead go léir a fhaigheann sí nó a chaitheann sí a choimeád i cibé foirm a cheadóidh an tAire le toiliú an Aire Airgeadais.

(2) Déanfar cuntais a choimeádtar de bhun an ailt seo a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste gach bliain lena n-iniúchadh ag cibé tráthanna a ordóidh an tAire, le toiliú an Aire Airgeadais, agus, nuair a bheidh na cuntais sin iniúchta amhlaidh, déanfar iad (mar aon le tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste orthu) a thíolacadh don Aire agus cuirfidh seisean faoi deara cóipeanna de na cuntais iniúchta agus den tuarascáil a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas.

Tuarascáil bhliantúil agus faisnéis don Aire.

**51.**—(1) A luaithe is féidir tar éis dheireadh gach bliana airgeadais, ach tráth nach déanaí ná sé mhí dá éis sin, cuirfidh an Ghníomhaireacht faoi deara tuarascáil i dtaobh chomhlíonadh a feidhmeanna le linn na bliana sin a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas.

(2) Déanfaidh an Ghníomhaireacht cibé faisnéis a iarrfaidh an tAire ó am go ham i ndáil le comhlíonadh a feidhmeanna a thabhairt dó.

## CUID III

### Feidhmeanna na Gníomhaireachta

Feidhmeanna i gcoitinne.

**52.—**(1) Faoi réir fhorálacha an Achta seo, áireoidh feidhmeanna na Gníomhaireachta an méid seo a leanas—

(*a*) gníomhaíochtaí a cheadúnú, a rialáil agus a rialú chun críocha caomhnú comhshaoil,

(*b*) faireachán a dhéanamh ar cháilíocht an chomhshaoil, lena n-áirítear bunachair shonraí i dtaobh faisnéis a bhaineann leis an gcomhshaol a bhunú agus a chothabháil agus socruithe a dhéanamh maidir leis an bhfaisnéis sin a scaipeadh agus maidir le rochtain a bheith ag an bpobal uirthi,

(*c*) seirbhísí tacaíochta agus comhairleacha chun críocha caomhnú comhshaoil a sholáthar d'údaráis áitiúla agus d'údaráis phoiblí eile i ndáil le comhlíonadh aon fheidhm de chuid na n-údarás sin,

(*d*) taighde comhshaoil a chur chun cinn agus a chomhordú, cúnamh agus comhairle a sholáthar i ndáil leis an taighde sin agus an taighde sin a chur i gcrích, a chur faoi deara é a chur i gcrích, nó socrú a dhéanamh lena chur i gcrích,

(*e*) idirchaidreamh leis an nGníomhaireacht Chomhshaoil Eorpach dá bhforáiltear faoi Rialachán 1210/90/CEE ón gComhairle[1],

(*f*) cibé feidhmeanna eile i ndáil le caomhnú comhshaoil a shannfaidh an tAire di, nó a aistreoidh an tAire chuici, faoi *alt 53* nó *54*, lena n-áirítear feidhmeanna a éiríonn as aon oibleagáidí faoi aon chonradh lena rialaítear na Comhphobail Eorpacha nó faoi ionstraim arna glacadh ag institiúidí na gComhphobal sin nó faoi choinbhinsiún nó comhaontú idirnáisiúnta eile ar páirtí ann an Stát, nó a dtiocfaidh an Stát chun bheith ina pháirtí ann.

(2) Le linn di a feidhmeanna a chomhall, déanfaidh an Ghníomhaireacht—

(*a*) í féin a choimeád ar an eolas faoi bheartais agus faoi chuspóirí údaráis phoiblí a bhfuil baint, nó a bhféadfadh baint a bheith, ag a gcuid feidhmeanna le nithe a bhfuil baint ag an nGníomhaireacht leo,

(*b*) aird a thabhairt ar an ngá le hardchaighdeán i dtaca le caomhnú comhshaoil de agus ar an ngá le forbairt, próisis nó oibríochtaí atá inchothaithe agus fónta ó thaobh an chomhshaoil de a chur chun cinn,

[1]I.O. Uimh. L120/1 an 11 Bealtaine, 1990.

(*c*) aird a thabhairt ar an ngá atá le réamhchúram i ndáil leis an éifeacht dhochrach a d'fhéadfadh a bheith le hastaíochtaí, i gcás go bhfuil forais réasúnacha ann, i dtuairim na Gníomhaireachta, chun a chreidiúint go bhféadfadh astaíochtaí den sórt sin a bheith ina gcúis le truailliú comhshaoil suntasach,

(*d*) aird a thabhairt ar an ngá atá le héifeacht a thabhairt, a mhéid is indéanta, don phrionsabal "go n-íocann an truaillitheoir", arna leagan amach i Moladh 75/436/EURATOM, CEGC, CEE an 3 Márta, 1975 ón gComhairle[2], i ndáil le leithroinnt costas agus gníomhaíocht ag údaráis phoiblí maidir le nithe a bhaineann leis an gcomhshaol,

(*e*) a chinntiú, a mhéid is indéanta, go mbaintear cothromaíocht chuí amach idir an gá atá ann an comhshaol a chaomhnú (agus costas an chaomhnaithe sin) agus an gá le forás agus forbairt ó thaobh cúrsaí bonneagair, eacnamaíochta agus sóisialacha de.

Feidhmeanna breise a shannadh.

**53.—**(1) Féadfaidh an tAire, tar éis comhairle a ghlacadh leis an nGníomhaireacht agus le haon Aire eile den Rialtas, ar Aire eile é, i dtuairim an Aire, a bhfuil baint aige leis an ní, cibé feidhmeanna breise a shannadh don Ghníomhaireacht le rialacháin agus, dá dhroim sin, modhnú a dhéanamh ar aon fheidhm láithreach i ndáil le caomhnú comhshaoil is dóigh leis is cuí ó am go ham.

(2) Gan dochar do ghinearáltacht *fho-alt (1)*, féadfar, le rialacháin faoin alt seo, aon fheidhm a shannadh don Ghníomhaireacht a bhaineann le caomhnú comhshaoil agus a éiríonn as aon fhoráil de na conarthaí a rialaíonn na Comhphobail Eorpacha nó aon ionstraim a bheidh glactha ag institiúidí na gComhphobal sin nó as coinbhinsiún nó comhaontú idirnáisiúnta eile ar páirtí ann an Stát, nó a dtiocfaidh an Stát chun bheith ina pháirtí ann, a chur i ngníomh nó atá riachtanach i ndáil le cur i ngníomh na forála sin.

(3) Féadfar, le haon rialacháin arna ndéanamh de bhun an ailt seo, socrú a dhéanamh maidir le cibé feidhmeanna coimhdeacha, teagmhasacha agus forlíontacha a shannadh don Ghníomhaireacht ar feidhmeanna iad atá, i dtuairim an Aire, riachtanach chun aon fhoráil de na conarthaí a rialaíonn na Comhphobail Eorpacha nó aon ionstraim arna glacadh ag institiúidí na gComhphobal sin nó coinbhinsiún nó comhaontú idirnáisiúnta eile ar páirtí ann an Stát, nó a dtiocfaidh an Stát chun bheith ina pháirtí ann, a chur i ngníomh nó atá, i dtuairim an Aire, riachtanach i dtaca leis an gcur i ngníomh sin.

(4) (*a*) Faoi réir rialacháin faoin alt seo, féadfaidh an Ghníomhaireacht muirear a ghearradh, is muirear i dtaca le comhlíonadh éifeachtach aon fheidhme arna sannadh di faoin alt seo, nó atá coimhdeach leis an gcomhlíonadh sin, nó is muirear chun críocha an chomhlíonta sin.

(*b*) Féadfaidh an Ghníomhaireacht aon mhéid atá dlite di agus ag dul di faoi *mhír (a)* a ghnóthú ó aon duine den sórt sin mar fhiach conartha shimplí in aon chúirt dlínse inniúla.

[2]I.O. Uimh. L194/1 an 25 Iúil, 1975.

**54.**—(1) Féadfaidh an tAire, tar éis comhairle a ghlacadh leis an nGníomhaireacht, rialacháin a dhéanamh lena ndéantar socrú á rá, maidir le haon fheidhm a bhaineann le caomhnú comhshaoil agus a thugtar d'údarás poiblí faoi aon achtachán atá sonraithe sa *Dara Sceideal*, gurb amhlaidh, i gcás gur deimhin leis an Aire go bhféadfadh an Ghníomhaireacht an fheidhm a chomhlíonadh ar mhodh níos éifeachtaí, go ndéanfaidh an Ghníomhaireacht an fheidhm a chomhlíonadh, le héifeacht ó dháta a shonrófar sna rialacháin, i dteannta nó in ionad í a bheith á comhlíonadh ag an údarás sin. Feidhmeanna a aistriú.

(2) Ní dhéanfar rialacháin faoi *fho-alt (1)* ach amháin le comhaontú aon Aire eile den Rialtas atá freagrach go díreach as an bhfeidhm lena mbaineann nó ar faoina choimirce a oibríonn an t-údarás poiblí atá freagrach as an bhfeidhm.

(3) Aon uair atá rialacháin faoin alt seo i bhfeidhm i ndáil le feidhm ar leith, forléireofar tagairt in aon achtachán don údarás poiblí lena mbaineann mar thagairt a fholaíonn tagairt don Ghníomhaireacht agus is feidhm de chuid na Gníomhaireachta í aon fheidhm lena mbaineann na rialacháin.

(4) Féadfaidh cibé forálacha teagmhasacha, forlíontacha, iarmhartacha agus idirthréimhseacha (lena n-áirítear forálacha lena modhnaítear aon fhoráil den Acht seo nó d'aon achtachán eile) a bheith i rialacháin faoin alt seo, ar forálacha iad a dhealraíonn don Aire a bheith riachtanach chun críocha na rialachán nó de dhroim na rialachán nó chun lánéifeacht a thabhairt do na rialacháin.

**55.**—(1) Féadfaidh an Ghníomhaireacht, dá toil féin, agus déanfaidh sí nuair a iarrann Aire den Rialtas uirthi é, faisnéis nó comhairle a thabhairt, nó moltaí a dhéanamh, chun críocha caomhnú comhshaoil, d'aon Aire den sórt sin maidir le haon ní a bhaineann lena fheidhmeanna nó lena fhreagrachtaí agus tabharfaidh an tAire sin aird ar aon fhaisnéis nó comhairle den sórt sin a thugtar nó ar aon mholtaí den sórt sin a dhéantar. Feidhmeanna comhairleacha i ndáil le hAirí den Rialtas.

(2) Gan dochar do ghinearáltacht *fho-alt (1)*—

(*a*) féadfaidh an Ghníomhaireacht, agus déanfaidh sí nuair a iarrann Aire den Rialtais uirthi é—

(i) measúnacht a ullmhú agus a chur faoi bhráid an Aire lena mbaineann, ar measúnacht í ar aon togra le haghaidh aon chonradh lena rialaítear na Comhphobail Eorpacha nó aon ionstraim de chuid institiúidí de chuid na gComhphobal sin nó coinbhinsiún nó comhaontú idirnáisiúnta eile ar páirtí ann an Stat, nó a dtiocfaidh an Stát chun bheith ina pháirtí ann, ar conradh nó ionstraim, nó coinbhinsiún nó comhaontú idirnáisiúnta eile, é nó í a bhfuil baint aige nó aici le caomhnú comhshaoil, nó ar aon togra chun aon chonradh nó ionstraim, nó aon choinbhinsiún nó comhaontú idirnáisiúnta eile, den sórt sin a leasú nó a chur i ngníomh,

(ii) comhairle a thabhairt don Aire lena mbaineann i ndáil le haon tograí le haghaidh athrú reachtaíochta, nó maidir le haon nithe eile i dtaca le beartas, ar nithe iad bhaineann le caomhnú comhshaoil agus nithe gaolmhara,

(iii) aon tograí a mheasfaidh sí is cuí chun aon achtachán a bhaineann le caomhnú comhshaoil a leasú, nó aon tograí le haghaidh achtacháin nua a bhaineann le caomhnú comhshaoil, a chur faoi bhráid an Aire lena mbaineann,

(iv) faisnéis a ullmhú agus a chur faoi bhráid an Aire lena mbaineann, nó comhairle a thabhairt dó, ar faisnéis nó comhairle í a bhfuil baint aici le treoirlínte, caighdeáin agus nithe eile, lena n-áirítear bainistiú limistéar cósta a mhéid a bhaineann le caomhnú comhshaoil,

(v) tuairisciú don Aire lena mbaineann, agus moltaí a dhéanamh dó, i dtaobh saincheisteanna nó fadhbanna comhshaoil áirithe,

(*b*) féadfaidh an Ghníomhaireacht, agus déanfaidh sí, nuair a iarrann an tAire uirthi é, moltaí a dhéanamh don Aire i ndáil le haon mhodhnú nó aon leathnú ar fheidhmeanna na Gníomhaireachta a mheasann sí is cuí.

(3) Féadfaidh an tAire, le hordú arna dhéanamh tar éis comhairle a ghlacadh le haon Aire eile den Rialtas lena mbaineann, socrú a dhéanamh go mbeidh feidhm is inchomhlíonta ag an nGníomhaireacht faoi *fho-alt (1)* nó faoi *fho-alt (2)(a)* inchomhlíonta freisin i ndáil le haon údarás poiblí eile a bhfuil an tAire eile sin freagrach as.

(4) Féadfaidh an Ghníomhaireacht, comhdhálacha, seimineáir, léachtaí, taispeántais, cúrsaí oiliúna nó foilseacháin do dhaoine a bhfuil baint acu le caomhnú comhshaoil a eagrú agus a chur chun cinn ar son aon Aire den Rialtas nó ar son aon údarás poiblí arna ainmniú le hordú faoi *fho-alt (3)*, nó ar son aon duine nó comhlacht eile, nó féadfaidh sí cabhrú leis an eagrú agus leis an gcur chun cinn sin.

Feidhmeanna comhairleacha i ndáil le húdaráis áitiúla.

**56.**—(1) Féadfaidh an Ghníomhaireacht, agus déanfaidh sí nuair a iarrann an tAire uirthi é, faisnéis nó comhairle a thabhairt, nó moltaí a dhéanamh, chun críocha caomhnú comhshaoil, d'údarás áitiúil nó d'údaráis áitiúla i gcoitinne i ndáil le comhlíonadh aon aon cheann dá fheidhmeanna nó dá bhfeidhmeanna agus tabharfaidh an t-údarás nó na húdaráis aird ar aon fhaisnéis nó comhairle den sórt sin a thugtar nó ar aon mholtaí den sórt sin a dhéantar.

(2) Gan dochar do ghinearáltacht *fho-alt (1)*, féadfaidh baint a bheith ag faisnéis, comhairle nó moltaí faoin alt seo leis na nithe seo a leanas—

(*a*) saoráidí agus trealamh saotharlainne, agus seirbhísí gaolmhara, a sholáthar,

(*b*) imeachtaí dlíthiúla a ullmhú maidir le haon sárú ar achtachán a bhaineann le caomhnú comhshaoil,

(*c*) na caighdeáin, na coinníollacha nó na critéir atá le cur i bhfeidhm, nó na treoirlínte, na cóid chleachtais nó na nósanna imeachta atá le leanúint, chun críocha caomhnú comhshaoil a mhéid a bhaineann le haon fhorbairt, próiseas nó cleachtas, i gcoitinne nó le haon fhorbairt, próiseas nó cleachtas d'aicme ar leith,

(*d*) bainistiú limistéar cósta chun críocha caomhnú comhshaoil,

(*e*) faireachán a dhéanamh ar astaíochtaí agus ar cháilíocht an chomhshaoil,

(*f*) modhanna chun sampláil, tomhas agus anailísiú a dhéanamh, agus an trealamh atá le húsáid le haghaidh na samplála, an tomhais agus an anailísithe sin.

(3) Féadfaidh an Ghníomhaireacht comhdhálacha, seimineáir, léachtaí, taispeántais, cúrsaí oiliúna nó foilseacháin do bhaill foirne údarás áitiúil a ghabhann do chaomhnú comhshaoil nó do chomhaltaí de chuid údaráis áitiúla a eagrú agus a chur chun cinn, nó féadfaidh sí cabhrú leis an eagrú agus leis an gcur chun cinn sin.

(4) San alt seo tá le "údarás áitiúil" an bhrí a shanntar dó leis an Acht Rialtais Áitiúil, 1941.

Cúnamh d'údaráis áitiúla.

**57.—**(1) Déanfaidh an Ghníomhaireacht cibé tacaíocht ghinearálta agus cúnamh ginearálta a mheasann sí a bheith riachtanach agus indéanta chun críocha caomhnaithe comhshaoil a sholáthar d'údaráis áitiúla a mhéid a bhaineann le comhlíonadh aon cheann dá bhfeidhmeanna de réir mar a mheasann sí a bheith riachtanach agus indéanta.

(2) Féadfaidh an Ghníomhaireacht, chun críocha *fho-alt (1)*, socruithe a dhéanamh le húdarás áitiúil, ar cibé téarmaí agus coinníollacha a chomhaontófar, chun seirbhísí, lena n-áirítear seirbhísí a bhaineann le foireann agus le trealamh, a sholáthar don údarás áitiúil sin.

(3) San alt seo tá le "údarás áitiúil" an bhrí a shanntar dó leis an Acht Rialtais Áitiúil, 1941.

Uisce óil.

**58.—**(1) (*a*) Féadfaidh an Ghníomhaireacht a cheangal ar údarás sláintíochta cibé faisnéis a shonróidh an Ghníomhaireacht a chur faoina bráid ar cibé slí agus ag cibé tráthanna a ordóidh sí, ar faisnéis í maidir le faireachán ar cháilíocht uisce a bheartaítear lena ól ag an duine de bhun Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Cáilíocht Uisce a Bheartaítear lena Ól ag an Duine), 1988, nó de bhun aon achtachán lena leasaítear nó lena n-ionadaítear na rialacháin sin nó de bhun aon achtachán eile a bhaineann le huisce óil de réir mar a fhorordófar.

(*b*) Déanfaidh an Ghníomhaireacht cibé faireachán a mheasann sí a bheith riachtanach chun faisnéis (lena n-áirítear torthaí an fhaireacháin) a chuirtear ar aghaidh chuici faoi *mhír (a)* a fhíorú nó cuirfidh sí faoi deara go ndéantar an faireachán sin nó déanfaidh sí socrú maidir leis an bhfaireachán sin a dhéanamh.

(2) Déanfaidh an Ghníomhaireacht, i ndáil le gach bliain, tuarascáil maidir leis an bhfaireachán, agus measúnacht ar na torthaí, dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)*, a ullmhú agus a chur faoi bhráid an Aire agus déanfaidh sí cibé moltaí is dóigh léi is cuí a áireamh sa tuarascáil.

(3) Déanfaidh an tAire gach tuarascáil faoi *fho-alt (1)* a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas agus foilseoidh an Ghníomhaireacht gach tuarascáil den sórt sin.

Séaracht nó eisiltigh eile.

**59.—**(1) Féadfaidh an tAire, chun críocha caomhnú comhshaoil agus, go háirithe, chun lánéifeacht a thabhairt do Threoir 91/271/CEE ón gComhairle[3], rialacháin a dhéanamh i dtaca le bailiú, cóireáil, scardadh nó diúscairt séarachta nó eisilteach eile isteach in uiscí—

(*a*) ó aon ghléasra nó píopa siltin atá dílsithe d'údarás sláintíochta nó atá á rialú nó á úsáid aige chun uisce óil a chóireáil, nó

(*b*) ó aon ghléasra, séarach nó píopa siltin atá dílsithe d'údarás sláintíochta nó atá á rialú nó á úsáid aige chun séaracht nó eisiltigh eile a chóireáil agus a dhiúscairt.

(2) Gan dochar do ghinearáltacht *fho-alt (1)*, féadfar, le rialacháin, socrú a dhéanamh maidir le gach ceann, nó maidir le haon cheann ar leith, de na nithe seo a leanas—

(*a*) an tréimhse ama ar laistigh di a chuirfear córais shonraithe nó aicmí córas sonraithe ar fáil chun eisiltigh shéarachta a bhailiú agus a chóireáil,

(*b*) dearadh, déanamh agus cothabháil córas bailithe agus cóireála,

(*c*) caighdeáin nó ceanglais eile le haghaidh eisiltigh a shonraítear i *bhfo-alt (1)*,

(*d*) critéir i dtaca le cibé duine a shonrófar d'ainmniú limistéar nó aicmí limistéar nó uiscí nó aicmí uiscí agus na tréimhsí ama ar laistigh díobh a dhéanfar nó a athbhreithneofar na hainmnithe sin chun críocha *fho-alt (3)*,

(*e*) faireachán ar shéaracht nó ar eisiltigh eile agus ar uiscí a scardtar séaracht nó eisiltigh eile isteach iontu,

(*f*) athúsáid agus diúscairt eisilteach.

(3) Maidir le caighdeáin nó ceanglais eile a fhorordaítear faoi *fho-alt (2)*, féadfaidh baint a bheith acu leis na nithe seo a leanas—

(*a*) gach eisilteach, nó aicmí sonraithe eisilteach nó toirteanna sonraithe eisilteach,

(*b*) eisiltigh i limistéir ainmnithe nó in aicmí limistéar ainmnithe nó gléasra sonraithe, séaraigh shonraithe nó píopaí siltin sonraithe nó aicmí sonraithe gléasra, séarach nó píopaí siltin, nó

(*c*) eisiltigh a scardtar chuig uiscí ainmnithe nó aicmí uiscí ainmnithe,

agus féadfar caighdeáin éagsúla nó ceanglais eile a fhorordú i ndáil le heisiltigh éagsúla nó aicmí éagsúla eisilteach, le limistéir éagsúla nó aicmí éagsúla limistéar, le huiscí éagsúla nó aicmí éagsúla uiscí, nó le gléasraí, séaraigh nó píopaí siltin éagsúla nó le haicmí éagsúla gléasraí séarach nó píopaí siltin.

(4) Déanfaidh an tAire, le linn dó caighdeáin nó ceanglais eile a fhorordú faoi *fho-alt (2)*, aird a thabhairt ar aon chritéir a bheidh sonraithe agus foilsithe ag an nGníomhaireacht faoi *alt 60*.

[3]I.O. Uimh. L135/40 an 30 Bealtaine, 1991.

(5) Féadfaidh an tAire rialacháin a dhéanamh lena ndéantar socrú go ndeonóidh an Ghníomhaireacht údarú d'údarás sláintíochta maidir le scardadh na nithe seo a leanas:

(*a*) gach eisilteach, nó aicmí sonraithe eisilteach nó toirteanna sonraithe eisilteach,

(*b*) eisiltigh i limistéir ainmnithe nó in aicmí limistéar ainmnithe nó i ngléasra, i séaraigh nó i bpíopaí siltin sonraithe nó in aicmí sonraithe gléasra, séarach nó píopaí siltin, nó

(*c*) eisiltigh a scardtar chuig uiscí ainmnithe nó aicmí uiscí ainmnithe,

agus á cheangal ar an údarás sláintíochta sin cibé caighdeáin nó ceanglais eile a bheidh sonraithe faoi *fho-alt (2)(c)* a chomhlíonadh.

(6) I gcás caighdeán nó ceanglas eile a bheith forordaithe faoi *fho-alt (2)*, déanfaidh an t-údarás sláintíochta, más gá, bearta a chur i bhfeidhm luaithe is indéanta, nó laistigh de cibé tréimhse a fhorordófar chun an caighdeán sin nó an ceanglas eile sin a chomhlíonadh, lena chinntiú go gcomhlíonann an t-eisilteach sin an caighdeán nó an ceanglas eile.

(7) Is cosaint mhaith ar ionchúiseamh i leith cion faoi aon achtachán seachas an tAcht seo go raibh an gníomh arb é an cion líomhnaithe é i gcomhréir le caighdeán nó ceanglas eile a shonraítear faoi *fho-alt (2)(c)* nó le húdarú arna dheonú faoin alt seo.

(8) Déantar alt 26 den Acht Rialtais Áitiúil (Truailliú Uisce), 1977, a leasú leis seo tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (1):

> "(1A) Ní bheidh baint ag rialacháin faoin alt seo le séaracht ná le heisiltigh eile ó aon oibreacha, gaireas, gléasra cóireála, séarach nó píopa siltin atá dílsithe d'údarás sláintíochta nó atá á rialú nó á úsáid aige chun séaracht nó eisiltigh eile a dhiúscairt in aon uiscí.".

Feidhmeanna na Gníomhaireachta i ndáil le cóireáil uisce nó séarachta.

**60.**—(1) Féadfaidh an Ghníomhaireacht, agus déanfaidh sí má ordaíonn an tAire di amhlaidh, critéir agus nósanna imeachta a shonrú agus a fhoilsiú, ar critéir agus nósanna imeachta iad atá réasúnach agus inmhianaithe i dtuairim na Gníomhaireachta chun críocha caomhnú comhshaoil, a mhéid a bhaineann le bainistiú, cothabháil, maoirsiú, oibriú nó úsáid gach aicme, nó aicmí sonraithe, gléasra, séaraigh nó píopa siltin atá dílsithe d'údarás sláintíochta nó á rialú nó á úsáid aige chun uisce óil a chóireáil nó chun aon séaracht nó eisilteach eile a chóireáil nó a dhiúscairt chuig aon uiscí agus beidh aird ag an údarás sláintíochta, le linn dó a fheidhmeanna a chomhlíonadh, ar na critéir agus na nósanna imeachta sin.

(2) Gan dochar *d'fho-alt (1)*, féadfaidh baint a bheith ag critéir agus nósanna imeachta sonraithe leis na nithe seo a leanas—

(*a*) láithreáin a roghnú,

(*b*) suíomh scardtaí eisilteach, na tréimhsí ar lena linn a fhéadfar nó nach bhféadfar scardtaí a dhéanamh agus dearadh agus déanamh easraisí le haghaidh scardtaí,

(*c*) méadair, tomhsairí, gaireas eile, dúnphoill agus liosanna iniúchóireachta a sholáthar agus a chothabháil.

Faireachán i ndáil le heisiltigh údarás sláintíochta.

**61.**—(1) (a) Maidir le húdarás sláintíochta a bhfuil aon ghléasra, séarach nó píopa siltin dílsithe dó, nó á rialú nó á úsáid aige, ar gléasra, séarach nó píopa siltin é óna scardtar eisilteach chuig uiscí agus arb ina leith a bheidh caighdeáin nó ceanglais eile forordaithe nó údarú eisithe faoi *alt 59,* nó critéir agus nósanna imeachta sonraithe faoi *alt 60,* déanfaidh sé, nó cuirfidh sé faoi deara go ndéanfar, nó socróidh sé go ndéanfar, cibé faireachán ar an eisilteach nó ar na huiscí lena mbaineann nó i dtaca le bainistiú nó oibriú an ghléasra, an tséaraigh nó an phíopa siltin—

(i) a bheidh riachtanach nó forordaithe faoi *alt 59(2)(e)* chun measúnacht a dhéanamh ar chomhlíonadh caighdeán nó ceanglas eile a bheidh forordaithe, nó ar chomhlíonadh údaraithe a bheidh eisithe, faoi *alt 59,* nó

(ii) a ordóidh an Ghníomhaireacht i ndáil le critéir agus nósanna imeachta a shonraítear faoi *alt 60*, agus tarchuirfidh sé torthaí an fhaireacháin sin ar aghaidh chuig an nGníomhaireacht ar cibé modh agus ag cibé tráthanna a ordóidh an Gníomhaireacht.

(*b*) Déanfaidh an Ghníomhaireacht, cuirfidh sí faoi deara go ndéanfar, nó socróidh sí go ndéanfar, cibé faireachán a mheasann sí a bheith riachtanach chun torthaí a tharchuirtear chuici faoi *mhír (a)* a fhíorú.

(2) I gcás—

(*a*) gurb é tuairim na Gníomhaireachta nach leor an faireachán atá á dhéanamh de réir fhorálacha *fho-alt (1)(a)(i)* chun measúnacht a dhéanamh ar chomhlíonadh caighdeán nó ceanglas eile a bheidh forordaithe, nó ar chomhlíonadh údaraithe a bheidh eisithe, faoi *alt 59*, nó

(*b*) nach bhfuil an Ghníomhaireacht sásta le freagairt údaráis sláintíochta ar ordachán faoi *fho-alt (1)(a)(ii),*

glacfaidh sí comhairle leis an údarás sláintíochta lena mbaineann agus más rud é go bhfuil an Ghníomhaireacht míshásta fós leis an bhfreagairt tar éis an chomhairliúcháin sin, déanfaidh an Ghníomhaireacht, cuirfidh sí faoi deara go ndéanfar, nó socróidh sí go ndéanfar, an faireachán lena mbaineann agus féadfaidh an Ghníomhaireacht costais an fhaireacháin a ghnóthú ón údarás sláintíochta mar fhiach conartha shimplí in aon chúirt dlínse inniúla.

(3) Déanfaidh an Ghníomhaireacht, ó am go ham, nó i gceann cibé eatraimh nach faide ná dhá bhliain agus ar cibé modh a fhorordófar d'fhonn faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh caighdeáin shonraithe nó ceanglais eile a bheidh forordaithe, nó ar chomhlíonadh údaruithe a bheidh eisithe, faoi *alt 59,* tuarascálacha ar cháilíocht eisilteach a bheidh á scardadh ó ghléasra, ó shéaraigh nó ó phíopaí siltin atá dílsithe d'údaráis sláintíochta, nó atá á rialú nó á n-úsáid acu a ullmhú agus a fhoilsiú agus déanfaidh sí cibé moltaí a mheasann sí is cuí a áireamh i dtuarascálacha den sórt sin.

**62.**—(1) Déanfaidh an Ghníomhaireacht, a luaithe is indéanta, chun críocha caomhnú comhshaoil, critéir agus nósanna imeachta a shonrú agus a fhoilsiú maidir le roghnú, bainistiú agus oibriú láithreán líonta talún le haghaidh diúscairt iarmhair tís agus iarmhair eile agus maidir le húsáid na láithreán sin a fhoirceannadh.

Láithreáin líonta talún le haghaidh diúscairt iarmhair.

(2) Gan dochar do ghinearáltacht *fho-alt (1)*, féadfaidh baint a bheith ag critéir shonraithe agus ag nósanna imeachta sonraithe leis na nithe seo a leanas—

(*a*) láithreáin a roghnú,

(*b*) dearadh láithreán agus láithreáin a thabhairt i ngníomh,

(*c*) tionchair ar an gcomhshaol,

(*d*) láisteáit a bhainistiú, a chóireáil agus a rialú,

(*e*) gás ó líonadh talún a rialú agus a aisghabháil,

(*f*) treoirlínte oibríochta, lena n-áirítear aicmiú dramhaíola agus critéir ghlactha a bhunú le haghaidh líonadh talún,

(*g*) aicmí éagsúla dramhaíola a ghlacadh ag aicmí éagsúla láithreán,

(*h*) dóiteáin, loitmhíola agus bruscar a rialú,

(*i*) saoráidí cuí aisghabhála, athúsáide agus athchúrsála,

(*j*) dramhaíl tionscail agus dramhaíl eile a dhiúscairt in éineacht lena chéile,

(*k*) faireachán a dhéanamh ar láisteáit, ar eisiltigh eile agus ar astaíochtaí,

(*l*) úsáid a fhoirceannadh agus faireachán a dhéanamh dá éis sin.

(3) (*a*) Maidir le húdarás áitiúil a bhainistíonn nó a oibríonn láithreán líonta talún lena mbaineann critéir shonraithe agus nósanna imeachta sonraithe, déanfaidh sé, cuirfidh sé faoi deara go ndéanfar, nó socróidh sé go ndéanfar, cibé faireachán a ordóidh an Ghníomhaireacht i dtaca le bainistiú nó oibriú an láithreáin líonta talún, agus déanfaidh sé torthaí an fhaireacháin sin, mar aon le cibé faisnéis ar bhainistiú nó oibriú an láithreáin, a tharchur chuig an nGníomhaireacht ar cibé modh agus ag cibé tráthanna a ordóidh an Ghníomhaireacht.

(*b*) Déanfaidh an Ghníomhaireacht, cuirfidh sí faoi deara go ndéanfar, nó socróidh sí go ndéanfar, cibé faireachán a mheasann sí a bheith riachtanach chun torthaí a tharchuirtear chuici faoi *mhír (a)* a fhíorú.

(4) I gcás nach bhfuil an Ghníomhaireacht sásta leis an bhfreagairt ó údarás áitiúil ar ordachán faoi *fho-alt (3)(a)*, glacfaidh sí comhairleleis an údarás áitiúil lena mbaineann agus, más rud é go bhfuil an Ghníomhaireacht míshásta fós leis an bhfreagairt tar éis an chomhairliúcháin sin, déanfaidh an Ghníomhaireacht, cuirfidh sí faoi deara go ndéanfar, nó socróidh sí go ndéanfar, an faireachán lena mbaineann agus féadfaidh an Ghníomhaireacht costais an fhaireacháin

a ghnóthú ón údarás áitiúil mar fhiach conartha shimplí in aon chúirt dlínse inniúla.

(5) I gcás go mbaineann critéir agus nósanna imeachta a shonraítear faoin alt seo le láithreán líonta talún atá á bhainistiú nó á oibriú ag údarás áitiúil, déanfaidh an t-údarás, más gá, bearta a chur i bhfeidhm a luaithe is indéanta lena chinntiú go gcomhlíonann bainistiú nó oibriú an láithreáin líonta talún sin na critéir shonraithe agus na nósanna imeachta sonraithe.

(6) Déanfaidh an Ghníomhaireacht, ó am go ham, tuarascálacha a ullmhú agus a fhoilsiú ar bhainistiú agus oibriú láithreán líonta talún údarás áitiúil agus déanfaidh sí cibé moltaí a mheasann sí is cuí a áireamh sna tuarascálacha sin.

(7) San alt seo, ciallaíonn "údarás áitiúil" bailitheoir poiblí dramhaíola chun críocha Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Iarmhar), 1979.

Údaráis áitiúla do chomhlíonadh feidhmeanna reachtúla.

**63.—**(1) I gcás gurb é tuairim na Gníomhaireachta gur mhainnigh údarás áitiúil feidhm reachtúil de chuid an údaráis sin a chomhlíonadh i ndáil le caomhnú comhshaoil, nó gur chomhlíon sé an fheidhm sin ar mhodh míshásúil, féadfaidh an Ghníomhaireacht a iarraidh ar an údarás tuarascáil a thabhairt laistigh de thréimhse shonraithe i ndáil leis an ní agus comhlíonfaidh an t-údarás áitiúil an iarraidh.

(2) Féadfaidh an Ghníomhaireacht, tar éis di aon tuarascáil ón údarás áitiúil a bhreithniú, d'fhonn a chinntiú go gcomhlíontar an fheidhm atá i gceist go sásúil—

(*a*) cibé comhairle agus moltaí a mheasann sí a bheith riachtanach a eisiúint chuig an údarás áitiúil, nó

(*b*) cibé cúnamh nó tacaíocht a mheasann an Ghníomhaireacht a bheadh cuiditheach, tar éis di comhairle a ghlacadh leis an údarás áitiúil lena mbaineann, a sholáthar ar cibé téarmaí agus coinníollacha a chomhaontófar.

(3) (*a*) I gcás, maidir le freagairt an údaráis áitiúil ar chomhairle nó ar mholtaí arna heisiúint nó arna n-eisiúint, nó ar chúnamh nó tacaíocht arna thairiscint nó arna tairiscint, faoi *fho-alt (2)*, gurb é tuairim na Gníomhaireachta nach leor an fhreagairt sin chun críocha caomhnú comhshaoil, féadfaidh an Ghníomhaireacht, gan dochar d'aon cheann dá cumhachtaí faoin Acht seo nó faoi aon achtachán eile, a ordú don údarás áitiúil cibé gníomh a dhéanamh a bhaineann leis an bhfeidhm atá i gceist agus a mheasann an Ghníomhaireacht a bheith riachtanach chun críocha caomhnú comhshaoil, nó féadfaidh sí a chur faoi deara go ndéanfar, nó socrú a dhéanamh go ndéanfar, an gníomh sin laistigh de cibé tréimhse a shonrófar.

(*b*) I gcás go mainníonn údarás áitiúil, gan cúis réasúnach, ordachán faoi *mhír (a)* a chomhlíonadh, déanfaidh an Ghníomhaireacht, cuirfidh sí faoi deara go ndéanfar, nó socróidh sí go ndéanfar, cibé gníomh a bhaineann leis an bhfeidhm atá i gceist agus a mheasann sí a bheith riachtanach lena chinntiú go gcomhlíontar an t-ordachán, agus féadfaidh an Ghníomhaireacht costais an ghnímh sin a ghnóthú ón

údarás áitiúil mar fhiach conartha shimplí in aon chúirt dlínse inniúla.

(*c*) Ní thabharfaidh an Ghníomhaireacht ordachán faoi *mhír (a)* mura rud é go bhfuil na cistí is gá ag an údarás áitiúil, ag féachaint go cuí dá chuid feidhmeanna reachtúla eile, chun an t-ordachán a chomhlíonadh, nó mura rud é gur féidir leis, le réasún, na cistí sin a chur ar fáil.

(4) Ní fhorléireofar aon ní san alt seo mar ní lena gcumasaítear don Ghníomhaireacht aon chumhacht nó rialú faoin alt seo a fheidhmiú i ndáil le breith a thabhairt i dtaobh iarratas ar chead faoi Chuid IV d'Acht 1963.

(5) San alt seo, tá le "údarás áitiúil" an bhrí a shanntar dó leis an Acht Rialtais Áitiúil, 1941.

**64.—**(1) Déanfaidh an Ghníomhaireacht, tar éis di comhairle a ghlacadh le cibé daoine nó comhlachtaí (más ann) a fhorordófar, clár náisiúnta a ullmhú chun faisnéis faoi na leibhéil, na toirteanna agus na sreafaí uisce in aibhneacha, lochanna agus screamhuiscí sa Stát (dá ngairtear "sonraí hidriméadrachta" san Acht seo) a bhailiú, a anailísiú agus a fhoilsiú, agus cuirfidh an Ghníomhaireacht cóip den chlár sin chuig an Aire a luaithe is féidir. Clár hidriméadrachta.

(2) Féadfaidh an Ghníomhaireacht, tar éis di comhairle a ghlacadh leis na daoine nó na comhlachtaí (más ann) dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)*, clár faoin alt seo a athleasú ó am go ham agus athbhreithneofar é gach cúig bliana ar a laghad.

(3) Is é dualgas na Gníomhaireachta bearta cuí a dhéanamh lena chinntiú go gcuirtear clár faoina alt seo i ngníomh agus, chun na críche sin, féadfaidh an Ghníomhaireacht—

(*a*) a ordú d'údarás áitiúil cibé tomhsairí agus trealamh eile a shonróidh sí a sholáthar, a oibriú agus a chothabháil agus faisnéis shonraithe a thabhairt don Ghníomhaireacht ar cibé modh agus ag cibé tráthanna a shonróidh sí,

(*b*) socruithe a dhéanamh le haon údarás poiblí, nó le duine nó comhlacht eile, chun cibé tomhsairí agus trealamh eile a shonróidh sí a sholáthar, a oibriú agus a chothabháil agus chun faisnéis shonraithe a thabhairt don Ghníomhaireacht ar cibé modh agus ag cibé tráthanna a shonróidh sí,

(*c*) tomhsairí agus trealamh eile a sholáthar, a oibriú agus a chothabháil chun sonraí hidriméadrachta a thaifeadadh.

(4) I gcás nach bhfuil an Ghníomhaireacht sásta le freagairt údaráis áitiúil ar ordachán faoi *fho-alt (3)(a)*, glacfaidh sí comhairle leis an údarás áitiúil lena mbaineann, agus, más rud é go bhfuil an Ghníomhaireacht míshásta fós leis an bhfreagairt tar éis an chomhairliúcháin sin, déanfaidh an Ghníomhaireacht, nó cuirfidh sí faoi deara go ndéanfar, nó socróidh sí go ndéanfar, an faireachán lena mbaineann agus féadfaidh an Ghníomhaireacht costais an fhaireacháin a ghnóthú ón údarás áitiúil mar fhiach conartha shimplí in aon chúirt dlínse inniúla.

**65.—**(1) Déanfaidh an Ghníomhaireacht, tar éis di comhairle a ghlacadh le cibé daoine nó comhlachtaí (más ann) a fhorordófar, cláir a Clár faireacháin comhshaoil.

ullmhú chun faireachán a dhéanamh ar cháilíocht an chomhshaoil agus cuirfidh an Ghníomhaireacht cóip de gach clár den sórt sin chuig an Aire a luaithe is féidir agus foilseoidh an Ghníomhaireacht na cláir sin.

(2) Sonrófar an méid seo a leanas i gclár faoin alt seo—

(*a*) cineál agus méid an fhaireacháin lena mbaineann an clár agus na cúiseanna gur ceart, i dtuairim na Gníomhaireachta, an faireachán a dhéanamh,

(*b*) na daoine nó na comhlachtaí (lena n-áirítear an Ghníomhaireacht) a bhfuil an faireachán atá beartaithe le déanamh acu,

(*c*) na hacmhainní, lena n-áirítear trealamh, saoráidí eile agus foireann, a bhfuil gá leo chun an faireachán a dhéanamh, agus costas an mhéid sin,

(*d*) na socruithe a mheasann an Ghníomhaireacht is cuí maidir le rochtain ar thorthaí an fhaireacháin, agus maidir le scaipeadh agus foilsiú na dtorthaí sin.

(3) Is é dualgas na Gníomhaireachta bearta cuí a dhéanamh lena chinntiú go gcuirtear clár faoin alt seo i ngníomh agus, chun na críche sin, féadfaidh an Ghníomhaireacht—

(*a*) cibé ordacháin a mheasann sí is cuí a thabhairt d'aon údarás áitiúil i ndáil leis an údarás sin do dhéanamh faireacháin,

(*b*) socruithe a dhéanamh le haon údarás poiblí, nó le haon duine nó comhlacht eile, chun faireachán sonraithe a dhéanamh,

(*c*) cibé faireachán a dhéanamh a mheasfaidh sí is gá chun críocha an chláir, nó a chur faoi deara nó a shocrú go ndéantar é,

(*d*) cúnamh a thabhairt d'aon duine nó comhlacht le linn dó aon chuid den chlár faireacháin ceadaithe a sheoladh.

(4) Féadfaidh an tAire rialacháin a dhéanamh lena sonraítear an faireachán nó na haicmí faireacháin arb ina leith a rachaidh an Ghníomhaireacht i gcomhairle leis agus a gheobhaidh sí a chomhaontú sula dtabharfaidh sí aon ordacháin faoi *fho-alt (3)(a)*.

(5) I gcás nach bhfuil an Ghníomhaireacht sásta le freagairt údaráis áitiúil ar ordachán faoi *fho-alt (3)(a)*, glacfaidh sí comhairle leis an údarás áitiúil lena mbaineann agus, más rud é go bhfuil an Ghníomhaireacht míshásta fós leis an bhfreagairt tar éis an chomhairliúcháin sin, déanfaidh an Ghníomhaireacht, cuirfidh sí faoi deara go ndéanfar, nó socróidh sí go ndéantar an faireachán lena mbaineann agus féadfaidh an Ghníomhaireacht costais an fhaireacháin a ghnóthú ón údarás áitiúil mar fhiach conartha shimplí in aon chúirt dlínse inniúla.

(6) Féadfaidh an Ghníomhaireacht, tar éis di comhairle a ghlacadh leis na daoine nó na comhlachtaí (más ann) dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)*, clár a leasú nó a chúlghairm.

Scéim creidiúnúcháin a bhunú.

**66.**—(1) (*a*) Féadfaidh an Ghníomhaireacht, d'fhonn feidhmíocht anailíseach a mheasúnú agus bailíocht agus inchomparáideacht sonraí comhshaoil a chinntiú, clár rialaithe cáilíochta anailíseach a bhunú, nó socrú a dhéanamh go mbunófar clár den sórt sin, ar

clár é lena bhfuil baint ag a saotharlanna féin, ag saotharlanna a sholáthraíonn agus a oibríonn údaráis áitiúla, agus ag cibé saotharlanna eile a mheasann sí is cuí agus óna gcuirtear sonraí faoi bhráid na Gníomhaireachta i dtaca le comhlíonadh aon cheann dá feidhmeanna.

(*b*) Féadfaidh an Ghníomhaireacht a cheangal ar aon saotharlann den sórt sin cibé sonraí a iarrfaidh sí chun críocha aon chlár den sórt sin a thabhairt di.

(*c*) Gan dochar do ghinearáltacht *mhír (a)*, féadfaidh an Ghníomhaireacht cláir rialaithe cáilíochta anailíseacha, de chineálacha éagsúla, a bhunú le haghaidh saotharlanna éagsúla nó le haghaidh tástálacha éagsúla.

(2) Féadfaidh an Ghníomhaireacht a cheangal go ndéanfar aon saotharlann a sholáthraíonn sonraí comhshaoil don Ghníomhaireacht, nó a sholáthraíonn aon sonraí di i dtaca le haon fheidhm faoin Acht seo, a chreidiúnú de réir Chaighdeán Éireannach I.S./EN 45001: 1989 — Critéir Ghinearálta maidir le hOibriú Saotharlann Tástála — nó de réir caighdeán coibhéiseach, agus de réir cibé caighdeáin eile nó caighdeáin bhreise a bheidh leagtha síos ag an Údarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann ó am go ham nó de réir caighdeáin choibhéiseacha.

(3) Féadfaidh an Ghníomhaireacht foráil a dhéanamh maidir le muirir a fhorchur agus táillí a íoc i dtaca le seirbhísí a sholáthar nó i dtaca le haon nithe faoin alt seo a bhaineann le nós imeachta.

(4) Coimeádfaidh an Ghníomhaireacht clár de shaotharlanna a chomhlíonann ceanglais *fho-alt (1)* nó a gceanglaítear iad a bheith creidiúnaithe faoi *fho-alt (2)*.

(5) Déanfar liosta de thástálacha lena mbaineann an comhlíonadh nó an creidiúnúchán sin a áireamh sa chlár agus beidh an clár ar fáil lena iniúchadh ag aon duine saor in aisce i gceanncheathrú na Gníomhaireachta le linn uaireanta oifige.

Rochtain ar thorthaí faireacháin.

**67.**—Déanfaidh an Ghníomhaireacht cibé taifid, lena n-áirítear cibé taifid achoimre, a mheasann sí go bhfuil gá leo chun críocha aon cheann dá cuid feidhmeanna a choimeád agus a chothabháil, nó cuirfidh sí faoi deara taifid den sórt sin a choimeád agus a chothabháil, ar taifid iad ar thorthaí aon fhaireachán a dhéanann sí, a chuireann sí faoi deara go ndéantar é nó a shocraíonn sí go ndéantar é faoin Acht seo agus, faoi réir *alt 39*, cuirfidh sí na taifid sin ar fáil, nó cuirfidh sí faoi deara iad a chur ar fáil, lena n-iniúchadh ag an bpobal gach tráth réasúnach agus, de réir mar a mheasann an nGníomhaireacht is cuí, foilseoidh sí na taifid sin nó cuirfidh sí faoi deara iad a fhoilsiú.

Gníomhaíochtaí faireacháin údarás poiblí.

**68.**—(1) Feidhmeoidh an Ghníomhaireacht maoirseacht ghinearálta ar an bhfaireachán a dhéanann údaráis áitiúla (agus cibé údaráis phoiblí eile a fhorordófar) chun críocha aon achtachán a bhaineann le caomhnú comhshaoil.

(2) Coimeádfaidh an Ghníomhaireacht í féin ar an eolas faoi chineál agus faoi mhéid an fhaireacháin a dhéanann gach údarás áitiúil agus gach údarás poiblí a fhorordaítear faoi *fho-alt (1)*.

(3) Chun críocha *fho-alt (2)*, féadfaidh an Ghníomhaireacht a cheangal ar údarás áitiúil nó ar údarás poiblí eile a fhorordaítear faoi *fho-alt (1)* faisnéis a sholáthar laistigh de thréimhse shonraithe maidir leis na nithe seo a leanas—

(*a*) líon agus suíomh na n-ionad laistigh de limistéar ina bhfuil faireachán á dhéanamh agus minicíocht an fhaireacháin sin,

(*b*) an modh ina dtógtar samplaí agus tomhais agus ina ndéantar anailísí,

(*c*) an trealamh atá á úsáid d'fhonn na samplaí agus na tomhais sin a thógáil nó na hanailísí sin a dhéanamh.

(*d*) torthaí an fhaireacháin sin,

agus ní dhéanfaidh an t-údarás an fhaisnéis a lorgaítear a choimeád siar go míréasúnach.

(4) Féadfaidh an Ghníomhaireacht, chun críocha *fho-alt (1)*, dá toil féin, nó ar iarraidh a fháil ó údarás áitiúil nó ó údarás poiblí eile a fhorordaítear faoi *fho-alt (1)*, comhairle a thabhairt don údarás i ndáil leis na nithe seo a leanas—

(*a*) líon agus suíomh na n-ionad laistigh de limistéar inar ceart faireachán a dhéanamh agus minicíocht an fhaireacháin sin,

(*b*) an modh ina bhfuil samplaí agus tomhais le tógáil agus anailísí le déanamh,

(*c*) an trealamh atá le húsáid d'fhonn na samplaí agus na tomhais sin a thógáil nó na hanailísí sin a dhéanamh,

(*d*) an modh inar ceart torthaí an fhaireacháin sin a fhoilsiú nó a chur ar fáil ar shlí eile.

(5) Féadfaidh an Ghníomhaireacht cibé seirbhísí, lena n-áirítear tacaíocht ghinearálta, cúltaca, comhairle agus cúnamh, a mheasann sí go bhfuil gá leo chun go gcomhlíonfaidh údarás áitiúil nó údarás poiblí eile a fhorordaítear faoi *fho-alt (1)* a chuid oibríochtaí faireacháin.

(6) Féadfaidh an Ghníomhaireacht socruithe a dhéanamh le húdarás áitiúil nó le húdarás poiblí eile a fhorordaítear faoi *fho-alt (1)* ar cibé téarmaí agus coinníollacha a chomhaontófar maidir le seirbhísí a sholáthar faoi *fho-alt (5)*.

(7) Déanfaidh an Ghníomhaireacht, i gceann eatraimh nach faide ná trí bliana, tuarascáil a ullmhú agus a fhoilsiú ar oibríochtaí faireacháin arna seoladh ag údaráis áitiúla agus ag údaráis phoiblí eile a fhorordaítear faoi *fho-alt (1)*, agus féadfaidh sí, i gceann eatraimh is minice ná sin, tuarascáil a thabhairt ar oibríochtaí faireacháin a bhaineann le saincheisteanna comhshaoil ar leith, nó le limistéir ar leith, nó le húdaráis áitiúla ar leith nó údaráis phoiblí ar leith a fhorordaítear faoi *fho-alt (1)*.

(8) Déanfaidh an tAire tuarascáil faoi *fho-alt (7)* a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas.

Córas stórála sonraí a bhaineann le cáilíocht an chomhshaoil.

**69.—**(1) Déanfaidh an Ghníomhaireacht, tar éis di comhairle a ghlacadh le cibé daoine nó comhlachtaí (más ann) a fhorordófar,

bunachar sonraí a bhaineann le cáilíocht an chomhshaoil a bhunú agus a chothabháil, nó déanfaidh sé socrú chun bunachar sonraí den sórt sin a bhunú agus a chothabháil.

(2) Gan dochar do ghinearáltacht *fho-alt (1)*, áireoidh an bunachar sonraí faisnéis maidir leis an méid seo a leanas—

(*a*) cáilíocht an aeir chomhthimpeallaigh,

(*b*) cáilíocht uiscí intíre, uiscí inbhir agus cósta, agus screamhuiscí,

(*c*) cáilíocht ithreach,

(*d*) leibhéil torainn,

(*e*) fardail a bhaineann le hastaíochtaí isteach sa chomhshaol, agus

(*f*) cibé nithe eile a fhorordófar.

(3) Chun críocha an ailt seo, féadfaidh an Ghníomhaireacht a cheangal ar aon údarás poiblí aon fhaisnéis a bhaineann le cáilíocht an chomhshaoil atá faoina urláimh nó ina sheilbh a chur ar fáil di ar cibé modh agus ag cibé tráthanna a shonróidh sí agus ní choimeádfaidh an t-údarás an fhaisnéis sin siar go míréasúnach.

(4) (*a*) Féadfaidh an Ghníomhaireacht socruithe a dhéanamh chun faisnéis a bhaineann le cáilíocht an chomhshaoil agus atá i seilbh aon duine nó comhlacht a sholáthar di ar cibé modh agus ar cibé téarmaí agus coinníollacha a chomhaontófar agus chun an fhaisnéis sin a áireamh sa bhunachar sonraí.

(*b*) Féadfaidh an Ghníomhaireacht clár foinsí sonraí a thiomsú agus a chothabháil, ar clár é a bhainfidh le cáilíocht an chomhshaoil agus beidh an clár ar fáil lena iniúchadh saor in aisce ag aon duine i gceanncheathrú na Gníomhaireachta le linn uaireanta oifige.

(5) Faoi réir *fho-alt (4)* agus *alt 39* agus ar cibé téarmaí agus coinníollacha is cuí léi, déanfaidh an Ghníomhaireacht socruithe i dtaobh rochtain a bheith ag an bpobal ar fhaisnéis atá ann i mbunachar sonraí a ullmhaítear faoin alt seo.

Tuarascálacha ar staid an chomhshaoil.

**70.—**Déanfaidh an Ghníomhaireacht—

(*a*) laistigh de thréimhse cúig bliana tar éis í a bhunú agus i ngach cúigiú bliain dá éis sin, nó

(*b*) laistigh de cibé tréimhsí eile a fhorordófar,

tuarascáil ar cháilíocht agus ar bhail an chomhshaoil sa Stát a ullmhú agus a fhoilsiú.

Taighde comhshaoil.

**71.—**(1) Áireoidh feidhmeanna na Gníomhaireachta i ndáil le taighde comhshaoil na nithe a shonraítear san alt seo.

(2) (*a*) Tabharfaidh an Ghníomhaireacht comhairle don Aire faoin ngá le taighde comhshaoil agus déanfaidh sí, i gceann cibé eatraimh a shonróidh an tAire (nó, i gcás nach bhfuil aon

tréimhsí sonraithe ag an Aire de thuras na huaire, i gceann cibé eatraimh is cuí léi), cláir le haghaidh taighde den sórt sin a ullmhú.

(*b*) Sonrófar an méid seo a leanas i gcláir faoin alt seo—

(i) na hábhair a bhfuil gá le taighde i ndáil leo agus cuspóirí an taighde sin,

(ii) an modh ina bhféadfaí an taighde sin a chur i gcrích agus na daoine nó na comhlachtaí a d'fhéadfadh é a chur i gcrích.

(iii) an costas measta i leith tionscadail nó oibríochtaí taighde ar leith.

(*c*) Ullmhófar cláir faoin alt seo tar éis comhairle a ghlacadh le cibé daoine nó comhlachtaí a fhorordófar.

(3) (*a*) Déanfaidh an Ghníomhaireacht, ó am go ham, cláir maidir le tionscadail agus oibríochtaí taighde comhshaoil atá á gcur i gcrích, nó a bheartaítear a chur i gcrích, sa Stát a ullmhú agus a fhoilsiú agus beidh na cláir sin ar fáil lena n-iniúchadh saor in aisce ag aon duine i gceanncheathrú na Gníomhaireachta le linn uaireanta oifige.

(*b*) Déanfaidh an Ghníomhaireacht, a mhéid is indéanta, taighde comhshaoil a chomhordú sa Stát agus, chun na críche sin, féadfaidh sí comhairle a thabhairt d'aon údarás poiblí nó d'aon duine nó d'aon chomhlacht eile ar iarraidh a fháil ón duine nó ón gcomhlacht sin i ndáil le tacaíocht airgeadais nó saoráidí eile a leithroinnt le haghaidh taighde den sórt sin.

(4) Féadfaidh an Ghníomhaireacht cúnamh a thabhairt ar mhodh cúnamh airgid nó cúnamh comhchineáil nó trí sheirbhísí agus saoráidí a sholáthar (lena n-áirítear seirbhísí foirne), d'aon duine nó comhlacht a chuireann taighde comhshaoil i gcrích nó a bheartaíonn taighde den sórt sin a chur i gcrích.

(5) Féadfaidh an Ghníomhaireacht taighde comhshaoil a chur i gcrích, a chur faoi deara taighde den sórt sin a chur i gcrích nó socrú a dhéanamh lena aghaidh, de réir clár arna ullmhú faoi *fho-alt (2)*.

(6) Déanfaidh an Ghníomhaireacht, i gcomhairle leis an Aire, idirchaidreamh a bhunú agus a chothabháil le Coimisiún na gComhphobal Eorpach agus le haon eagraíocht idirnáisiúnta eile i ndáil le cláir taighde comhshaoil a dhéanann an Coimisiún nó an eagraíocht eile sin a chur i gcrích nó a chur chun cinn, nó a dtugann an Coimisiún nó an eagraíocht eile sin cúnamh ina leith, agus déanfaidh an Ghníomhaireacht, a mhéid is féidir rannpháirtíocht daoine agus comhlachtaí sa Stát sna cláir sin a chur chun cinn agus a éascú.

Measúnacht tionchair timpeallachta.

**72.**—(1) (*a*) Faoi réir Airteagal 25 de Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Measúnacht Tionchair Timpeallachta), 1989, agus fho-ailt (3) agus (3A) d'alt 4 den Acht Rialtais Áitiúil (Bóithre agus Mótarbhealaí), 1974 nó aon fhoráil lena leasaítear nó lena n-ionadaítear an tAirteagal sin nó na fo-ailt sin, féadfaidh an Ghníomhaireacht, agus déanfaidh sí ar iarraidh a fháil ón

Aire, nó ó aon Aire eile den Rialtas i ndáil leis na nithe sin arb é an tAire sin an t-údarás inniúil i ndáil leo, treoirlínte a ullmhú i dtaobh na faisnéise atá le bheith ann i ráitis tionchair timpeallachta i leith forbairt lena mbaineann an t-alt seo.

(*b*) Le linn don Ghníomhaireacht na treoirlínte sin a ullmhú, glacfaidh sí comhairle leis an Aire agus le haon Aire eile, ar Aire eile é, i dtuairim na Gníomhaireachta, a bhfuil baint aige leis na treoirlínte.

(2) Féadfaidh treoirlínte faoi *fho-alt (1)* baint a bheith acu le gach forbairt, nó le haon aicme forbartha ar leith, lena mbaineann an t-alt seo.

(3) (*a*) Le linn ráiteas tionchair timpeallachta maidir le forbairt lena mbaineann an t-alt seo a ullmhú, tabharfar aird ar aon treoirlínte faoi *fho-alt (1)* a bhaineann leis an bhforbairt lena mbaineann.

(*b*) Déanfaidh údarás inniúil a gcuirtear ráiteas tionchair timpeallachta faoina bhráid maidir le forbairt lena mbaineann an t-alt seo, le linn dó an ráiteas sin a bhreithniú, aird a thabhairt ar aon treoirlínte faoi *fho-alt (1)* a bhaineann leis an bhforbairt lena mbaineann.

(4) (*a*) Maidir le ráiteas tionchair timpeallachta arna ullmhú i leith aon fhorbairt nó aicme forbartha lena mbaineann an t-alt seo, seachas gníomhaíocht ar gá ceadúnas nó ceadúnas athleasaithe faoi *Chuid IV* ina leith, déanfaidh an duine nó an comhlacht ar thar a cheann a ullmhaítear an ráiteas tionchair timpeallachta sin cóip de a chur chuig an nGníomhaireacht, cibé tráth a fhorordófar.

(*b*) (i) Féadfaidh an Ghníomhaireacht, tar éis di ráiteas tionchair timpeallachta arna fháil de bhun *mhír (a)* a bhreithniú, cibé aighneachtaí nó tuairimí is cuí léi a thabhairt don údarás inniúil lena mbaineann laistigh de cibé tréimhse a fhorordófar.

(ii) I gcás go mbaineann ráiteas tionchair timpeallachta arna fháil ag an nGníomhaireacht de bhun *mhír (a)* le forbairt seachas forbairt ag údarás Stáit de réir bhrí Airteagal 23 de Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Measúnacht Tionchair Timpeallachta), 1989, déanfaidh an Ghníomhaireacht cóip d'aon aighneachtaí nó tuairimí a bheidh curtha faoi bhráid an údaráis inniúil faoi *fhomhír (i)* a chur chuig an duine nó chuig an gcomhlacht a chuir an ráiteas tionchair timpeallachta de bhun *mhír (a)*.

(*c*) Aon údarás inniúil a fhaigheann aighneachtaí nó tuairimí ón nGníomhaireacht faoi *mhír (b)(i),* déanfaidh sé, d'ainneoin fhorálacha aon achtachán eile maidir leis na nithe nach mór don údarás sin aird a thabhairt orthu le linn dó déileáil le cás a bhfuil ráiteas tionchair timpeallachta i gceist leis, aird a thabhairt ar na haighneachtaí nó ar na tuairimí sin.

(5) Glacfar comhairle leis an nGníomhaireacht agus tabharfar aird ar a cuid tuairimí, i gcás aon fhorbairt lena mbaineann an t-alt seo, agus déanfar amhlaidh—

(*a*) sula dtabharfar breith maidir le hiarratas ar dhíolúine ó cheanglas de chuid aon achtachán maidir le ráiteas tionchair timpeallachta a ullmhú, nó

(*b*) sula ndéanfaidh údarás Stáit de réir bhrí Airteagal 23 de Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Measúnacht Tionchair Timpeallachta), 1989, breith a thabhairt á rá nach mbeidh feidhm ag Airteagal 23(1)(*a*) i ndáil leis an bhforbairt atá beartaithe.

(6) Maidir le haon aighneachtaí nó tuairimí a thabharfaidh an Ghníomhaireacht faoi *fho-alt (4)(b)(i)* nó faoi *fho-alt (5)*, beidh siad ar fáil lena n-iniúchadh ag aon duine saor in aisce i gceanncheathrú na Gníomhaireachta le linn uaireanta oifige.

(7) Beidh feidhm ag an alt seo—

(*a*) maidir le forbairt ar forbairt í d'aicme arna sonrú de thuras na huaire faoi Airteagal 24 de Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Measúnacht Tionchair Timpeallachta), 1989, nó faoi aon achtachán lena leasaítear nó lena n-ionadaítear an tAirteagal sin, agus

(*b*) maidir le mótarbhealach lena ngabhann an bhrí a shanntar dó leis an Acht Rialtais Áitiúil (Bóithre agus Mótarbhealaí), 1974.

(8) San alt seo, mura n-éilíonn an comhthéacs a mhalairt—

ciallaíonn "údarás inniúil"—

(*a*) Aire den Rialtas nó údarás nó comhlacht poiblí eile a gceanglaítear, le haon achtachán nó faoi aon achtachán, ráiteas tionchair timpeallachta a chur faoina bhráid i leith forbairt lena mbaineann an t-alt seo, nó

(*b*) údarás Stáit de réir bhrí Airteagal 23 de Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Measúnacht Tionchair Timpeallachta), 1989, a gceanglaítear air ráiteas tionchair timpeallachta a ullmhú i leith forbairt lena mbaineann an t-alt seo;

folaíonn "ráiteas tionchair timpeallachta" "staidéar tionchair timpeallachta" chun críocha Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Measúnacht Tionchair Timpeallachta) (Motarbhealaí), 1988.

Ceadú comhshaoil.

**73.—**(1) Le toiliú Aire na Mara, déanfaidh an tAire rialacháin á fhoráil, a mhéid a bhaineann le gach ceann, nó le haon cheann, de na léasanna, de na ceadúnais, de na ceadanna nó de na húdaruithe eile a gcumhachtaítear d'Aire na Mara faoin dlí iad nó é a dheonú, nó a mhéid a bhaineann le hathnuachan aon léasanna, ceadúnais, ceadanna nó údaruithe eile den sórt sin, nó go mbeidh na léasanna, na ceadúnais, na ceadanna nó na húdaruithe eile sin, nó aicmí sonraithe díobh, faoi réir a gceadaithe ag an nGníomhaireacht chun críocha caomhnaithe comhshaoil agus féadfar an ceadú sin a thabhairt gan choinníollacha nó faoi réir cibé coinníollacha a shonróidh an Ghníomhaireacht, ar coinníollacha iad a bhaineann le cuspóirí an chaomhnaithe comhshaoil.

(2) Maidir le haon choinníollacha a chuirfear ag gabháil le ceadú ón nGníomhaireacht faoi *fho-alt (1)*, déanfaidh Aire na Mara iad a chur gabháil leis an údarú iomchuí a dheonaíonn sé.

(3) Déanfaidh Aire na Mara le rialacháin, tar éis comhairle a ghlacadh leis an Aire, na nósanna imeachta faoina bhfaighfear ceadú ón nGníomhaireacht faoin alt seo a shonrú, lena n-áirítear an tréimhse ama ar laistigh di a thabharfaidh an Ghníomhaireacht breith i dtaca le ceadú, agus féadfar nósanna imeachta éagsúla nó tréimhsí ama éagsúla a fhorordú i ndáil le léasanna, ceadúnais nó ceadanna éagsúla, nó i ndáil le húdaruithe éagsúla eile, nó i ndáil le haicmí éagsúla díobh.

(4) Féadfaidh Aire na Mara, i gcás gurb é a thuairim gurb é leas an phobail é déanamh amhlaidh, agus le toiliú an Aire, socrú a dhéanamh le hordú gur ceart, chun críocha caomhnú comhshaoil, aon aicme cáis nach ndéantar socrú ina leith le rialacháin faoi *fho-alt (1)* a bheith faoi réir a ceadaithe ag an nGníomhaireacht agus beidh feidhm ag ceanglais *fho-alt (1)* maidir le haicme cáis den sórt sin fad a leanann an t-ordú iomchuí i bhfeidhm.

(5) Féadfar, tar éis comhaontú an Aire a fháil, cibé nithe a fhorordófar faoi *fho-alt (3)* i ndáil leis an aicme cáis lena mbaineann a áireamh in ordú faoi *fho-alt (4).*

(6) Féadfaidh Aire na Mara, le hordú, agus le toiliú an Aire, ordú faoi *fho-alt (4)* a leasú nó a chúlghairm.

**74.—**(1) San alt seo, ciallaíonn "iniúchadh comhshaoil" i ndáil le haon phróiseas, forbairt nó oibríocht, measúnacht thréimhsiúil de chineál córasach, doiciméadaithe, oibiachtúil ar an struchtúr eagrúcháin, ar na córais bhainistíochta, ar na próisis agus ar an trealamh a ghabhann leis an bpróiseas, leis an bhforbairt nó leis an oibríocht sin nó atá teagmhasach leis nó léi chun críocha caomhnaithe comhshaoil, agus, go háirithe chun na gcríoch seo a leanas— Iniúchadh comhshaoil.

(*a*) rialú bainistíochta ar chleachtais a bhféadfaidh tionchar a bheith acu ar chaomhnú comhshaoil a éascú,

(*b*) measúnacht a dhéanamh ar chomhlíonadh achtacháin a bhaineann le caomhnú comhshaoil agus ar chomhlíonadh cibé coinníollacha comhshaoil a bheidh ag gabháil le haon cheadúnas nó le haon chead a dheonaítear nó a eisítear i dtaca leis an bpróiseas, leis an bhforbairt nó leis an oibríocht réamhráite, agus

(*c*) tionchar an phróisis, na forbartha nó na hoibríochta ar an gcomhshaol a íoslaghdú.

(2) (*a*) Féadfaidh an Ghníomhaireacht seoladh iniúchtaí comhshaoil a chur chun cinn.

(*b*) Féadfaidh an Ghníomhaireacht, agus déanfaidh sí ar iarraidh a fháil ón Aire, treoirlínte a ullmhú agus a fhoilsiú maidir le seoladh iniúchtaí comhshaoil, agus féadfaidh baint a bheith ag na treoirlínte sin le gach próiseas, forbairt nó oibríocht nó le haon aicme áirithe próisis, forbartha nó oibríochta nó le próisis, forbairtí nó oibríochtaí i limistéir áirithe nó in aicmí áirithe limistéar.

(3) Gan dochar do ghinearáltacht *fho-alt (2)*, féadfaidh baint a bheith ag treoirlínte maidir leis na nithe seo a leanas—

(*a*) aidhmeanna iniúchta comhshaoil,

(*b*) an saineolas atá le háireamh i bhfoireann iniúchta comhshaoil,

(*c*) na critéir atá le breithniú agus na nósanna imeachta atá le leanúint le linn iniúchadh comhshaoil a sheoladh.

(4) D'fhonn seoladh iniúchtaí comhshaoil a chur chun cinn, féadfaidh an Ghníomhaireacht, i ndáil le haon phróiseas, forbairt nó oibríocht nó i ndáil le haon aicmí próiseas, forbairtí nó oibríochtaí—

(*a*) cibé cúnamh agus tacaíocht a sholáthar, ar cibé téarmaí agus coinníollacha a chomhaontófar le haon duine nó comhlacht, d'fhonn iniúchtaí comhshaoil nó treoirthionscadail nó tionscadail taispeána a fhorbairt agus a sheoladh, agus

(*b*) comhdhálacha, seimineáir, léachtaí, taispeántais, cúrsaí oiliúna nó foilseacháin a eagrú agus a chur chun cinn, nó cabhrú lena n-eagrú agus lena gcur chun cinn.

Cuspóirí maidir le cáilíocht an chomhshaoil.

**75.—**(1) Déanfaidh an Ghníomhaireacht, i ndáil le haon mheán comhshaoil agus gan dochar dá feidhmeanna faoi *alt 103,* cuspóirí cáilíochta a shonrú agus a fhoilsiú a mheasann an Ghníomhaireacht a bheith réasúnach agus inmhianaithe chun críocha caomhnú comhshaoil.

(2) Gan dochar *d'fho-alt (1)*, féadfaidh an Ghníomhaireacht—

(*a*) treoirlínte nó moltaí a ullmhú maidir leis an modh ar a bhféadfaí, agus maidir leis an tréimhse ama ar laistigh di a d'fhéadfaí, cuspóirí cáilíochta a bhaint amach,

(*b*) na húdaráis phoiblí nó na comhlachtaí eile a d'fhéadfadh rannchuidiú le baint amach na gcuspóirí sin a shainaithint,

(*c*) measúnacht a dhéanamh ar na hacmhainní, lena n-áirítear foireann agus maoiniúchán, a mbeadh gá leo chun na cuspóirí sin a bhaint amach, nó

(*d*) a shocrú go ndéanfar faisnéis i dtaobh aon cheann de na nithe dá bhforáiltear leis an bhfo-alt seo nó i dtaobh aon ní iomchuí eile a scaipeadh ar an Aire nó ar aon Aire eile den Rialtas nó ar aon údarás poiblí eile nó ar aon chomhlacht eile a d'fhéadfadh, i dtuairim na Gníomhaireachta, rannchuidiú le baint amach na gcuspóirí sin.

(3) Gan dochar d'oibriú ná d'éifeacht aon chaighdeán, luach teorann, ordú nó ní eile a shonraítear nó a fhorordaítear nó atá i bhfeidhm thairis sin de bhíthin aon achtachán nó faoi aon achtachán, déanfaidh an tAire agus aon Aire eile den Rialtas agus aon údarás poiblí eile aon chuspóir cáilíochta a bheidh tarraingthe suas agus foilsithe ag an nGníomhaireacht a chur i gcuntas le linn beartas a fhoirmliú, caighdeáin a leagan síos nó aon cheann dá bhfeidhmeanna eile a bhaineann le caomhnú comhshaoil a fheidhmiú.

Cóid chleachtais.

**76.—**(1) Féadfaidh an Ghníomhaireacht—

(*a*) cóid chleachtais a ullmhú agus a fhoilsiú, nó

(*b*) cód cleachtais nó aon chuid de chód cleachtais a bheidh tarraingthe suas ag aon chomhlacht eile a cheadú,

d'fhonn treoir phraiticiúil a chur ar fáil maidir le haon achtachán a chomhlíonadh nó thairis sin chun críocha caomhnú comhshaoil.

(2) Sula ndéanfaidh an Ghníomhaireacht cód cleachtais a fhoilsiú nó a cheadú, nó sula gceadóidh sí aon chuid de chód cleachtais, glacfaidh sí comhairle leis an Aire agus le haon Aire eile den Rialtas nó le duine nó comhlacht eile is dealraitheach don Ghníomhaireacht is cuí, nó a bheidh forordaithe, agus tabharfaidh sí aird ar aon tuairimí a bheidh acu.

(3) I gcás go bhfoilsíonn, nó go gceadaíonn an Ghníomhaireacht cód cleachtais nó go gceadaíonn sí aon chuid de chód cleachtais, foilseoidh sí fógra á rá sin san *Iris Oifigiúil* ar fógra é ina sonrófar an t-achtachán nó an ní ar i ndáil leis atá an cód foilsithe nó ceadaithe agus an dáta óna mbeidh éifeacht leis an gcód.

(4) Féadfaidh an Ghníomhaireacht, tar éis di comhairle a ghlacadh leis an Aire agus le haon Aire eile den Rialtais nó le haon duine nó comhlacht eile is dealraitheach don Ghníomhaireacht is cuí, nó a bheidh forordaithe—

(*a*) cód cleachtais iomlán, nó aon chuid de chód cleachtais, atá ullmhaithe agus foilsithe aici a chúlghairm nó a athleasú, nó

(*b*) ceadú atá tugtha aici i leith aon chód cleachtais, nó i leith aon chuid de chód cleachtais, a tharraingt siar.

(5) I gcás go ndéanann an Ghníomhaireacht cód cleachtais nó aon chuid de chód cleachtais a chúlghairm nó a athleasú, nó go dtarraingíonn sí siar an ceadú atá tugtha aici ina leith, foilseoidh sí fógra á rá sin san *Iris Oifigiúil.*

Fianaise ar chód cleachtais.

**77.**—Déanfar aon doiciméad faoi shéala na Gníomhaireachta a airbheartaíonn a bheith ina chód cleachtais, nó ina chuid de chód cleachtais, atá foilsithe nó ceadaithe ag an nGníomhaireacht faoi *alt 76,* a ghlacadh i bhfianaise gan tuilleadh cruthúnais.

Táirgí agus seirbhísí a lipéadú.

**78.**—(1) Déanfaidh an Ghníomhaireacht, má mheasann sí gur gá nó gurb inmhianaithe déanamh amhlaidh, ag féachaint d'aon ionstraim de chuid institiúid de na Comhphobail Eorpacha a bhaineann le scéim lipéadaithe Chomhphobail, scéim nó scéimeanna a bhunú, nó socrú a dhéanamh maidir le scéim nó scéimeanna a bhunú, chun siombail nó siombailí speisialta a úsáid ar lipéid táirgí sonraithe nó i dtaca le seirbhísí sonraithe a chomhlíonann critéir agus caighdeáin shonraithe i dtaobh a dtionchair ar an gcomhshaol.

(2) Gan dochar do ghinearáltacht *fho-alt (1)*, féadfaidh an Ghníomhaireacht—

(*a*) na critéir agus na caighdeáin faoinar féidir siombail speisialta a úsáid ar lipéid táirgí nó i dtaca le seirbhísí,

(*b*) socrú a dhéanamh maidir le nósanna imeachta agus nithe eile i ndáil le siombail speisialta a úsáid, nó i ndáil le hiarratas ar shiombail speisialta a úsáid nó achomharc i gcoinne úsáid

siombaile speisialta a dhiúltú nó i gcoinne siombail speisialta a tharraingt siar, lena n-áirítear táillí a bhaineann leis an úsáid sin nó nach mór a bheith ag gabháil le hiarratais den sórt sin,

(*c*) tástáil agus anailís a dhéanamh, a chur faoi deara go ndéantar tástáil agus anailís, nó socrú a dhéanamh maidir le tástáil agus anailís a dhéanamh ar tháirgí nó ar sheirbhísí, ar tástáil agus anailís í atá bainteach leis an úsáid a bhaineann na táirgí agus na seirbhísí sin as siombail speisialta lena chinntiú go gcomhlíontar na critéir agus na caighdeáin sin,

(*d*) socrú a dhéanamh maidir le muirir ar thástálacha nó anailísí a dhéanamh,

(*e*) faireachán a dhéanamh, a chur faoi deara go ndéantar faireachán nó socrú a dhéanamh go ndéantar faireachán ar úsáid siombaile speisialta,

(*f*) a chinneadh cé na catagóirí táirgí nó na seirbhísí lena mbainfeadh scéim den sórt sin,

(*g*) tuarascálacha tréimhsiúla a ullmhú agus a fhoilsiú maidir leis an scéim,

(*h*) mionsonraí faoin scéim a phoibliú.

(3) Le linn scéim faoin alt seo a ullmhú, a leasú nó a chúlghairm, glacfaidh an Ghníomhaireacht comhairle le cibé údaráis phoiblí, agus le cibé daoine agus comhlachtaí eile, a fhorordófar.

(4) Is cion é—

(*a*) úsáid a bhaint as siombail dá bhforáiltear i scéim faoin alt seo, nó faoi scéim lipéadaithe chomhshaoil de chuid an Chomhphobail atá i bhfeidhm sa Stát, nó as siombail den tsamhail chéanna ar lipéadú táirge nó i dtaca le seirbhís, ar úsáid í nach bhfuil ceadaithe faoin scéim nó a bhfuil an ceadú ina leith tarraingthe siar nó, má bhí an úsáid sin ceadaithe, nach nach gcomhlíonann sí caighdeáin agus critéir na scéime a thuilleadh, nó

(*b*) duine do dhéanamh ráiteas nó éileamh i scríbhinn nó ar shlí eile i dtaca le siombail speisialta a úsáid, nó i dtaca le hiarratas ar shiombail speisialta a úsáid nó achomharc i gcoinne úsáid siombaile speisialta a dhiúltú nó i gcoinne úsáid siombaile speisialta a tharraingt siar, ar ráiteas nó éileamh é is eol dó a bheith bréagach nó míthreorach i bponc ábhartha.

(5) Féadfaidh an Ghníomhaireacht scéim faoi *fho-alt (1)* a leasú nó a chúlghairm.

Treoracha ginearálta maidir le beartas.

**79.—**(1) Féadfaidh an tAire, aon uair is cuí leis, cibé treoracha ginearálta a thabhairt i scríbhinn don Ghníomhaireacht maidir le beartas i ndáil le caomhnú comhshaoil.

(2) Le linn don Ghníomhaireacht a feidhmeanna a chomhlíonadh, tabharfaidh sí aird ar aon treoracha a thugann an tAire faoin alt seo.

(3) Ní fhorléireofar aon ní san alt seo mar ní lena gcumasaítear don Aire aon chumhacht nó rialú a fheidhmiú i ndáil le comhlíonadh feidhm ag an nGníomhaireacht, in imthosca áirithe, ar feidhm í a shanntar don Ghníomhaireacht leis an Acht seo nó faoin Acht seo.

(4) I gcás go dtugann an tAire treoir faoin alt seo—

(*a*) cuirfidh sé faoi deara go leagfar cóip den treoir faoi bhráid gach Tí den Oireachtas a luaithe is féidir,

(*b*) cuirfidh sé faoi deara go ndéanfar fógra á rá gur eisíodh an treoir a fhoilsiú san *Iris Oifigiúil* agus i nuachtán laethúil amháin ar a laghad a scaiptear sa Stát, agus

(*c*) cuirfidh sé faoi deara go ndéanfar cóip den treoir a tharchur chuig an nGníomhaireacht agus chuig gach údarás pleanála.

(5) I bhfógra faoi *fho-alt (4)(b)*, sonrófar an áit ar féidir cóip den treoir lena mbaineann an fógra a fháil agus an táille (más ann) is iníoctha i leith na cóipe sin agus ní bheidh an táille sin níos mó ná an costas réasúnach a bhaineann leis an gcóip a dhéanamh.

An Ghníomhaireacht do ghlacadh comhairle.

**80.**—Glacfaidh an Ghníomhaireacht comhairle le cibé údaráis phoiblí, daoine nó comhlachtaí a mheasann sí is gá nó a bheidh forordaithe i ndáil le comhlíonadh a feidhmeanna faoin Acht seo nó i ndáil le cibé feidhmeanna díobh sin a fhorordófar agus tabharfaidh sí aird ar aon tuairimí a thugann an t-údarás poiblí, an duine nó an comhlacht sin nó ar aon mholtaí a dhéanann sé.

Comhairle a ghlacadh leis an nGníomhaireacht.

**81.**—Sula gcomhlíonann údaráis phoiblí cibé feidhmeanna a shonróidh an tAire le rialacháin tar éis dul i gcomhairle le haon Aire eile den Rialtas atá, i dtuairim an Aire, bainteach leis an ábhar, ar feidhmeanna iad a bhaineann leis an gcomhshaol, glacfaidh siad comhairle leis an nGníomhaireacht, agus tabharfaidh na húdaráis phoiblí sin aird ar thuairimí na Gníomhaireachta sula gcomhlíonann siad na feidhmeanna a shonraítear.

## CUID IV

### RIALÚ COMHTHÁITE AR THRUAILLIÚ

Ceadúnais.

**82.**—(1) Ní sheolfaidh duine gníomhaíocht, seachas gníomhaíocht bhunaithe, ar cibé lá, nó tar éis cibé lá, a fhorordófar mura bhfuil ceadúnas nó ceadúnas athleasaithe faoin gCuid seo i bhfeidhm i ndáil leis an ngníomhaíocht.

(2) Féadfaidh an tAire, le hordú, a fhoráil nach seolfar gníomhaíocht bhunaithe d'aon aicme a shonraítear san ordú, ar cibé dáta, nó tar éis cibé dáta, a bheidh sonraithe san ordú mura bhfuil ceadúnas nó ceadúnas athleasaithe faoin gCuid seo i bhfeidhm i ndáil leis an ngníomhaíocht.

(3) I gcás go dtagann ordú faoi *fho-alt (2)* i ngníomh measfar, maidir le seoladh gníomhaíochta bunaithe lena mbaineann an t-ordú le linn na tréimhse sula ndeonaítear ceadúnas i ndáil leis an ngníomhaíocht nó sula

ndiúltaítear ceadúnas den sórt sin a dheonú, nár sáraíodh forálacha na Coda seo mar gheall ar an ngníomhaíocht sin, ar choinníoll gurb amhlaidh, roimh an dáta a bheidh sonraithe san ordú, go ndearnadh iarratas ar cheadúnas i leith na gníomhaíochta sin agus go mbeidh na ceanglais de chuid rialacháin arna ndéanamh faoi *alt 87* i ndáil leis an iarratas ar an gceadúnas comhlíonta ag an iarratasóir ar an gceadúnas sin.

Ceadúnais a dheonú.

**83.—**(1) I gcás go ndéantar iarratas chuig an nGníomhaireacht ar an modh forordaithe ar cheadúnas faoin gCuid seo, féadfaidh an Ghníomhaireacht, faoi réir *alt 94* agus faoi réir aon rialacháin faoi *alt 87* a chomhlíonadh, an ceadúnas a dheonú faoi réir coinníollacha nó gan choinníollacha, nó féadfaidh sí diúltú don iarratas.

(2) Le linn di breithniú a dhéanamh ar iarratas ar cheadúnas nó ar athbhreithniú ar cheadúnas nó ar cheadúnas athleasaithe faoin gCuid seo, beidh aird ag an nGníomhaireacht ar na nithe seo a leanas—

(*a*) aon phlean bainisteoireachta aercháilíochta iomchuí faoi alt 46 den Acht um Thruailliú Aeir, 1987, nó aon phlean bainistithe cáilíochta uisce faoi alt 15 den Acht Rialtais Áitiúil (Truailliú Uisce), 1977 nó aon phlean bainistithe dramhaíola,

(*b*) aon rialacháin iomchuí maidir le torann faoi *alt 106*,

(*c*) aon ordú um limistéar faoi rialú speisialta faoi alt 39 den Acht um Thruailliú Aeir, 1987, ar ordú é atá i ngníomh i ndáil leis an limistéar lena mbaineann, agus

(*d*) cibé nithe eile a mheasann sí a bheith riachtanach, ar nithe iad a bhaineann le truailliú comhshaoil a chosc, a theorannú, a mhaolú nó a laghdú, nó le deireadh a chur leis.

(3) Ní dheonóidh an Ghníomhaireacht ceadúnas nó ceadúnas athleasaithe le haghaidh gníomhaíochta mura deimhin léi—

(*a*) nach dtiocfaidh de thoradh aon astaíochtaí ón ngníomhaíocht go sárófar aon chaighdeán aercháilíochta iomchuí a shonraítear faoi alt 50 den Acht um Thruailliú Aeir, 1987, agus mura deimhin léi go gcomhlíonfaidh na hastaíochtaí sin aon luach teorann astaíochta iomchuí a shonraítear faoi alt 51 den Acht um Thruailliú Aeir, 1987,

(*b*) go gcomhlíonfaidh aon astaíochtaí ón ngníomhaíocht aon chaighdeán cáilíochta iomchuí maidir le huiscí, eisiltigh thrádála agus eisiltigh shéarachta agus caighdeáin i ndáil le cóireáil eisilteach den sórt sin a fhorordaítear faoi alt 26 den Acht Rialtais Áitiúil (Truailliú Uisce), 1977, nó nach dtiocfaidh sárú ar chaighdeán nó ar chaighdeáin den sórt sin de thoradh na n-astaíochtaí sin,

(*c*) go gcomhlíonfaidh aon astaíochtaí ón ngníomhaíocht nó ó aon áitreabh, gléasra, modhanna, próisis, nósanna imeachta oibriúcháin nó tosca eile a dhéanann difear den sórt sin aon chaighdeán iomchuí lena n-áirítear aon chaighdeán do mheán comhshaoil a fhorordaítear faoi rialacháin arna ndéanamh faoi Acht na gComhphobal Eorpach, 1972, nó faoi aon achtachán

eile, nó nach dtiocfaidh sárú ar aon chaighdeán den sórt sin de thoradh na nithe sin,

(*d*) go gcomhlíonfaidh aon torann ón ngníomhaíocht aon rialacháin faoi *alt 106*, nó nach dtiocfaidh sárú ar na rialacháin sin de thoradh torann den sórt sin,

(*e*) nach mbeidh aon astaíochtaí ón ngníomhaíocht ina gcúis le truailliú suntasach comhshaoil, agus

(*f*) go ndéanfar an teicneolaíocht is fearr atá ar fáil agus nach ngabhann costais iomarcacha léi a úsáid chun astaíocht ón ngníomhaíocht a chosc nó chun deireadh a chur léi nó, i gcás nach mbeidh sé sin indéanta, chun í a theorannú, a mhaolú nó a laghdú,

agus, más cuí, déanfaidh an Ghníomhaireacht coinníollacha a bhaineann leis na nithe a shonraítear sna míreanna sin roimhe seo a chur gabháil leis an gceadúnas nó leis an gceadúnas athleasaithe.

(4) Ní bheidh duine i dteideal astaíocht a dhéanamh chuig aon mheán comhshaoil, nó a chur faoi deara nó a cheadú í a dhéanamh, de bhíthin ceadúnas, nó ceadúnas athleasaithe, faoin gCuid seo agus dá bhíthin sin amháin.

(5) I gcás gur gá ceadúnas nó ceadúnas athleasaithe faoin gCuid seo i leith gníomhaíochta, ní dhéanfar—

(*a*) ceadúnas—

(i) faoi Chuid III den Acht um Thruailliú Aeir, 1987,

(ii) faoi alt 4 nó 16 den Acht Rialtais Áitiúil (Truailliú Uisce), 1977, nó

(iii) faoi alt 171 den Acht Iascaigh (Comhdhlúthú), 1959, nó

(*b*) cead—

(i) faoi Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Iarmhar Tocsaineach agus Contúirteach), 1982, nó

(ii) faoi Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Iarmhar), 1979,

a dheonú i ndáil leis an ngníomhaíocht sin.

(6) I gcás ceadúnas nó ceadúnas athleasaithe a bheith arna dheonú faoin gCuid seo i leith gníomhaíochta, scoirfidh—

(*a*) ceadúnas—

(i) faoi Chuid III den Acht um Thruailliú Aeir, 1987,

(ii) faoi alt 4 nó 16 den Acht Rialtais Áitiúil (Truailliú Uisce), 1977, nó

(iii) faoi alt 171 den Acht Iascaigh (Comhdhlúthú), 1959, nó

(*b*) cead—

(i) faoi Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Iarmhar Tocsaineach agus Contúirteach), 1982, nó

(ii) faoi Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Iarmhar), 1979,

d'éifeacht a bheith leis i ndáil leis an ngníomhaíocht sin.

(7) Is cosaint mhaith í—

(*a*) ar ionchúiseamh i leith cion faoi aon achtachán seachas an Chuid seo, nó

(*b*) ar imeachtaí—

(i) faoi alt 10 nó 11 den Acht Rialtais Áitiúil (Truailliú Uisce), 1977, nó

(ii) faoi alt 20 den Acht Rialtais Áitiúil (Truailliú Uisce) (Leasú), 1990, nó

(iii) faoi alt 28, 28A nó 28B den Acht um Thruailliú Aeir, 1987,

a chruthú go bhfuil an gníomh a ndéantar gearán faoi údaraithe le ceadúnas nó ceadúnas athleasaithe arna dheonú faoin gCuid seo.

Coinníollacha a ghabhann le ceadúnas.

**84.—**(1) Gan dochar do ghinearáltacht *alt 83(1),* féadfar le coinníollacha a ghabhann le ceadúnas nó ceadúnas athleasaithe arna dheonú faoin gCuid seo—

(*a*) cineál, comhdhéanamh, teocht, toirt, leibhéal, ráta, modh cóireála agus suíomh astaíochta a shonrú,

(*b*) na tréimhsí a shonrú ar lena linn a fhéadfar, nó nach bhféadfar, astaíocht a dhéanamh,

(*c*) teorainneacha le héifeachtaí astaíochta a shonrú,

(*d*) tiúchan truailleáin i meán comhshaoil, nó ráta taiscthe nó scardaidh a shonrú ar tiúchan, nó ar ráta, é nach rachfar thairis,

(*e*) aon nithe a shonrú a bhaineann le dearadh, déanamh agus toisí píopaí, simléir, múcháin, cruacha nó easraisí eile trína bhfuil astaíocht le déanamh,

(*f*) na modhanna a shonrú a bheidh le húsáid chun astaíocht a rialú (lena n-áirítear gléasra agus saoráidí eile a sholáthar, a oibriú, a chothabháil agus a mhaoirsiú agus nósanna imeachta sonraithe nó cóid chleachtais shonraithe a úsáid),

(*g*) ceanglais nó teorainneacha a shonrú i ndáil le méid nó comhdhéanamh aon substaint a tháirgtear leis an ngníomhaíocht, nó a úsáidtear le linn na gníomhaíochta, in aon tréimhse,

(*h*) a cheangal go ndéanfar méadair, tomhsairí, dúnphoill, liosanna iniúchóireachta agus gaireas eile agus modhanna eile chun faireachán a dhéanamh ar chineál, ar mhéid agus éifeachtaí astaíochtaí a sholáthar, a oibriú agus a chothabháil,

(*i*) a cheangal go dtógfar agus go n-anailíseofar samplaí, go ndéanfar tomhais, go gcoimeádfar taifid agus go dtabharfar faisnéis don Ghníomhaireacht nó d'aon duine nó comhlacht eile a bheidh sonraithe, lena n-áirítear an ceadúnaí do dhaingniú gur comhlíonadh na coinníollacha a ghabhann le ceadúnas nó le ceadúnas athleasaithe agus léiriú ar aon sáruithe ar na coinníollacha sin,

(*j*) na bearta atá le déanamh a shonrú i gcás go mbainfidh cliseadh d'aon ghléasra nó d'aon trealamh nó d'aon nósanna imeachta eile, ar cliseadh é a d'fhéadfadh difear a dhéanamh d'astaíochtaí ón ngníomhaíocht lena mbaineann,

(*k*) an cineál breosla a shonrú a úsáidfear nó nach n-úsáidfear, de réir mar a bheidh,

(*l*) cineál aon chóireáil atá le cur ar dhramhaíl, agus an modh ar a gcoimeádfar nó ar a ndiúscrófar í, a shonrú,

(*m*) bearta a shonrú atá le déanamh tar éis astaíocht a bheith ann, ar astaíocht í nach bhfuil de réir coinníollacha eile a ghabhann leis an gceadúnas nó leis an gceadúnas athleasaithe, nó tar éis scor de bheith ag oibriú gníomhaíochta,

(*n*) a cheangal go ndéanfar íocaíochtaí leis an nGníomhaireacht i ndáil le costais a thabhaítear le linn faireachán a dhéanamh ar astaíochtaí, nó ar shlí eile, i ndáil le hastaíochtaí,

(*o*) a cheangal go ndéanfar muirear nó muirir a fhorordaítear faoi *alt 93*, nó a ríomhtar dá réir, a íoc leis an nGníomhaireacht,

(*p*) a cheangal go ndéanfar muirear a íoc leis an údarás sláintíochta lena mbaineann i ndáil le scardadh chun séaraigh dá bhforáiltear faoi *alt 97*,

(*q*) an dáta is déanaí a shonrú chun aon choinníollacha a ghabhann leis an gceadúnas, nó leis an gceadúnas athleasaithe, a chomhlíonadh.

(2) Is cion é gan aon choinníoll ar leith a ghabhann le ceadúnas nó le ceadúnas athleasaithe a chomhlíonadh.

(3) Féadfaidh an Ghníomhaireacht, nó an t-údarás sláintíochta, de réir mar a bheidh, méid aon íocaíocht atá dlite di nó dó, ar íocaíocht í a éiríonn as coinníoll a ghabhann le ceadúnas nó le ceadúnas athleasaithe, a ghnóthú mar fhiach conartha shimplí in aon chúirt dlínse inniúla.

(4) I gcás go mbeidh cead faoi Chuid IV d'Acht 1963 deonaithe nó go mbeidh iarratas déanta ar chead den sórt sin i ndáil le gníomhaíocht—

(*a*) glacfaidh an Ghníomhaireacht comhairle leis an údarás pleanála arb ina limistéar feidhme atá nó a bheidh an ghníomhaíocht suite i ndáil le haon fhorbairt is gá chun éifeacht a thabhairt d'aon choinníollacha atá le cur ag gabháil le ceadúnas nó ceadúnas athleasaithe agus a measann an Ghníomhaireacht ina leith nach bhfuil sí ina hábhar do chead nó d'iarratas ar chead faoi Chuid IV d'Acht 1963, agus

(*b*) féadfaidh an Ghníomhaireacht cibé coinníollacha a bhaineann leis an bhforbairt thuasluaite agus a shonróidh an t-údarás pleanála chun críocha phleanáil agus fhorbairt chuí an limistéir, nó cibé srianta is déine ná sin a mheasann an Ghníomhaireacht a bheith riachtanach chun truailliú a chosc, a theorannú, a mhaolú nó a laghdú, nó chun deireadh a chur leis, a chur ag gabháil leis an gceadúnas nó leis an gceadúnas athleasaithe.

Iarratais ar cheadúnais, nó athbhreithnithe ar cheadúnais, a phróiseáil.

**85.—**(1) (*a*) I gcás go bhfuil iarratas le déanamh chuig an nGníomhaireacht ar cheadúnas faoi *alt 83* tabharfaidh an t-iarratasóir fógra don údarás pleanála arb ina limistéar feidhme atá nó a bheidh an ghníomhaíocht suite agus do cibé duine eile (más ann) a fhorordófar, agus foilseoidh sé nó tabharfaidh sé cibé fógraí a fhorordófar faoi *alt 87*.

(*b*) I gcás go mbeartaíonn an Ghníomhaireacht athbhreithniú a dhéanamh ar cheadúnas nó ar cheadúnas athleasaithe faoi *alt 88* foilseoidh sí nó tabharfaidh sí cibé fógra a fhorordófar faoi *alt 87*, agus cuirfidh sí in iúl i scríbhinn don cheadúnaí agus don údarás pleanála arb ina limistéar feidhme atá an ghníomhaíocht suite, agus do cibé duine eile (más ann) a fhorordófar, go bhfuil sé beartaithe aici athbhreithniú a dhéanamh ar an gceadúnas nó ar an gceadúnas athleasaithe.

(2) Sula dtabharfaidh sí a breith faoi *alt 83(1)* maidir le hiarratas ar cheadúnas, nó faoi *alt 88(2)* maidir le hathbhreithniú ar cheadúnas nó ar cheadúnas athleasaithe, déanfaidh an Ghníomhaireacht—

(*a*) fógra a thabhairt don údarás pleanála arb ina limistéar feidhme atá nó a bheidh an ghníomhaíocht suite,

(*b*) fógra a thabhairt don iarratasóir nó don cheadúnaí, de réir mar a bheidh, agus

(*c*) fógra a thabhairt d'aon duine a rinne aighneacht i scríbhinn i ndáil leis an iarratas nó i ndáil leis an athbhreithniú,

ar fógra é ina léireofar an modh ina mbeartaíonn sí an t-iarratas nó an t-athbhreithniú a chinneadh agus, i gcás go mbeartaítear ceadúnas nó ceadúnas athleasaithe a dheonú, ina sonrófar cén áit ina bhféadfar cóip den cheadúnas beartaithe nó den cheadúnas athleasaithe beartaithe a fháil.

(3) Déanfar fógra dá bhforáiltear faoi *fho-alt (2)* a thabhairt laistigh de dhá mhí ó dháta an iarratais ar cheadúnas faoi *alt 83* nó ó dháta foilsithe fógra faoi *fho-alt (1)(b)*, de réir mar a bheidh.

(4) Déanfaidh an Ghníomhaireacht, i ndáil le hiarratas ar cheadúnas, nó i ndáil leis an athbhreithniú ar cheadúnas nó ar cheadúnas athleasaithe—

(*a*) i gcás nach ndéantar aon agóid i gcoinne an chinnidh bheartaithe mar a léirítear faoi *fho-alt (2)*, nó

(*b*) i gcás go ndéantar agóid nó agóidí i gcoinne an chinnidh bheartaithe mar a léirítear faoi *fho-alt (2)* agus go ndéantar an agóid nó na hagóidí a tharraingt siar,

a breith a thabhairt de réir an chinnidh bheartaithe mar a léirítear faoi *fho-alt (2)* agus, i gcás go mbeartaítear ceadúnas nó ceadúnas athleasaithe a dheonú, deonóidh sí an ceadúnas nó an ceadúnas athleasaithe a luaithe is féidir tar éis dheireadh na tréimhse cuí.

(5) Faoi réir cheanglais aon rialacháin faoi *ailt 87* agus *94* a chomhlíonadh, féadfaidh aon duine, aon tráth roimh dheireadh na tréimhse cuí, agóid a dhéanamh i gcoinne an chinnidh bheartaithe mar a léirítear faoi *fho-alt (2)*, agus déanfaidh sé forais na hagóide a chur ag gabháil leis an agóid.

(6) I gcás go mbeidh agóid taisce the, beidh lánrogha ag an nGníomhaireacht éisteacht ó bhéal a sheoladh agus, má dhéanann sí breith amhlaidh, tabharfaidh an Ghníomhaireacht fógra i scríbhinn don iarratasóir nó, i gcás athbhreithnithe, don cheadúnaí, don údarás pleanála arb ina limistéar feidhme a bheidh nó atá an ghníomhaíocht is ábhar d'iarratas ar cheadúnas nó d'athbhreithniú suite agus dóibh siúd ar fad óna bhfuarthas agóidí i gcomhlíonadh *fho-alt (5)*.

(7) Is é dualgas na Gníomhaireachta a chinntiú, maidir le breith a thabharfaidh sí chun éisteacht ó bhéal a sheoladh, agus breith a thabharfaidh sí maidir leis an iarratas ar cheadúnas nó maidir leis an athbhreithniú ar cheadúnas nó ar cheadúnas athleasaithe, cibé acu a seoladh, nó nár seoladh, éisteacht ó bhéal, go dtabharfar an bhreith sin ar mhodh atá chomh dlúsúil agus is féidir agus, chun na críche sin, déanfaidh an Ghníomhaireacht gach beart a bheidh ar fáil di lena chinntiú, a mhéid is indéanta, nach mbeidh aon mhoill inseachanta ann ag aon chéim le linn agóidí a bhreithniú.

(8) Ní dhéanfaidh duine, le haon iarratas ar athbhreithniú breithiúnach nó in aon imeachtaí dlíthiúla eile d'aon chineál, bailíocht breith a thabharfaidh an Ghníomhaireacht a cheistiú, ar breith í chun ceadúnas nó ceadúnas athleasaithe a dheonú nó a dhiúltú, mura rud é go dtionscnaítear na himeachtaí laistigh den tréimhse dhá mhí dar tosach an dáta a thugtar an bhreith.

(9) Ní bheidh feidhm ag forálacha an ailt seo, a mhéid a fhorordófar, maidir le hiarratas ar cheadúnas nó maidir leis an athbhreithniú ar cheadúnas nó ar cheadúnas athleasaithe chun scardadh a dhéanamh chun séaraigh.

(10) San alt seo—

ciallaíonn "an tréimhse chuí"—

(*a*) i gcás an iarratasóra nó an cheadúnaí, an tréimhse 28 lá dar tosach an lá a thugtar an fógra faoi *fho-alt (2)*,

(*b*) in aon chás eile, an tréimhse 21 lá dar tosach an lá a thugtar an fógra faoi *fho-alt (2)*.

**86.—**(1) Déanfaidh duine arna cheapadh ag an nGníomhaireacht chun críoch éisteacht ó bhéal dá bhforáiltear in *alt 85* an éisteacht sin a sheoladh. Éisteacht ó bhéal agus tuarascáil i scríbhinn.

(2) Déanfaidh an duine a cheaptar faoi *fho-alt (1)* tuarascáil i scríbhinn ar an éisteacht a thabhairt don Ghníomhaireacht agus déanfaidh

sé moladh maidir le ceadúnas a dheonú nó a dhiúltú nó maidir le ceadúnas athleasaithe a dheonú agus, más cuí, maidir leis na coinníollacha (más ann) a bheidh le cur ag gabháil leis an gceadúnas nó leis an gceadúnas athleasaithe, a chur san áireamh sa tuarascáil.

(3) Breithneoidh an Ghníomhaireacht tuarascáil a thugtar faoi *fho-alt (2)* sula dtabharfaidh sí breith maidir leis an iarratas ar cheadúnas nó maidir leis an athbhreithniú ar cheadúnas nó ar cheadúnas athleasaithe.

(4) Féadfaidh an tAire rialacháin a dhéanamh i ndáil le seoladh éisteacht ó bhéal agus maidir leis na nósanna imeachta ag éisteacht den sórt sin.

Rialacháin maidir le ceadúnais.

**87.—**(1) Féadfaidh an tAire rialacháin a dhéanamh i ndáil le hiarratais ar cheadúnais nó ar athbhreithniú ar cheadúnais nó ar cheadúnais athleasaithe agus i ndáil le ceadúnais nó ceadúnais athleasaithe a dheonú agus a athbhreithniú.

(2) Gan dochar do ghinearáltacht *fho-alt (1)*, féadfar, le rialacháin faoin alt seo, foráil a dhéanamh maidir le gach ceann nó maidir le haon cheann de na nithe seo a leanas—

(*a*) foirm an iarratais agus an cheadúnais,

(*b*) an tréimhse ama ar laistigh di a dhéanfar iarratas ar cheadúnas a mhéid a bhaineann le foilsiú fógra faoi *alt 85(1)* agus a mhéid a bhaineann le hiarratas ar chead faoi Chuid IV d'Acht 1963,

(*c*) iarratasóirí, ceadúnaithe nó an Ghníomhaireacht d'fhoilsiú cibé fógraí a shonrófar,

(*d*) na haighneachtaí, na pleananna, na doiciméid agus an fhaisnéis agus na sonraí eile a shonrú atá le cur ar aghaidh chuig an nGníomhaireacht nó chuig duine sonraithe eile ag iarratasóirí, ag ceadúnaithe, ag agóideoirí, nó ag daoine eile laistigh de cibé tréimhsí a shonrófar,

(*e*) a cheangal ar iarratasóirí, ar cheadúnaithe, ar agóideoirí nó ar dhaoine eile cibé faisnéis bhreise nó sonraí breise i ndáil le hiarratais nó le hathbhreithnithe a iarrfaidh an Ghníomhaireacht a thabhairt don Ghníomhaireacht nó d'aon duine sonraithe eile laistigh de cibé tréimhse a shonrófar,

(*f*) an tréimhse ar laistigh di a fhoilseofar fógra dá dtagraíonn *alt 85(3)* a fhadú—

(i) go ceann dhá mhí ón dáta a gcomhlíontar iarraidh ar fhaisnéis bhreise, ar shonraí breise nó ar fhianaise bhreise faoi *mhír (e)* nó *(g)*,

(ii) go ceann aon tréimhse le toiliú an iarratasóra nó an cheadúnaí,

(*g*) a cheangal go dtabharfar fianaise ar aird, laistigh de cibé tréimhse a shonrófar, chun aon fhaisnéis agus sonraí arna tabhairt ag iarratasóir, ag ceadúnaí, ag agóideoir nó ag duine eile a fhíorú,

(*h*) nósanna imeachta a bheidh le leanúint ag an nGníomhaireacht le linn iarratais nó athbhreithnithe a phróiseáil, cibé acu a sheoltar, nó nach seoltar, éisteacht ó bhéal, agus na tréimhsí ama ar laistigh díobh a chuirfear na nósanna imeachta sin i gcrích,

(*i*) breitheanna maidir le hiarratais nó athbhreithnithe, mar aon leis na cúiseanna atá leo agus mar aon le haon doiciméid nó faisnéis eile i ndáil leo, a fhoilsiú,

(*j*) maidir le costas aon imscrúdú a sheolann an Ghníomhaireacht, nó a chuireann sí faoi deara nó a shocraíonn sí a sheoladh, i ndáil le hiarratas nó athbhreithniú, a cheangal ar iarratasóir nó ar cheadúnaí an costas sin a ghlanadh nó ranníocaíocht a thabhairt ina leith.

(3) (*a*) Aon duine a dhéanann ráiteas i scríbhinn i ndáil le hiarratas ar cheadúnas, nó i ndáil le hathbhreithniú ar cheadúnas nó ar cheadúnas athleasaithe, faoin gCuid seo, ar ráiteas é is eol dó a bheith bréagach nó míthreorach i bponc ábhartha, beidh sé ciontach i gcion.

(*b*) I gcás go gciontaítear duine i gcion faoin bhfo-alt seo, beidh aon cheadúnas nó ceadúnas athleasaithe a bheidh deonaithe don duine sin, nó do dhuine éigin eile ar thar a cheann a údaraíodh don duine ciontaithe gníomhú, de dhroim an iarratais nó an athbhreithnithe ar i ndáil leis a tugadh an fhaisnéis, arna chúlghairm ó dháta an chiontaithe.

(4) Féadfaidh cibé forálacha teagmhasacha, forlíontacha, iarmhartacha agus idirlinne (lena n-áirítear forálacha lena modhnaítear Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Measúnacht Tionchair Timpeallachta), 1989, agus Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Measúnacht Tionchair Timpeallachta) (Mótarbhealaí), 1988) a bheith i rialacháin faoin alt seo ar forálacha iad is dealraitheach don Aire a bheith riachtanach chun críocha na rialachán céadluaite, nó de dhroim na rialachán sin, nó chun lánéifeacht a thabhairt dóibh.

(5) Maidir le glanadh costais, nó ranníocaíocht i leith costais, ar glanadh costais é nó ar ranníocaíocht í a cheanglaítear a dhéanamh faoi rialacháin arna ndéanamh faoin alt seo, beidh sé nó sí iníoctha ar é nó í a éileamh agus, de mhainneachtain é nó í a íoc amhlaidh, beidh sé nó sí inghnóthaithe mar fhiach conartha shimplí in aon chúirt dlínse inniúla.

Ceadúnais a athbhreithniú.

**88.—**(1) Féadfaidh an Ghníomhaireacht ceadúnas nó ceadúnas athleasaithe arna dheonú faoin gCuid seo a athbhreithniú aon tráth, le toiliú an cheadúnaí, nó ar iarratas a fháil uaidh, nó tráth nach giorra ná trí bliana ón dáta a deonaíodh an ceadúnas nó an ceadúnas athleasaithe.

(2) A luaithe is féidir tar éis di athbhreithniú faoin alt seo a chríochnú, féadfaidh an Ghníomhaireacht ceadúnas athleasaithe a dheonú in ionad an cheadúnais a athbhreithníodh.

(3) Gan dochar d'*fho-alt (1)*, féadfaidh an Ghníomhaireacht ceadúnas nó ceadúnas athleasaithe a athbhreithniú más rud é—

(*a*) go measann an Ghníomhaireacht gur priacal truaillithe comhshaoil é aon astaíocht ón ngníomhaíocht lena mbaineann an ceadúnas nó an ceadúnas athleasaithe,

(*b*) go bhfuil athrú ábhartha tagtha ar chineál nó ar mhéid astaíochta,

(*c*) go bhfuil athrú ábhartha tagtha ar an riocht ina bhfuil an comhshaol sa limistéar ina bhfuil an ghníomhaíocht lena mbaineann an ceadúnas nó an ceadúnas athleasaithe suite, ar athrú é nárbh fhéidir, le réasún, coinne a bheith leis nuair a deonaíodh an ceadúnas nó an ceadúnas athleasaithe,

(*d*) go bhfuil fianaise nach raibh ar fáil nuair a deonaíodh an ceadúnas nó an ceadúnas athleasaithe tagtha chun bheith ar fáil nó go bhfuil caighdeáin nua arna bhforordú is caighdeáin a bhaineann le hábhar nó cineál na hastaíochta lena mbaineann, nó le héifeachtaí na hastaíochta ar an gcomhshaol nó leis an modh chun rialú níos fearr a dhéanamh ar na hastaíochtaí.

(4) Más rud é—

(*a*) go dtagann ordú um limistéar faoi rialú speisialta faoi alt 39 den Acht um Thruailliú Aeir, 1987, ar ordú é a dhéanann difear d'aon astaíocht ón ngníomhaíocht lena mbaineann an ceadúnas, i ngníomh i ndáil leis an limistéar ina bhfuil an ghníomhaíocht suite,

(*b*) go ndéantar caighdeán aercháilíochta a shonrú i rialacháin arna ndéanamh faoi alt 50 den Acht um Thruailliú Aeir, 1987, i ndáil le haon astaíocht ón ngníomhaíocht lena mbaineann an ceadúnas,

(*c*) go ndéantar luach teorann astaíochta iomchuí a shonrú i rialacháin faoi alt 51 den Acht um Thruailliú Aeir, 1987, i ndáil le haon astaíocht ón ngníomhaíocht lena mbaineann an ceadúnas,

(*d*) go mbaineann rialacháin faoi alt 26 den Acht Rialtais Áitiúil (Truailliú Uisce), 1977, le heisilteach a n-údaraítear le ceadúnas den sórt sin é a scardadh, nó leis na huiscí a scardtar an t-eisilteach sin isteach iontu,

(*e*) go ndéantar caighdeán iomchuí a fhorordú faoi rialacháin arna ndéanamh faoi Acht na gComhphobal Eorpach, 1972, nó faoi aon achtachán eile, nó

(*f*) go ndéantar rialacháin iomchuí faoi *alt 106* i ndáil le haon astaíochtaí torainn ón ngníomhaíocht lena mbaineann an ceadúnas,

déanfaidh an Ghníomhaireacht, más gá, agus a luaithe is féidir tar éis na rialacháin a dhéanamh, tar éis theacht i ngníomh an ordaithe nó tar éis na treoracha a thabhairt, de réir mar a bheidh, an ceadúnas nó an ceadúnas athleasaithe a athbhreithniú.

(5) Le linn ceadúnas nó ceadúnas athleasaithe a athbhreithniú faoin alt seo, beidh aird ag an nGníomhaireacht—

(*a*) ar aon athrú ar cháilíocht an chomhshaoil sa limistéar ina bhfuil an ghníomhaíocht lena mbaineann an ceadúnas nó an ceadúnas athleasaithe suite, agus

(*b*) ar an bhforbairt ar eolas teicniúil i ndáil le truailliú comhshaoil agus éifeachtaí truailliú den sórt sin,

ar athrú é nó ar forbairt í a tharlaíonn tar éis an trátha a deonaíodh an ceadúnas nó an ceadúnas athleasaithe nó a athbhreithníodh go deireanach é.

Clár na gceadúnas.

**89.—**(1) Déanfaidh an Ghníomhaireacht, a luaithe is féidir tar éis theacht i ngníomh na Coda seo, clár (dá ngairtear an "clár na gceadúnas" san Acht seo) a bhunú agus a chothabháil chun críocha na Coda seo agus déanfaidh sí na taifid agus na breisithe sin go léir a bheidh forordaithe ó am go ham a chur isteach sa chlár sin.

(2) Coimeádfar clár na gceadúnas in oifigí na Gníomhaireachta agus cuirfear ar fáil é lena iniúchadh, saor in aisce, ag aon duine le linn uaireanta oifige.

(3) Nuair a dhéantar iarraidh chun na Gníomhaireachta ar chóip de thaifead i gclár na gceadúnas, déanfar an chóip a eisiúint chuig an duine a iarrann í ar é d'íoc cibé táille (más ann) a shocróidh an Ghníomhaireacht leis an nGníomhaireacht, ar táille í nach rachaidh thar an gcostas réasúnach a ghabhann leis an gcóip a dhéanamh.

(4) Maidir le gach doiciméad a airbheartaíonn a bheith ina chóip de thaifead i gclár na gceadúnas agus a airbheartaíonn a bheith deimhnithe ag oifigeach de chuid na Gníomhaireachta mar chóip dhílis den taifead, glacfar i bhfianaise in aon imeachtaí dlíthiúla é gan cruthúnas ar shíniú an duine a airbheartaíonn gurb é a dheimhnigh é amhlaidh nó gurb é an t-oifigeach sin é agus, mura suífear a mhalairt, measfar gur cóip dhílis den taifead é agus beidh sé ina fhianaise ar théarmaí an taifid.

(5) Féadfar fianaise ar thaifead i gclár na gceadúnas a thabhairt trí chóip den taifead sin a thabhairt ar aird agus í deimhnithe de bhun an ailt seo agus ní gá clár na gceadúnas é féin a thabhairt ar aird.

(6) Déanfaidh an Ghníomhaireacht fógra faoi gach taifead i gclár na gceadúnas a bhaineann le gníomhaíocht i limistéar feidhme údaráis pleanála a thabhairt don údarás pleanála sin a luaithe is féidir agus coimeádfaidh an t-údarás pleanála cóip de na fógraí sin i gclár a chuirfear ar fáil lena iniúchadh, saor in aisce, ag aon duine le linn uaireanta oifige.

Teorainn le ré ceadúnais.

**90.—**(1) Faoi réir *fho-alt (2),* i gcás, maidir le gníomhaíocht lena mbaineann ceadúnas nó ceadúnas athleasaithe faoin gCuid seo—

(*a*) nach bhfuil tús curtha léi laistigh de thrí bliana tar éis an dáta a deonaíodh an ceadúnas nó an ceadúnas athleasaithe, nó

(*b*) go bhfuil scortha di ar feadh tréimhse nach giorra ná trí bliana,

scoirfidh an ceadúnas, nó an ceadúnas athleasaithe, d'éifeacht a bheith leis.

(2) Gan dochar d'*fho-alt (1)*, féadfaidh an Ghníomhaireacht, ag féachaint do chineál na n-oibreacha agus do na socruithe is gá i dtaca leis an ngníomhaíocht agus d'aon chúinse iomchuí eile—

(*a*) tréimhse a shonrú ar tréimhse í is faide ná trí bliana ar lena linn a bheidh éifeacht leis an gceadúnas nó leis an gceadúnas athleasaithe,

(*b*) ar iarratas a fháil a chomhlíonann na ceanglais (más ann) a bheidh forordaithe, an tréimhse a shonrófar amhlaidh a fhadú.

Úinéireacht gníomhaíochta a athrú.

**91.**—(1) I gcás go ndéantar ceadúnas nó ceadúnas athleasaithe a dheonú faoin gCuid seo, fabhróidh deonú an cheadúnais nó an cheadúnais athleasaithe chun tairbhe don ghníomhaíocht agus do gach duine a bhfuil leas aige inti de thuras an huaire, ach amháin mar a fhoráiltear a mhalairt leis an gceadúnas nó leis an gceadúnas athleasaithe.

(2) I gcás go scoireann ceadúnaí dá leas a shealbhú sa ghníomhaíocht lena mbaineann an ceadúnas nó an ceadúnas athleasaithe, nó ina n-aistríonn sé an leas sin chuig duine eile, tabharfaidh sé fógra á rá sin láithreach don Ghníomhaireacht ar fógra é ndéanfaidh sé, i gcás aistriú a leasa, ainm an duine ar aistríodh a leas sa ghníomhaíocht chuige a shonrú.

Athruithe ar ghníomhaíocht.

**92.**—(1) Déanfaidh an duine—

(*a*) atá i bhfeighil gníomhaíocht arb ina leith atá ceadúnas nó ceadúnas athleasaithe i bhfeidhm faoin gCuid seo, nó atá ceadúnas nó ceadúnas athleasaithe a cheanglaítear a bheith ann faoin gCuid seo, nó

(*b*) atá i bhfeighil gníomhaíocht bhunaithe nach gceanglaítear de thuras na huaire í a bheith ceadúnaithe faoin Acht seo,

fógra a thabhairt i scríbhinn don Ghníomhaireacht má bheartaíonn sé aon athrú a dhéanamh ar an ngníomhaíocht nó aon athdhéanamh a dhéanamh ina leith, agus go ndéanfadh, nó gur dócha go ndéanfaidh, an t-athrú nó an t-athdhéanamh sin athrú nó méadú ábhartha ar astaíochtaí ón ngníomhaíocht, nó go mbeadh sé, nó gur dócha go mbeidh sé, ina chúis le hastaíochtaí nua uaithi.

(2) Aon uair a fhaigheann an Ghníomhaireacht fógra faoin alt seo nó a thagann sí, ar shlí eile, ar an eolas faoi athrú nó athdhéanamh dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)*, féadfaidh an Ghníomhaireacht, d'ainneoin aon fhoráil eile san Acht seo—

(*a*) más rud é go bhfuil ceadúnas nó ceadúnas athleasaithe i bhfeidhm i leith na gníomhaíochta lena mbaineann, an ceadúnas sin a athbhreithniú faoi *alt 88* nó a ordú don duine atá i bhfeighil na gníomhaíochta iarratas a dhéanamh ar cheadúnas nua in ionad an cheadúnais sin, nó

(*b*) mura bhfuil aon cheadúnas den sórt sin i bhfeidhm, a ordú don duine atá i bhfeighil na gníomhaíochta iarratas a dhéanamh ar cheadúnas,

agus ní dhéanfaidh an duine atá i bhfeighil na gníomhaíochta an t-athrú nó an t-athdhéanamh go dtí mbeidh an t-athbhreithniú curtha i gcrích

nó go mbeidh an ceadúnas nua nó an ceadúnas, de réir mar a bheidh, deonaithe.

(3) I gcás go ndéanann an Ghníomhaireacht breith de bhun *fho-alt (2)* chun ceadúnas nó ceadúnas athleasaithe a athbhreithniú nó chun a ordú do dhuine iarratas a dhéanamh ar cheadúnas nua nó, de réir mar a bheidh, ar cheadúnas, déanfaidh an Ghníomhaireacht, laistigh de mhí amháin ón tráth a fhaigheann sí an fógra faoin alt seo, nó ón dáta a thagann an Ghníomhaireacht ar an eolas, ar shlí eile, faoi na nithe dá dtagraítear i *bhfo-alt (1),* an méid sin a chur in iúl don duine agus mura gcuirtear an méid sin in iúl don duine sin, scoirfidh *fo-alt (2)* d'éifeacht a bheith leis i ndáil leis an athrú nó leis an athdhéanamh a shonraítear san fhógra nó ar tháinig an Ghníomhaireacht ar an eolas faoi ar shlí eile.

Muirir i ndáil le hastaíochtaí.

**93.—**(1) Féadfaidh an Ghníomhaireacht, de réir rialacháin arna ndéanamh ag an Aire faoin alt seo, faoi réir thoiliú an Aire Airgeadais agus an Aire Tionscail agus Tráchtála, muirir a ghearradh, faoin alt seo, i ndáil le cibé astaíochtaí a shonrófar sna rialacháin, arb astaíochtaí iad isteach sa chomhshaol ó na gníomhaíochtaí sin.

(2) Gan dochar do ghinearáltacht *fho-alt (1)*, féadfar foráil a dhéanamh le rialacháin faoin alt seo maidir le aon cheann nó gach ceann de na nithe seo a leanas—

(*a*) na hastaíochtaí a shonrú, ar i ndáil leo a fhéadfar muirear faoin alt seo a fhorchur,

(*b*) an modh a shonrú ar a bhfuil muirear den sórt sin le muirearú,

(*c*) an modh a shonrú ar a bhfuil méid an mhuirir sin le ríomh,

(*d*) a chumasú don Ghníomhaireacht muirir éagsúla a ghearradh faoin alt seo i leith astaíochtaí éagsúla agus in imthosca éagsúla,

(*e*) an modh a shonrú ar a bhféadfar uiríll a dhéanamh chuig an nGníomhaireacht maidir le muirear faoin alt seo a fhorchur agus foráil a dhéanamh maidir leis na nósanna imeachta atá le leanúint i leith na n-uiríoll sin,

(*f*) foráil a dhéanamh maidir le muirir a fhorchuirtear faoin alt seo a leasú, a chúlghairm nó a athbhreithniú.

(3) Féadfaidh an Ghníomhaireacht méid aon mhuirir a ghearrann sí faoin alt seo a ghnóthú ón duine a bhfuil siad iníoctha aige mar fhiach conartha shimplí in aon chúirt dlínse inniúla.

Táillí.

**94.—**(1) Féadfaidh an tAire rialacháin a dhéanamh lena ndéantar socrú chun táillí a íoc leis an nGníomhaireacht, nó le cibé údarás poiblí eile nó comhlacht eile a shonrófar, ar táillí iad a bhaineann leis na nithe seo a leanas—

(*a*) ceadúnais faoi *alt 83* nó athbhreithnithe ar cheadúnais faoi *alt 88*,

(*b*) oibriú scéime creidiúnúcháin nó cláir rialaithe cáilíochta anailísigh faoi *alt 66*,

(*c*) oibriú scéime lipéadaithe faoi *alt 78*,

(*d*) oibriú córais rialaithe chun torann a chosc nó a theorannú faoi *alt 106*, nó

(*e*) oibriú córais rialaithe ar orgánaigh ghéinmhodhnaithe faoi *alt 111*,

agus féadfar socrú a dhéanamh leis na rialacháin maidir le táillí éagsúla nó maidir le díolmhú ó tháillí a íoc nó maidir le táillí a tharscaoileadh, a loghadh nó a aisíoc (go hiomlán nó go páirteach) in imthosca éagsúla nó in aicmí éagsúla imthosca nó le haghaidh cásanna éagsúla nó aicmí éagsúla cásanna agus maidir leis an modh ar a mbeidh táillí le diúscairt.

(2) I gcás, faoi rialacháin faoi alt seo, go bhfuil táille iníoctha i leith aon iarratas nó ní, beidh an t-iarratas nó an ní neamhbhailí agus ní dhéanfaidh an Ghníomhaireacht nó cibé údarás poiblí eile nó comhlacht eile lena mbaineann breith a thabhairt ina leith ná ní dhéileálfaidh sí nó sé leis ar shlí eile, de réir mar is cuí, mura mbeidh an táille faighte ag an nGníomhaireacht, nó ag an údarás poiblí eile nó ag an gcomhlacht eile, de réir mar a bheidh.

(3) Beidh rialacháin faoi *fho-alt (1)(a)* faoi réir thoiliú an Aire Airgeadais agus an Aire Tionscail agus Tráchtála.

Cásanna speisialta.

**95.—**(1) Féadfaidh an tAire, le hordú, a cheangal go mbeidh aon phróiseas, forbairt nó oibríocht nach bhfuil sonraithe sa *Chéad Sceideal* incheadúnaithe ag an nGníomhaireacht faoin gCuid seo in ionad a bheith—

(*a*) ina ábhar do cheadúnas—

(i) faoi Chuid III den Acht um Thruailliú Aeir, 1987,

(ii) faoi alt 4 nó 16 den Acht Rialtais Áitiúil (Truailliú Uisce), 1977, nó

(iii) faoi alt 171 den Acht Iascaigh (Comhdhlúthú), 1959,

nó

(*b*) ina ábhar do chead—

(i) faoi Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Iarmhar Tocsaineach agus Contúirteach), 1982, nó

(ii) faoi Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Iarmhar), 1979,

agus i gcás den sórt sin beidh feidhm ag forálacha an Achta seo i ndáil leis an bpróiseas, leis an bhforbairt nó leis an oibríocht lena mbaineann, fad a leanann an t-ordú iomchuí i bhfeidhm, amhail is dá mba ghníomhaíocht é nó í.

(2) Gan dochar do ghinearáltacht *fho-alt (1)*, féadfar ordú a dhéanamh—

(*a*) mar gheall ar shuíomh an phróisis, na forbartha nó na hoibríochta, nó mar gheall ar cháilíocht an chomhshaoil sa

limistéar ina ndéanfar an próiseas, an fhorbairt nó an oibríocht a chur i gcrích,

(*b*) ós rud é, tráth achtú an Achta seo nó tráth an leasaithe is déanaí ar an *gCéad Sceideal*, nach raibh aon phróiseas, forbairt nó oibríocht den sórt sin ann sa Stát, nó

(*c*) ós rud é go bhfuil fianaise a bhaineann le haon tionchar atá ag an bpróiseas, ag an bhforbairt nó ag an oibríocht sin ar an gcomhshaol, ar fianaise í nach raibh ar fáil, tar éis teacht chun bheith ar fáil.

Faireachán ar cháilíocht an chomhshaoil agus ar astaíochtaí.

**96.—**(1) Déanfaidh an Ghníomhaireacht, i ndáil le gníomhaíocht, nó cuirfidh sí faoi deara go ndéanfar, nó socróidh sí go ndéanfar, cibé faireachán—

(*a*) ar cháilíocht an chomhshaoil, agus

(*b*) ar chineál, ar mhéid agus ar éifeachtaí astaíochtaí isteach sa chomhshaol,

a mheasfaidh an Ghníomhaireacht is gá chun a feidhmeanna faoin gCuid seo a chomhlíonadh.

(2) Féadfaidh an Ghníomhaireacht, de réir mar a mheasfaidh sí is gá, a cheangal ar an duine atá i bhfeighil gníomhaíocht óna dtarlaíonn astaíocht isteach sa chomhshaol cibé faireachán a dhéanamh ar chineál, ar mhéid agus ar éifeacht na hastaíochta agus ar cháilíocht aon mheán comhshaoil ar dóigh don astaíocht sin difear a dhéanamh dó, agus cibé taifid maidir leis an bhfaireachán a mheasfaidh an Ghníomhaireacht is gá a choimeád agus a sholáthar don Ghníomhaireacht.

(3) Déanfaidh an Ghníomhaireacht, cuirfidh sí faoi deara go ndéanfar, nó socróidh sí go ndéanfar, cibé faireachán nó bearta eile a mheasann sí is gá chun an faireachán nó taifid faoin bhfaireachán sin dá bhforáiltear faoi *fho-alt (2)* a fhíorú.

(4) Ceanglóidh an Ghníomhaireacht cibé tomhais, ríomhaireachtaí nó meastacháin a dhéanamh, agus cibé taifid a choimeád, a fhorordófar i ndáil le hastaíochtaí substaintí forordaithe ó cibé gníomhaíochtaí a fhorordófar agus cuirfidh sí na taifid sin ar fáil, nó cuirfidh sé faoi deara na taifid sin a chur ar fáil, lena n-iniúchadh ag an bpobal gach tráth réasúnach agus foilseoidh sí na taifid sin nó cuirfidh sí faoi deara iad a fhoilsiú.

(5) Déanfaidh an Ghníomhaireacht, má ordaíonn an tAire di amhlaidh, taifid faoi aon fhaireachán a bheidh déanta faoin alt seo a sholáthar dó nó d'aon duine a bheidh sonraithe aige i gceann cibé eatraimh agus ar cibé modh a ordóidh an tAire.

Scardadh chuig séaraigh.

**97.—**(1) I gcás go mbeartaíonn an Ghníomhaireacht ceadúnas (lena n-áirítear ceadúnas athleasaithe) a dheonú ar ceadúnas é lena ngabhann scardadh aon eisilteach trádála nó aon ábhar eile (seachas séaracht tís nó uisce báistí) chuig séarach, gheobhaidh sí toiliú an údaráis sláintíochta a bhfuil an séarach dílsithe dó nó faoina rialú.

(2) Féadfaidh údarás sláintíochta toiliú le scardadh faoi *fho-alt (1)* faoi réir cibé coinníollacha a mheasfaidh sé is cuí agus déanfaidh an Ghníomhaireacht na coinníollacha sin nó coinníollacha atá níos déine ná sin a áireamh sa cheadúnas nó sa cheadúnas athleasaithe.

(3) Gan dochar do ghinearáltacht *fho-alt (2)*, féadfaidh coinníollacha a chuireann údarás sláintíochta ag gabháil le toiliú faoin alt seo—

(*a*) baint a bheith acu leis na nithe seo a leanas—

(i) cineál, comhdhéanamh, teocht, toirt, leibhéal, ráta, modh cóireála agus suíomh scardaidh agus an tréimhse ar lena linn a fhéadfar, nó nach bhféadfar, scardadh a dhéanamh,

(ii) soláthar, oibriú, cothabháil agus maoirsiú méadar, tomhsairí, dúnpholl, liosanna iniúchóireachta agus gaireas eile agus modhanna eile le faireachán a dhéanamh ar chineál, ar mhéid agus ar éifeacht astaíochtaí,

(iii) samplaí a thógáil agus a anailísiú, taifid a choimeád agus faisnéis a thabhairt don údarás sláintíochta,

(*b*) foráil a dhéanamh go ndéanfaidh an ceadúnaí cibé méid nó méideanna a chinnfidh an t-údarás sláintíochta ag féachaint don chaiteachas a thabhaíonn sé, nó a bheidh le tabhú aige, le linn faireachán, cóireáil agus diúscairt a dhéanamh ar scardadh eisiltigh trádála, eisiltigh séarachta agus ábhair eile isteach i séaraigh ina limistéar feidhme, nó i gcuid shonraithe dá limistéar feidhme, a íoc leis an údarás sláintíochta lena mbaineann,

(*c*) dáta a shonrú arb é an dáta is déanaí é chun aon choinníollacha a chomhlíonadh.

(4) Féadfaidh údarás sláintíochta a iarraidh ar an nGníomhaireacht athbhreithniú a dhéanamh ar cheadúnas nó ar cheadúnas athleasaithe lena mbaineann an t-alt seo—

(*a*) i gceann eatraimh nach giorra ná trí bliana ó dháta an cheadúnais nó ó dháta an athbhreithnithe is déanaí ar an gceadúnas,

(*b*) ag aon tráth le toiliú an duine, nó ar iarratas a fháil ón duine, a dhéanann an scardadh, nó a chuireann faoi deara, nó a cheadaíonn, an scardadh a dhéanamh, nó

(*c*) I gcás, aon tráth—

(i) go bhfuil forais réasúnacha ag an údarás sláintíochta chun a chreidiúint go bhfuil an scardadh a údaraítear leis an gceadúnas nó leis an gceadúnas athleasaithe, nó gur dóigh dó a bheith, díobhálach do shláinte an phobail, nó gur dóigh dó na huiscí a scardann an séarach lena mbaineann chucu a dhéanamh neamhoiriúnach lena n-úsáid le haghaidh úsáidí tís, tráchtála, tionscail, iascaigh (lena n-áirítear feirmeoireacht éisc), talmhaíochta nó áineasa nó gur priacal tromaí é, nó gur dóigh dó ar shlí eile a bheith ina phriacal tromaí, do cháilíocht na n-uiscí,

(ii) go bhfuil athrú ábhartha tagtha ar chineál nó ar thoirt an scardaidh,

(iii) go bhfuil athrú ábhartha tar éis tarlú i ndáil leis na huiscí a ndéanann an séarach lena mbaineann scardadh chucu, nó

(iv) go bhfuil faisnéis bhreise tar éis teacht chun bheith ar fáil ón dáta a deonaíodh an ceadúnas nó an ceadúnas athleasaithe, ar faisnéis í a bhaineann le hábhar truailliúcháin atá sa scardadh lena mbaineann nó i ndáil le héifeachtaí an ábhair sin,

agus déanfaidh an Ghníomhaireacht iarraidh den sórt sin a bhreithniú agus féadfaidh sí í a chomhlíonadh agus beidh aird aici ar aon aighneacht i dtaobh an ní a fhaightear ón údarás sláintíochta.

**98.**—(1) D'ainneoin alt 26 d'Acht 1963, nó aon fhoráil eile de na hAchtanna Rialtais Áitiúil (Pleanáil agus Forbairt), 1963 go 1991, i gcás go mbeidh ceadúnas nó ceadúnas athleasaithe faoin gCuid seo arna dheonú, nó go bhfuil, nó go mbeidh, gá le ceadúnas nó le ceadúnas athleasaithe, i ndáil le gníomhaíocht, ní dhéanfaidh údarás pleanála ná an Bord Pleanála, maidir le haon fhorbairt arb í an ghníomhaíocht í ná maidir le haon fhorbairt chun críocha na gníomhaíochta— Feidhm Achtanna eile.

(*a*) a chinneadh cead nó ceadú faoi Chuid IV d'Acht 1963 a dhiúltú ar an ábhar go mbeadh an fhorbairt ina cúis le truailliú comhshaoil, nó

(*b*) a chinneadh an cead sin a dheonú faoi réir coinníollacha atá ann d'fhonn truailliú comhshaoil ón ngníomhaíocht a chosc, a theorannú, a mhaolú nó a laghdú, nó d'fhonn deireadh a chur le truailliú den sórt sin,

agus, dá réir sin—

(i) le linn déileáil le hiarratas ar chead nó ar cheadú d'aon fhorbairt den sórt sin, ní bhreithneoidh údarás pleanála aon nithe a bhaineann leis an bpriacal truaillithe comhshaoil ón ngníomhaíocht;

(ii) ní dhéanfaidh an Bord Pleanála aon achomharc a bheidh déanta chuige in aghaidh cinneadh ó údarás pleanála i leith iarratas den sórt sin, ná aon aighneachtaí nó tuairimí a bheidh déanta chuige i ndáil le haon achomharc den sórt sin, a bhreithniú, a mhéid a bhaineann an t-achomharc, nó na haighneachtaí nó na tuairimí, de réir mar a bheidh, leis an bpriacal truaillithe comhshaoil ón ngníomhaíocht.

(2) D'ainneoin fhorálacha na nAchtanna Forbartha Mianraí, 1940 go 1979, i gcás go mbeidh ceadúnas nó ceadúnas athleasaithe faoin gCuid seo arna dheonú, nó go bhfuil, nó go mbeidh, gá le ceadúnas nó le ceadúnas athleasaithe, i ndáil le gníomhaíocht, ní áireoidh aon léas a dheonaíonn an tAire Fuinnimh faoi na hAchtanna sin i leith na gníomhaíochta céanna coinníollacha atá ann d'fhonn truailliú comhshaoil ón ngníomhaíocht a chosc, a theorannú, a mhaolú nó a laghdú, nó d'fhonn deireadh a chur le truailliú den sórt sin.

(3) Gan dochar d'*fho-ailt (1)* agus *(2)*, i gcás go ndeonaítear ceadúnas nó ceadúnas athleasaithe faoin gCuid seo i ndáil le gníomhaíocht agus go bhfuil—

(*a*) cead faoi Chuid IV d'Acht 1963, nó

(*b*) léas faoi na hAchtanna Forbartha Mianraí, 1940 go 1979,

arna dheonú i leith na gníomhaíochta céanna, scoirfidh aon choinníollacha atá ag gabháil leis an gcead sin nó atá ann sa léas sin, de réir mar a bheidh, d'éifeacht a bheith leo, a mhéid atá siad ann d'fhonn truailliú comhshaoil a chosc, a theorannú, a mhaolú nó a laghdú,

(4) Maidir le cead nó léas a dheonú faoi aon cheann de na hAchtanna dá dtagraítear i *bhfo-ailt (1)* agus *(2)* i ndáil le haon ghníomhaíocht, ní dhéanfaidh sé dochar ná difear, ar aon slí, do chur i bhfeidhm aon fhoráil den Acht seo maidir leis an ngníomhaíocht sin, ná ní shrianfaidh sé, ar aon slí, an cur i bhfeidhm sin.

Socruithe idirthréimhseacha.

**99.—**(1) I gcás go mbeartaíonn an Ghníomhaireacht ceadúnas nó ceadúnas athleasaithe a dheonú i leith gníomhaíocht bhunaithe—

(*a*) a mbeidh ceadúnas deonaithe ina leith—

(i) faoi Chuid III den Acht um Thruailliú Aeir, 1987,

(ii) faoi alt 4 nó 16 den Acht Rialtais Áitiúil (Truailliú Uisce), 1977, nó

(iii) faoi alt 171 den Acht Iascaigh (Comhdhlúthú), 1959,

nó

(*b*) a mbeidh cead eisithe ina leith—

(i) faoi Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Iarmhar Tocsaineach agus Contúirteach), 1982, nó

(ii) faoi Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Iarmhar), 1979,

déanfaidh an Ghníomhaireacht, más rud é go bhfuil an ceadúnas nó an ceadúnas athleasaithe faoin gCuid seo á dheonú i rith na tréimhse trí bliana ó thráth deonaithe ceadúnas faoi *mhír (a)* nó ó thráth eisithe cead faoi *mhír (b)*, aird a thabhairt ar na coinníollacha (más ann) a ghabhann leis an gceadúnas nó leis an gcead sin agus ar na costais a thabhófaí i ndáil leis an ngníomhaíocht dá mbeadh coinníollacha éagsúla ag gabháil leis an gceadúnas nó leis an gceadúnas athleasaithe atá le deonú ag an nGníomhaireacht.

(2) Tráth thosach feidhme an ailt seo agus dá éis, cinnteoidh an Ghníomhaireacht go ndéantar gníomhaíocht, ar gá ceadúnas ina leith faoin gCuid seo, a sheoladh de réir na n-achtachán a luaitear i *bhfo-alt (1)* go dtí go ndeonaítear ceadúnas faoin gCuid seo i leith na gníomhaíochta agus aon tagairt d'údarás áitiúil, d'údarás sláintíochta nó d'Aire na Mara in aon cheadúnas nó cead nó in aon choinníollacha a ghabhann le ceadúnas nó cead arna eisiúint faoi na hachtacháin thuasluaite i ndáil leis an ngníomhaíocht sin, measfar gur tagairt don Ghníomhaireacht í.

(3) Féadfaidh an tAire, chun críocha *fho-alt (2)*, rialacháin a dhéanamh lena bhforáiltear go mbeidh aon fhoráil de na hachtacháin a luaitear i *bhfo-alt (1)* agus a shonraítear sna rialacháin infheidhmithe, a mhéid a bheidh sonraithe amhlaidh, ag an nGníomhaireacht i ndáil leis na gníomhaíochtaí lena mbaineann in ionad a bheith infheidhmithe ag an údarás áitiúil, ag an údarás sláintíochta nó ag Aire na Mara.

(4) I gcás, díreach roimh thosach feidhme *alt 82*, go ndéantar iarratas ar cheadúnas nó ar chead, nó go bhfuil athbhreithniú á dhéanamh ar cheadúnas nó ar chead, lena mbaineann *fo-alt (1)* i leith gníomhaíocht a bhfuil gá le ceadúnas ina leith faoin alt sin, agus go bhfuil an t-iarratas nó an t-athbhreithniú fós le cinneadh, déileálfaidh an Ghníomhaireacht leis an iarratas nó leis an athbhreithniú agus tabharfaidh sí breith ina leith faoin gCuid seo amhail is dá mba iarratas chun na Gníomhaireachta ar cheadúnas, nó athbhreithniú ar cheadúnas ag an nGníomhaireacht, é faoin gCuid seo agus déanfaidh an t-údarás áitiúil nó an t-údarás sláintíochta nó Aire na Mara, de réir mar a bheidh, laistigh de thréimhse míosa ó thosach feidhme *alt 82* nó ceithre lá dhéag ó dháta iarrata ón nGníomhaireacht ar aon doiciméid nó faisnéis, cibé acu is déanaí, na doiciméid sin uile agus an fhaisnéis sin uile atá ina sheilbh agus a éileoidh an Ghníomhaireacht chun na críche sin a thabhairt don Ghníomhaireacht.

(5) Maidir leis an lá, nó an lá deiridh de na laethanta, de réir mar is cuí, a thugann an t-údarás áitiúil, an t-údarás sláintíochta nó Aire na Mara, de réir mar a bheidh, na doiciméid uile agus an fhaisnéis uile dá dtagraítear i *bhfo-alt (4)* don Ghníomhaireacht de réir an fho-ailt sin, measfar, i ndáil le hiarratas ar cheadúnas nó ar chead, gurb é dáta an iarratais ar cheadúnas faoin gCuid seo é.

(6) D'ainneoin fhorálacha an ailt seo, ní bheidh feidhm ag an gCuid seo maidir le gníomhaíocht i gcás go mbeidh achomharc déanta, nó go bhféadfar achomharc a dhéanamh fós, chuig an mBord Pleanála faoi alt 34 den Acht um Thruailliú Aeir, 1987, nó faoi alt 8 nó 20 den Acht Rialtais Áitiúil (Truailliú Uisce), 1977, arna gcur isteach leis an Acht Rialtais Áitiúil (Truailliú Uisce) (Leasú), 1990, go dtí go mbeidh an tréimhse chun an t-achomharc a dhéanamh tar éis dul in éag nó go mbeifear tar éis an t-achomharc a chinneadh nó a tharraingt siar agus go mbeidh an ceadúnas (más ann) eisithe de réir mar a bheidh.

## CUID V

### RIALÚ GINEARÁLTA AR THRUAILLIÚ

Cumhachtaí áirithe faoin Acht Rialtais Áitiúil (Truailliú Uisce), 1977 a leathnú chuig an nGníomhaireacht.

**100.—**(1) Féadfaidh an tAire, le hordú, a fhoráil, maidir le aon fhoráil den Acht Rialtais Áitiúil (Truailliú Uisce), 1977 a bheidh sonraithe san ordú, go mbeidh feidhm aici i ndáil leis an nGníomhaireacht go feadh cibé méid a bheidh sonraithe amhlaidh.

(2) Féadfar a fhoráil le hordú faoi *fho-alt (1)* i ndáil le foráil áirithe—

(*a*) go bhféadfaidh an Ghníomhaireacht feidhm a thugtar leis an bhforáil d'údarás áitiúil nó d'údarás sláintíochta a fheidhmiú, i dteannta nó in ionad í a bheith á feidhmiú ag an údarás sin,

(*b*) maidir le haon ní a gceanglaítear leis an bhforáil é a dhéanamh i ndáil le húdarás áitiúil nó le húdarás sláintíochta, go bhféadfar é a dhéanamh i ndáil leis an nGníomhaireacht, i dteannta nó in ionad é a bheith á dhéanamh ag an údarás sin,

(*c*) go bhféadfaidh tagairt don Ghníomhaireacht a bheith ann i dtagairt san fhoráil d'údarás áitiúil nó d'údarás sláintíochta nó go bhféadfar tagairt don Ghníomhaireacht a chur in ionad na tagartha san fhoráil d'údarás áitiúil nó d'údarás sláintíochta.

(3) Féadfaidh cibé forálacha teagmhasacha agus iarmhartacha a mheasfaidh an tAire is cuí a bheith in ordú faoin alt seo, lena n-áirítear foráil chun modhnú a dhéanamh ar aon fhoráil den Acht Rialtais Áitiúil (Truailliú Uisce), 1977, faoi mar atá feidhm ag an bhforáil sin i ndáil leis an nGníomhaireacht.

Cumhachtaí áirithe faoin Acht um Thruailliú Aeir, 1987 a leathnú chuig an nGníomhaireacht.

**101.**—(1) Féadfaidh an tAire, le hordú, a fhoráil, maidir le aon fhoráil den Acht um Thruailliú Aeir, 1987 a bheidh sonraithe san ordú, go mbeidh feidhm aici i ndáil leis an nGníomhaireacht go feadh cibé méid a bheidh sonraithe amhlaidh.

(2) Féadfar a fhoráil le hordú faoi *fho-alt (1)* i ndáil le foráil áirithe—

(*a*) go bhféadfaidh an Ghníomhaireacht feidhm a thugtar leis an bhforáil d'údarás áitiúil nó d'údarás sláintíochta a fheidhmiú i dteannta nó in ionad í a bheith á feidhmiú ag an údarás sin,

(*b*) maidir le haon ní a gceanglaítear leis an bhforáil é a dhéanamh i ndáil le húdarás áitiúil nó le húdarás sláintíochta go bhféadfar é a dhéanamh i ndáil leis an nGníomhaireacht, i dteannta nó in ionad é a bheith á dhéanamh ag an údarás sin,

(*c*) go bhféadfaidh tagairt don Ghníomhaireacht a bheith ann i dtagairt san fhoráil d'údarás áitiúil nó d'údarás sláintíochta nó go bhféadfar tagairt don Ghníomhaireacht a chur in ionad na tagartha san fhoráil d'údarás áitiúil nó d'údarás sláintíochta.

(3) Féadfaidh cibé forálacha teagmhasacha agus iarmhartacha a mheasfaidh an tAire is cuí a bheith in ordú faoin alt seo, lena n-áirítear foráil chun modhnú a dhéanamh ar aon fhoráil den Acht um Thruailliú Aeir, 1987, faoi mar atá feidhm ag an bhforáil i ndáil leis an nGníomhaireacht.

Pleananna bainistíochta.

**102.**—(1) Gan dochar do ghinearáltacht *ailt 100* agus *101,* féadfaidh an tAire, le hordú, a fhoráil go bhféadfaidh an Ghníomhaireacht plean bainisteoireachta aercháilíochta a dhéanamh faoi alt 46 den Acht um Thruailliú Aeir, 1987, nó plean bainistithe cáilíochta uisce a dhéanamh faoi alt 15 den Acht Rialtais Áitiúil (Truailliú Uisce), 1977.

(2) Féadfaidh cibé forálacha teagmhasacha agus iarmhartacha a mheasfaidh an tAire is cuí a bheith ann in ordú faoin alt seo, lena n-áirítear foráil chun modhnú a dhéanamh ar ailt 46, 47 agus 48 den Acht um Thruailliú Aeir, 1987, nó ar alt 15 den Acht Rialtais Áitiúil (Truailliú Uisce), 1977, faoi mar atá feidhm acu i ndáil leis an nGníomhaireacht agus go háirithe—

(i) na nósanna imeachta atá le leanúint ag an nGníomhaireacht le linn an plean a dhéanamh,

(ii) an Ghníomhaireacht do ghlacadh comhairle le haon údarás áitiúil lena mbaineann maidir le plean a dhéanamh,

(iii) forálacha a bhaineann le toiliú ó údarás áitiúil sula ndéantar plean,

(iv) forálacha i dtaca le nithe a chinneadh i gcás go measann an Ghníomhaireacht go bhfuil toiliú ó údarás áitiúil á choimeád siar go míréasúnach,

(v) forálacha a bhaineann le costais déanta plean a ghnóthú ó na húdaráis áitiúla lena mbaineann.

Luachanna teorann astaíochta agus caighdeáin cháilíochta.

**103.**—(1) Féadfaidh an Ghníomhaireacht aon tráth, agus déanfaidh sí nuair a iarrann an tAire uirthi déanamh amhlaidh, moltaí a dhéanamh don Aire i ndáil leis na nithe seo a leanas—

(*a*) caighdeáin aercháilíochta a shonrú faoi alt 50 den Acht um Thruailliú Aeir, 1987,

(*b*) luachanna teorann astaíochta a shonrú faoi alt 51 den Acht um Thruailliú Aeir, 1987,

(*c*) caighdeáin cháilíochta d'uiscí, d'eisiltigh thrádála agus d'eisiltigh shéarachta agus caighdeáin i ndáil le modhanna cóireála na n-eisilteach sin a fhorordú, faoi alt 26 den Acht Rialtais Áitiúil (Truailliú Uisce), 1977.

(2) Sula ndéanfaidh sé rialacháin chun aon cheann de na críocha dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)* tabharfaidh an tAire aird ar aon mholtaí a dhéanann an Ghníomhaireacht de bhun an fho-ailt sin.

(3) Foilseoidh an Ghníomhaireacht moltaí faoi *fho-alt (1)*, seachas moltaí arna ndéanamh ar iarraidh a fháil ón Aire.

Tuarascálacha speisialta agus imscrúduithe.

**104.**—(1) Féadfaidh an Ghníomhaireacht, agus déanfaidh sí nuair a iarrann an tAire uirthi déanamh amhlaidh, na cúiseanna agus na himthosca a bhaineann le haon teagmhas truaillithe comhshaoil a imscrúdú agus tuarascáil speisialta a thabhairt ar an ní sin.

(2) (*a*) Féadfaidh an Ghníomhaireacht a chur faoi deara tuarascáil speisialta, nó cuid di, a fhoilsiú ar cibé modh a mheasfaidh sí is cuí.

(*b*) Sula bhfoilseofar tuarascáil speisialta nó cuid de thuarascáil den sórt sin arna hullmhú ar iarraidh a fháil ón Aire, cuirfidh an Ghníomhaireacht an tuarascáil sin faoi bhráid an Aire.

(3) Féadfaidh an tAire rialacháin a dhéanamh maidir le haon ní a bhaineann le nós imeachta i ndáil le hoibriú an ailt seo.

Fiosrúcháin.

**105.**—(1) (*a*) Féadfaidh an Ghníomhaireacht, i gcás, tar éis comhairle a ghlacadh leis an Aire, go measann sí gur gá déanamh amhlaidh, a shocrú go ndéanfar fiosrúchán maidir le haon teagmhas truaillithe comhshaoil nó maidir le haon ní eile a bhaineann le caomhnú comhshaoil.

(*b*) Féadfaidh an tAire a ordú don Ghníomhaireacht a shocrú go ndéanfar fiosrúchán maidir le haon teagmhas sonraithe

truaillithe comhshaoil nó maidir le haon ní eile a bhaineann le caomhnú comhshaoil agus comhlíonfaidh an Ghníomhaireacht aon ordachán den sórt sin.

(2) Déanfaidh duine arna cheapadh ag an nGníomhaireacht chuige sin an fiosrúchán a sheoladh ar cibé modh is cuí leis an duine.

(3) Chun críocha an fhiosrúcháin, féadfaidh an duine a sheolann an fiosrúchán an méid seo a leanas a dhéanamh—

(*a*) imscrúdú a dhéanamh ar na himthosca inar tharla an teagmhas truaillithe comhshaoil nó aon ní eile a bhaineann le caomhnú comhshaoil,

(*b*) dul isteach (ar an daingniú ar a cheapachán a thabhairt ar aird má éilíonn an t-áititheoir nó an duine atá i bhfeighil an áitribh amhlaidh) aon tráth réasúnach in aon áitreabh, ar dealraitheach gur gá dul isteach ann chun na gcríoch sin,

(*c*) cibé iniúchadh agus scrúdú a chur i gcrích agus cibé nithe a dhéanamh agus cibé fiosrúcháin a dhéanamh is dealraitheach dó, le réasún, a bheith riachtanach chun na gcríoch sin agus, go háirithe—

(i) a cheangal ar aon duine, le toghairm, freastal mar fhinné chun fianaise a thabhairt,

(ii) a cheangal ar aon duine cibé leabhair, páipéir, doiciméid eile agus aon earraí (atá faoi choimeád an duine sin nó faoina urláimh) a mheasann an duine a bhfuil an fiosrúchán á sheoladh aige a bheith iomchuí a thabhairt ar aird, agus na leabhair, na páipéir, na doiciméid agus na hearraí sin a choimeád ar feadh cibé tréimhse ama a mbeidh gá le réasún aige leo,

(iii) duine a chur faoi mhionn nó a chur faoi deara duine a chur faoi mhionn agus fianaise a ghlacadh faoi mhionn.

(4) Más rud é—

(*a*) nach ndéanann duine, ar é a thoghairm go cuí mar fhinné os comhair fiosrúcháin, de réir na toghairme sin gan cúis chóir ná leithscéal cóir a bheith aige,

(*b*) go ndiúltaíonn duine, le linn dó a bheith ag freastal mar fhinné, dul faoi mhionn nó dearbhú a dhéanamh nuair a cheanglaíonn an duine a bhfuil an fiosrúchán á sheoladh aige air go dlíthiúil déanamh amhlaidh, nó aon doiciméid nó earraí atá faoina choimeád nó faoina urláimh a thabhairt ar aird, ar doiciméid nó earraí iad a gceanglaíonn an duine a bhfuil an fiosrúchán á sheoladh aige air go dlíthiúil iad a thabhairt ar aird, nó a dhiúltóidh freagra a thabhairt ar aon cheist a bhféadfaidh an duine a bhfuil an fiosrúchán á sheoladh aige freagra a iarraidh uirthi go dlíthiúil,

(*c*) go ndéanann duine fianaise atá ábhartha maidir leis an bhfiosrúchán agus is eol dó a bheith bréagach nó nach gcreideann sé a bheith fíor a thabhairt go toiliúil,

(*d*) go ndéanann duine, trí ghníomh nó neamhghníomh, bac nó treampán a chur ar an duine a bhfuil an fiosrúchán á sheoladh aige le linn don duine sin a fheidhmeanna a chomhlíonadh,

(*e*) go mainníonn, go bhfaillíonn nó go ndiúltaíonn duine aon cheanglas dá bhforáiltear faoi *fho-alt (3)(c)(ii)* a chomhlíonadh, nó

(*f*) go ndéanann duine aon ní eile, nó go bhfágann sé aon ní eile gan déanamh, agus gurb amhlaidh, dá mba é an fiosrúchán an Ard-Chúirt, gurbh ionann déanamh an ní eile, nó é a fhágáil gan déanamh, agus díspeagadh na Cúirte sin,

beidh an duine ciontach i gcion.

(5) Ní bheidh aon ráiteas nó admháil a dhéanann duine os comhair duine a bhfuil fiosrúchán á sheoladh aige faoin alt seo inghlactha i bhfianaise in aghaidh an duine sin in aon imeachtaí coiriúla seachas imeachtaí i ndáil le cion faoi *fho-alt (4)*.

(6) Déanfar cibé caiteachais a bheidh le híoc as airgead a bheidh ar fáil don Ghníomhaireacht a lamháil do dhaoine a fhreastalaíonn mar fhinnéithe ag an bhfiosrúchán, ar caiteachais iad a lamhálfaí d'fhinnéithe a fhreastalaíonn os comhair cúirte taifid agus, i gcás díospóid a bheith ann i dtaobh an mhéid a bheidh le lamháil, tarchuirfidh an duine a bhfuil an fiosrúchán á sheoladh aige an díospóid chuig máistir fómhais de chuid na hArd-Chúirte agus déanfaidh seisean, ar iarraidh a fháil faoi shíniú an duine a sheolann an fiosrúchán, méid cuí na gcaiteachas a fhionnadh agus a dheimhniú.

(7) Déanfaidh an duine a sheolann an fiosrúcháin tuarascáil a thabhairt don Ghníomhaireacht ina luafar cúiseanna agus imthosca ábhar an fhiosrúcháin agus féadfaidh sé aon tuairimí a mheasann sé is ceart a thabhairt a chur leis an tuarascáil sin.

(8) Féadfaidh an Ghníomhaireacht a chur faoi deara tuarascáil ó dhuine a sheol fiosrúchán faoin alt seo a fhoilsiú cibé tráth agus ar cibé modh a mheasfaidh sí is cuí.

(9) Féadfaidh an Ghníomhaireacht a cheangal go mbeidh na caiteachais go léir, nó cuid de na caiteachais, arna dtabhú ag an nGníomhaireacht i ndáil le fiosrúchán faoin alt seo le híoc go hiomlán nó go páirteach ag aon duine a dhealraíonn don Ghníomhaireacht, mar gheall ar aon ghníomh nó mainneachtain de chuid an duine sin, nó de chuid aon seirbhíseach nó gníomhaire dá chuid, a bheith freagrach, go feadh aon mhéid, as ábhar an fhiosrúcháin.

(10) Tabharfaidh an Ghníomhaireacht fógra maidir le fiosrúchán faoin alt seo trí fhógra a fhoilseofar san *Iris Oifigiúil* agus i nuachtán laethúil amháin ar a laghad a scaiptear sa Stát, ar fógra é ina leagfar amach téarmaí tagartha an fhiosrúcháin.

(11) Féadfaidh an tAire rialacháin a dhéanamh chun críocha an ailt seo.

CUID VI

ILGHNÉITHEACH

Rialacháin maidir le rialú torainn.

**106.**—(1) Féadfaidh an tAire, tar éis comhairle a ghlacadh le haon Aire den Rialtas atá, i dtuairim an Aire, bainteach leis an ábhar, agus féadfaidh sé, i gcomhar leis an nGníomhaireacht, rialacháin a dhéanamh d'fhonn aon torann a d'fhéadfadh a bheith ina chúis le núis nó míthaitneamhacht, a d'fhéadfadh a bheith ina chontúirt don tsláinte, nó a d'fhéadfadh damáiste a dhéanamh do mhaoin a chosc nó a theorannú.

(2) Gan dochar do ghinearáltacht *fho-alt (1)*, féadfar foráil a dhéanamh le rialacháin faoin alt seo maidir le gach ceann nó aon cheann de na nithe seo a leanas—

(*a*) foinsí torainn a rialú,

(*b*) (i) teorainneacha uasta a shonrú le haghaidh torainn i gcoitinne nó i limistéir shonraithe nó in aicmí limistéar sonraithe,

(ii) teorainneacha uasta a shonrú le haghaidh astaíochtaí torainn, ó áitribh nó ó aicmí áitreabh, nó isteach iontu, i gcoitinne nó le linn tréimhsí sonraithe, nó

(iii) teorainneacha uasta a shonrú i leith leibhéil torainn in áitribh fhorordaithe,

(*c*) oibriú, lena n-áirítear ceadúnú, ceirdeanna, próiseas nó oibreacha a rialáil, lena n-áirítear uainiú agus rialú gluaiseachtaí feithiclí agus oibriú inneall agus gléasra atá, nó a d'fhéadfadh a bheith, ina bhfoinsí torainn,

(*d*) úsáid callairí a theorannú nó a thoirmeasc in áiteanna poiblí nó in áiteanna atá tadhlach leo, lena n-áirítear forálacha éagsúla le haghaidh áiteanna éagsúla nó aicmí éagsúla áiteanna, agus tráthanna éagsúla, agus faoi réir cibé eisceachtaí a shonrófar,

(*e*) torann a thomhas agus éifeachtaí torainn a imscrúdú, nó

(*f*) muirir a fhorchur nó táillí a íoc chun críocha na rialachán nó le haghaidh seirbhísí a sholáthraítear faoi na rialacháin.

(3) Leasaítear leis seo Acht 1963 tríd an iontráil: "14. Laghdú nó cosc torainn a áirithiú." a chur leis i ndeireadh Chuid IV den Tríú Sceideal.

Cumhacht údaráis áitiúil nó na Gníomhaireachta a cheangal go ndéanfar bearta chun torann a chosc nó a theorannú.

**107.**—(1) I gcás gur dealraitheach—

(*a*) d'údarás áitiúil i ndáil le haon áitreabh, próisis nó oibreacha, seachas gníomhaíocht ar gá ceadúnas ina leith faoi *Chuid IV,* nó

(*b*) don Ghníomhaireacht i ndáil le gníomhaíocht ar gá ceadúnas ina leith faoi *Chuid IV* ach nár eisíodh an ceadúnas sin,

gur gá déanamh amhlaidh chun torann a chosc nó a theorannú, féadfaidh an t-údarás áitiúil nó an Ghníomhaireacht, de réir mar a bheidh, fógra a sheirbheáil ar an duine atá i bhfeighil na nithe sin.

(2) Déanfar ceanglais chun an torann a chosc nó a theorannú a chur in iúl i bhfógra de bhun an ailt seo agus féadfar, leis an bhfógra sin—

(*a*) na bearta a shonrú ar dealraitheach don údarás áitiúil nó don Ghníomhaireacht, de réir mar a bheidh, gur gá iad chun an torann a chosc nó a theorannú,

(*b*) a ordú don duine ar a seirbheáiltear an fógra cibé bearta a bheidh sonraithe san fhógra a dhéanamh chun an torann a chosc nó a theorannú, agus

(*c*) tréimhse a shonrú, a mheasann an t-údarás áitiúil nó an Ghníomhaireacht, de réir mar a bheidh, a bheith réasúnach in imthosca uile an cháis, ar tréimhse í ar laistigh di a bheidh na bearta sin le déanamh.

(3) Féadfaidh duine a mbeidh fógra faoin alt seo seirbheáilte air, laistigh de cibé tréimhse a bheidh sonraithe san fhógra, cibé uiríll i scríbhinn is cuí leis a dhéanamh chuig an údarás áitiúil nó chuig an nGníomhaireacht, de réir mar a bheidh, maidir le téarmaí an fhógra, agus féadfaidh an t-údarás áitiúil nó an Ghníomhaireacht, de réir mar a bheidh, tar éis breithniú a dhéanamh ar aon uiríll den sórt sin, foráil de chuid an fhógra (lena n-áirítear an fhoráil a bhaineann le *fo-alt (2)(c)*) a leasú, nó féadfaidh sé nó sí an fógra a dhaingniú nó a chúlghairm, agus cuirfidh sé nó sí in iúl don duine go bhfuil an leasú, an daingniú nó an chúlghairm sin déanta.

(4) Déanfaidh duine a mbeidh fógra faoin alt seo seirbheáilte air, laistigh den tréimhse a bheidh sonraithe, ceanglais an fhógra, nó de réir mar a bheidh, ceanglais an fhógra arna leasú, a chomhlíonadh.

(5) Más rud é, maidir le duine a mbeidh fógra faoin alt seo seirbheáilte air ag údarás áitiúil nó ag an nGníomhaireacht, de réir mar a bheidh, nach ndéanann sé, laistigh den tréimhse a bheidh sonraithe san fhógra nó san fhógra arna leasú, de réir mar a bheidh, ceanglais an fhógra nó an fhógra arna leasú a chomhlíonadh, féadfaidh an t-údarás áitiúil nó an Ghníomhaireacht, de réir mar a bheidh, cibé bearta a dhéanamh a mheasann sé nó sí a bheith réasúnach agus riachtanach chun a áirithiú go gcomhlíontar an fógra agus féadfaidh sé nó sí aon chostais agus aon chaiteachais arna dtabhú dá chionn sin a ghnóthú ón duine ar seirbheáladh an fógra air mar fhiach conartha shimplí in aon chúirt dlínse inniúla.

(6) In ionchúiseamh mar gheall ar shárú ar an alt seo, is cosaint mhaith é do chúisí, i gcás torann a tharlaíonn i gcúrsa trádála nó gnó, an méid seo a leanas a chruthú—

(*a*) gur ghlac sé gach cúram réasúnach chun an torann lena mbaineann an cúiseamh a chosc nó a theorannú trí shaoráidí a sholáthar, a chothabháil, a úsáid, a oibriú agus a mhaoirsiú, nó trí úsáid a bhaint as cleachtais nó modhanna oibriúcháin a bhí oiriúnach d'fhonn an torann sin a chosc nó a theorannú, ag féachaint do na himthosca uile, nó

(*b*) go bhfuil an torann—

(i) de réir théarmaí ceadúnas faoin Acht seo, nó

(ii) de réir rialacháin faoi *alt 106*.

(7) Déanfar clár fógraí a bheidh eisithe, leasaithe nó cúlghairthe ag an údarás áitiúil nó ag an nGníomhaireacht a choimeád in oifig an údaráis áitiúil nó na Gníomhaireachta, de réir mar a bheidh, agus beidh sé ar fáil lena iniúchadh saor in aisce ag an bpobal linn uaireanta oifige agus déanfar cóipeanna de thaifid a sholáthar d'aon duine ar iad a iarraidh tar éis don duine cibé táille (más ann) a shocróidh an t-údarás áitiúil nó an Ghníomhaireacht, de réir mar a bheidh, a íoc leis an údarás áitiúil nó leis an nGníomhaireacht, de réir mar a bheidh, ar táille í nach mbeidh níos mó ná an costas réasúnach a ghabhann leis an gcóip a dhéanamh.

Torann mar núis.

**108.—**(1) I gcás aon torann a bheith ann atá chomh mór nó chomh leanúnach sin, nó chomh minic sin, nó a mhaireann chomh fada sin nó atá chomh hard sin, nó a tharlaíonn le linn tráthanna gurb amhlaidh gur cúis réasúnach é i leith crá a bheith ar dhaoine atá in aon áitreabh sa chomharsanacht nó ar dhuine a bhfuil aon áit phoiblí á húsáid go dleathach aige, féadfaidh údarás áitiúil, an Ghníomhaireacht nó aon duine den sórt sin gearán a dhéanamh chun na Cúirte Dúiche agus féadfaidh an Chúirt a ordú don duine nó don chomhlacht a dhéanann an torann, a chuireann faoi deara an torann a dhéanamh nó atá freagrach as an torann a dhéanamh na bearta is gá a dhéanamh chun an torann a laghdú go dtí leibhéal sonraithe nó bearta sonraithe a dhéanamh d'fhonn an torann a chosc nó a theorannú agus comhlíonfaidh an duine nó an comhlacht lena mbaineann an t-ordú sin.

(2) I gcás imeachtaí faoi *fho-alt (1)* nó in ionchúiseamh mar gheall ar shárú ar an alt seo, is cosaint mhaith é don chúisí, i gcás torann a tharlaíonn i gcúrsa trádála nó gnó, an méid seo a leanas chruthú—

(*a*) gur ghlac sé gach cúram réasúnach chun an torann lena mbaineann an gearán a chosc nó a theorannú trí shaoráidí a sholáthar, a chothabháil, a úsáid, a oibriú agus a mhaoirsiú, nó trí úsáid a bhaint as cleachtais nó modhanna oibriúcháin a bhí oiriúnach d'fhonn an torann sin a chosc nó a theorannú, ag féachaint do na himthosca uile, nó

(*b*) go bhfuil an torann—

(i) de réir théarmaí ceadúnas faoin Acht seo, nó

(ii) de réir rialacháin faoi *alt 106*.

(3) Sula ndéanfar gearán chun na Cúirte Dúiche faoi *fho-alt (1)* déanfaidh an t-údarás áitiúil nó an duine lena mbaineann, de réir mar a bheidh, fógra san fhoirm fhorordaithe i dtaobh é a bheith beartaithe gearán den sórt sin a dhéanamh, laistigh de cibé tréimhse a bheidh sonraithe san fhógra, a sheirbheáil, ar an duine a líomhnaítear gurbh é a rinne an torann nó a chuir faoi deara an torann a dhéanamh nó a bhí freagrach as an torann a dhéanamh.

(4) Ní bheidh feidhm ag an alt seo maidir le torann arb é is cúis leis—

(*a*) aerárthach, nó

(*b*) cibé gnóthaire reachtúil nó údarás áitiúil a fhorordófar, le linn dó cumhachtaí a thugtar dó le haon achtachán nó faoi aon achtachán a fheidhmiú i cibé imthosca a fhorordófar.

**109.**—Beidh forálacha *ailt 106, 107* agus *108* gan dochar d'fhorálacha an Achta um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 1989.

An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 1989.

**110.**—(1) Tar éis dul i gcomhairle le haon Aire eile den Rialtas atá, i dtuairim an Aire, bainteach leis an ábhar, déanfaidh an tAire rialacháin maidir le cibé údaráis phoiblí a shonrófar do chur faisnéis shonraithe a bhaineann leis an gcomhshaol ar fáil d'aon duine ar í a iarraidh agus, go háirithe, d'fhonn lánéifeacht a thabhairt do Threoir 90/313/CEE ón gComhairle[4].

Rochtain ar fhaisnéis maidir leis an gcomhshaol.

(2) Gan dochar do ghinearáltacht *fho-alt (1)*, féadfar foráil a dhéanamh le rialacháin maidir le gach ceann nó maidir le haon cheann de na nithe seo a leanas—

(*a*) cineál, formáid nó ábhar faisnéis shonraithe nó aicmí sonraithe faisnéise atá le cur ar fáil,

(*b*) na húdaráis phoiblí a bhfuil faisnéis, nó cineálacha áirithe faisnéise, le cur ar fáil acu,

(*c*) nósanna imeachta, coinníollacha agus srianta a bhaineann le faisnéis a sholáthar i gcoitinne nó le faisnéis shonraithe a sholáthar,

(*d*) aicmí imthosca ina bhféadfar diúltú d'iarrataí ar fhaisnéis, nó ar chineálacha sonraithe faisnéise,

(*e*) nósanna imeachta maidir le hathbhreithniú a dhéanamh ar bhreith chun diúltú an fhaisnéis iomlán, nó cuid den fhaisnéis, a iarrtar a sholáthar agus maidir le treoracha a thabhairt d'údaráis phoiblí tar éis athbhreithnithe den sórt sin a dhéanamh, nó

(*f*) muirir a ghearradh maidir le húdaráis phoiblí do sholáthar faisnéise.

(3) San alt seo, ciallaíonn "faisnéis shonraithe a bhaineann leis an gcomhshaol" aon fhaisnéis atá ar fáil i bhfoirm scríofa, in amharcfhoirm, i gclosfhoirm nó i bhfoirm bhunachair sonraí, ar faisnéis í a bhaineann leis an riocht ina bhfuil an t-uisce, an t-atmaisféar, an ithir, fauna, flora, an talamh agus láithreáin nádúrtha agus le gníomhartha (lena n-áirítear gníomhartha is cúis le núiseanna amhail torann) nó bearta a dhéanann difear dochrach, nó ar dóigh dóibh difear a dhéanamh amhlaidh, do riocht na nithe sin agus le gníomhartha nó bearta atá ceaptha chun riocht na nithe sin a chosaint, lena n-áirítear bearta riaracháin agus cláir bhainistíochta comhshaoil.

**111.**—(1) Chun críocha caomhnú comhshaoil, chun contúirt don tsláinte nó damáiste do mhaoin a chosc, nó chun taitneamhachtaí a chaomhnú, agus, go háirithe, d'fhonn lánéifeacht a thabhairt do Threoir 90/219/CEE ón gComhairle[5] agus do Threoir 90/220/CEE ón gComhairle[6], féadfaidh an tAire, tar éis dul i gcomhairle leis an Aire Tionscail agus Tráchtála agus le haon Aire eile den Rialtas atá, i dtuairim an Aire, bainteach leis an ábhar, rialacháin a dhéanamh chun aon phróiseas nó gníomh, nó aon aicme próiseas nó gníomhartha, a bhfuil

Orgánaigh ghéinmhodhnaithe.

[4]I.O. Uimh. L158/56 an 23 Meitheamh, 1990.
[5]I.O. Uimh. L117/1 an 8 Bealtaine, 1990.
[6]I.O. Uimh. L117/15 an 8 Bealtaine, 1990.

orgánach géinmhodhnaithe i gceist leis nó léi a rialú, a bhainistiú, a rialáil nó a thoirmeasc.

(2) Gan dochar do ghinearáltacht *fho-alt (1)*, féadfar foráil a dhéanamh le rialacháin maidir le gach ceann nó maidir le haon cheann de na nithe seo a leanas—

(*a*) feidhmeanna a shannadh, chun críocha *fho-alt (1)*, do cibé duine (lena n-áirítear an tAire) a bheidh sonraithe,

(*b*) dualgais, oibleagáidí nó freagrachtaí a chur ar dhuine a ghabhann d'aon orgánach a ghéinmhodhnú nó a bhfuil aon orgánach géinmhodhnaithe á allmhairiú, á fháil, á choimeád, á úsáid nó á scaoileadh isteach sa chomhshaol aige nó ar aon duine eile i ndáil le horgánaigh ghéinmhodhnaithe,

(*c*) comhairle a ghlacadh le cibé duine (más ann) a bheidh sonraithe, bíodh sé sa Stát nó lasmuigh de,

(*d*) ceadúnú duine a ghabhann d'aon orgánach a ghéinmhodhnú nó a bhfuil aon orgánach géinmhodhnaithe á allmhairiú, á fháil, á choimeád, á úsáid nó á scaoileadh isteach sa chomhshaol aige agus toirmeasc a chur ar aon duine seachas duine ceadúnaithe gabháil d'aon ghníomhartha den sórt sin,

(*e*) bunú agus oibriú aon phróiseas nó gníomh a bhaineann le horgánach géinmhodhnaithe a rialáil, lena n-áirítear aon phróiseas nó gníomh den sórt sin a cheadúnú, agus aon phróiseas nó gníomh den sórt sin a thoirmeasc, mura rud é go mbeidh ceadúnas faighte,

(*f*) an fhaisnéis, lena n-airítear faisnéis maidir le pearsanra, áitreabh agus bainistiú dramhaíola, atá le tabhairt i dteannta iarratas ar cheadúnas agus foráil a dhéanamh maidir le faisnéis bhreise a lorg de réir mar is gá chun an t-iarratas a chinneadh,

(*g*) na coinníollacha a fhéadfar a chur ag gabháil, nó a chuirfear ag gabháil, le ceadúnas faoi *mhír (d)* nó *(e)* lena n-áirítear an méid seo a leanas—

(i) an tréimhse ar lena linn a bheidh an ceadúnas bailí,

(ii) na horgánaigh atá clúdaithe leis an gceadúnas,

(iii) aon teorainneacha nó toirmisc maidir le haon phróiseas nó gníomh a bhfuil aon orgánaigh shonraithe i gceist leis,

(iv) coinníollacha sonraithe do leanúint i bhfeidhm tar éis ceadúnas do dhul in éag, tar éis é a chealú nó tar éis é a fhionraí nó tar éis an próiseas nó an gníomh a bhfuil duine ceadúnaithe ina leith a chur i gcrích,

(v) srianta nó teorainneacha ar aon scaoiltí isteach sa chomhshaol nó ar aon astaíochtaí a éiríonn as aon phróiseas nó gníomh a bhfuil orgánach géinmhodhnaithe i gceist leis nó modhanna cóireála nó diúscartha aon scaoiltí nó astaíochtaí isteach in aon mheán comhshaoil a shonrú, nó

(vi) socruithe chun faireachán a dhéanamh agus chun torthaí an fhaireacháin sin a chur ar fáil don Aire nó do cibé duine eile a bheidh sonraithe,

(*h*) nósanna imeachta a shonrú i ndáil le ceadúnas a dheonú, a athbhreithniú, a chealú nó a fhionraí, i ndáil le huiríll a dhéanamh maidir leis na nithe sin agus i ndáil leis na huiríll sin a bhreithniú,

(*i*) na staidéir agus na measúnachtaí atá le déanamh ar chineál orgánaigh ghéinmhodhnaithe nó ar an bpróiseas nó ar an ngníomh a bhfuil orgánach den sórt sin i gceist leis, na priacail a d'fhéadfadh a bheith ann don chomhshaol ón orgánach, nó ón bpróiseas nó ón ngníomh a bhfuil an t-orgánach i gceist leis, agus na héifeachtaí ionchasacha a ghabhann le scaoileadh orgánach den sórt sin, cibé acu is scaoileadh beartaithe nó scaoileadh de thaisme é,

(*j*) na réamhchúraimí atá le glacadh, lena n-áirítear coistí bithshábháilteachta a bhunú, an fhaisnéis atá le soláthar don phobal, na socruithe freagartha éigeandála (ar an láthair agus lasmuigh di), teagmhais éigeandála a chur in iúl do na húdaráis chuí, na húdaráis sin do ghlacadh bearta práinneacha chun críocha caomhnú comhshaoil, chun contúirt don tsláinte nó damáiste do mhaoin a chosc nó chun taitneamhachtaí a chaomhnú, agus na húdaráis sin do ghnóthú chostais na mbeart sin, agus na rialuithe atá le cur i bhfeidhm, i gcoitinne nó i ndáil le horgánaigh nó aicmí orgánach áirithe, i ndáil le próisis nó aicmí próiseas áirithe nó i ndáil le gníomhartha nó aicmí gníomhartha áirithe, a bhfuil orgánach géinmhodhnaithe i gceist leo,

(*k*) foráil a dhéanamh maidir le hiarratas chun na hArd-Chúirte ón Aire nó ó cibé duine eile a bheidh forordaithe faoi *fho-alt (1)* ar ordú lena dtoirmeasctar nó lena sriantar aon phróiseas nó gníomh a bhfuil orgánach géinmhodhnaithe i gceist leis i cibé imthosca a shonrófar,

(*l*) aon phróiseas nó gníomh sonraithe, a bhfuil orgánach géinmhodhnaithe sonraithe, nó aon ghéinmhodhnú sonraithe a dhéantar ar orgánach, nó aon allmhairiú, fáil, coimeád, úsáid nó scaoileadh isteach sa chomhshaol i leith orgánach géinmhodhnaithe sonraithe, i gceist leis, a thoirmeasc,

(*m*) díolúintí a dheonú—

(i) d'aicme shonraithe daoine,

(ii) le haghaidh taighde sonraithe nó in imthosca sonraithe, nó

(iii) maidir le horgánaigh shonraithe nó aicmí sonraithe orgánach, próisis shonraithe nó aicmí sonraithe próiseas nó gníomhartha sonraithe nó aicmí sonraithe gníomhartha a bhfuil orgánaigh shonraithe nó aicmí sonraithe orgánach i gceist leo,

ó aon cheann de cheanglais na rialachán i cibé imthosca a bheidh sonraithe i ndáil le próisis shonraithe nó gníomhartha sonraithe a bhfuil orgánach géinmhodhnaithe i gceist leo agus na díolúintí sin a dheonú faoi réir cibé coinníollacha a bheidh sonraithe,

(*n*) á cheangal fógra a thabhairt, an fhaisnéis atá le bheith ann san fhógra sin, agus an tréimhse ar laistigh di a thabharfar an fógra sin don Aire nó do cibé duine eile a bheidh sonraithe,

bíodh sé sa Stát nó lasmuigh de, ar fógra é maidir le tabhairt isteach nó modhnú cibé próiseas nó gníomh a bhfuil orgánach géinmhodhnaithe i gceist leis agus a bheidh sonraithe,

(*o*) taifid a choimeád agus cibé faisnéis a bheidh sonraithe a sholáthar don Aire nó do cibé duine eile a shonrófar, bíodh sé sa Stát nó lasmuigh de,

(*p*) clár a choimeád, lena n-áirítear an fhaisnéis a bhaineann le ceadúnais agus nithe eile atá le bheith ann sa chlár sin, agus rochtain ar an gclár sin a sholáthar don phobal agus aon srianta maidir le faisnéis rúnda,

(*q*) comhairle a sholáthar agus treoirlínte agus cóid chleachtais a ullmhú agus a fhoilsiú nó a cheadú, nó

(*r*) muirir a fhorchur nó táillí a íoc chun críocha na rialachán nó na seirbhísí a sholáthraítear faoi na rialacháin.

(3) Is cion é gan aon choinníoll ar leith a ghabhann le ceadúnas arna eisiúint de bhun rialacháin a dhéantar faoin alt seo a chomhlíonadh.

(4) Déanfaidh an duine atá i bhfeighil aon phróiseas nó gníomh a bhfuil orgánach géinmhodhnaithe i gceist leis an teicneolaíocht is fearr atá ar fáil agus nach ngabhann costais iomarcacha léi a úsáid chun críocha caomhnú comhshaoil, d'fhonn contúirt don tsláinte nó damáiste do mhaoin a chosc, nó chun taitneamhachtaí a chaomhnú, ar nithe iad sin a éiríonn as aon phróiseas nó gníomh a bhfuil orgánach géinmhodhnaithe i gceist leis.

(5) Féadfaidh cibé forálacha teagmhasacha, forlíontacha, iarmhartacha agus idirthréimhseacha (lena n-áirítear forálacha lena modhnaítear aon fhoráil den Acht seo nó d'aon achtachán eile) a bheith i rialacháin faoin alt seo is dealraitheach don Aire is gá chun críocha, nó de dhroim, na rialachán nó d'fhonn lánéifeacht a thabhairt dóibh.

(6) Chun críocha an ailt seo, féadfaidh duine údaraithe, i dteannta na gcumhachtaí a thugtar faoi *alt 13*, a cheangal, i ndáil le haon áitreabh nó cuid d'áitreabh a bhfuil cumhacht aige dul isteach ann, nó inti, nó i ndáil le haon phróiseas nó gníomh nó cuid de phróiseas nó gníomh ar an áitreabh sin, nó i ndáil le haon ní san áitreabh nó ar an áitreabh sin, gur ceart é a choimeád ar bun gan suaitheadh nó ar cibé modh a shonróidh sé go ceann cibé fad atá réasúnach chun a chuid imscrúduithe nó a chuid tástálacha a dhéanamh.

(7) San alt seo—

ciallaíonn "orgánach géinmhodhnaithe"—

(*a*) orgánach a dhíorthaíonn ó theaglaim ábhar géiniteach arna foirmiú le teicníochtaí saorga, nó

(*b*) orgánach a bhfuil teaglaim ábhar géiniteach den sórt sin ann ar mhodh oidhreachta, nó

(*c*) orgánach atá ann mar thoradh ar mhacasamhlú orgánach a thuairiscítear i *mír (a)*, nó

(*d*) cibé ní eile a fhorordóidh an tAire;

ciallaíonn "orgánach" aon eintiteas ilcheallach, aoncheallach, focheallach nó éigeallach atá in ann macasamhlú a dhéanamh nó in ann ábhar

géiniteach a aistriú, cibé acu trí phróisis nádúrtha nó trí phróisis shaorga, nó cibé ábhar eile a fhorordóidh an tAire;

folaíonn "comhshaol" atmaisféar, talamh, ithir, uisce agus gach orgánach beo;

folaíonn "ceadúnas" toiliú nó aon chineál eile údaraithe agus forléireofar focail ghaolmhara dá réir sin.

Clár a choimeádtar i ríomhaire nó i bhfoirm neamh-inléite eile agus fianaise ar thaifid.

**112.**—(1) Féadfaidh an Ghníomhaireacht clár a choimeád faoi aon fhoráil den Acht seo ar shlí seachas i bhfoirm inléite ionas gur féidir an clár a úsáid chun cóip inléite nó atáirgeadh inléite ("cóipthaifead") a dhéanamh d'aon taifead sa chlár.

(2) In aon imeachtaí, beidh aon deimhniú arna shíniú ag oifigeach don Ghníomhaireacht á rá go ndearnadh cóipthaifead de thaifead i gclár faoi fhoráil shonraithe den Acht seo de réir *fho-alt (1)*, ina fhianaise go ndearnadh an taifead agus gur cóipthaifead dílis den taifead í nó é an chóip nó an t-atáirgeadh atá ag gabháil leis an deimhniú, go dtí go suitear a mhalairt.

(3) Aon doiciméad a a airbheartaíonn a bheith ina dheimhniú faoi *fho-alt (2)*, measfar gur deimhniú den sórt sin é gan chruthúnas ar shíniú an duine a airbheartaíonn gurb é a shínigh an deimhniú nó gur dhuine cuí an duine sin chun é a shíniú amhlaidh, go dtí go suitear a mhalairt.

(4) In aon imeachtaí, féadfar aon chóipthaifead a thabhairt i bhfianaise agus is fianaise *prima facie* é ar aon fhíoras atá luaite ann:

Ar choinníoll gur deimhin leis an gcúirt go raibh an córas a úsáideadh chun an cóipthaifead, agus an taifead bunaidh ar a raibh sé bunaithe, iontaofa.

Pionóis áirithe a mhéadú.

**113.**—(1) Aon duine a chiontaítear i gcion dá bhforáiltear pionós, forghéilleadh nó fíneáil in alt a shonraítear i *gcolún (2)* den Tábla a ghabhann leis an alt seo, ar alt é de chuid Acht a shonraítear i *gcolún (3)* den Tábla sin, agus ar alt agus Acht é a shonraítear ag uimhir thagartha áirithe i *gcolún (1)* den Tábla sin, dlífear (faoi réir *fho-alt (2)*), in ionad aon phionós airgid, forghéilleadh nó fíneáil dá bhforáiltear amhlaidh, fíneáil nach mó ná an fhíneáil uasta a shonraítear i *gcolún (4)* den Tábla sin ag an uimhir thagartha sin a chur air, agus forléireofar na hailt agus na hAchtanna a shonraítear i *gcolúin (2)* agus *(3)* den Tábla sin, agus beidh éifeacht leo, dá réir sin.

(2) (*a*) I gcás, maidir le pionós, forghéilleadh nó fíneáil, go luaitear go sainráite in aon alt a shonraítear i *gcolún (2)* den Tábla gur pionós, forghéilleadh nó fíneáil in aghaidh an lae é nó í, is cion ar leithligh gach aon sárú lena mbaineann sé nó sí.

(*b*) I gcás go ndéantar cion dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)* a thuairisciú mar chion leanúnach nó mar chion breise, is fíneáil nach mó ná £200 an pionós in aghaidh gach lá a leantar den sárú in ionad aon phionós airgid, forghéilleadh nó fíneáil eile dá bhforáiltear i leith an chiona sin.

(3) Beidh éifeacht leis an alt seo i ndáil le cionta a dhéantar tar éis thosach feidhme an ailt seo.

AN TÁBLA

| Uimh. Thag. | An tAlt | An tAcht | An Fhíneáil Uasta |
|---|---|---|---|
| (1) | (2) | (3) | (4) |
| 1. | 55 | *Waterworks Clauses Act,* 1847 | £1,000 |
| 2. | 58 | *Waterworks Clauses Act,* 1847 | £1,000 |
| 3. | 60 | *Waterworks Clauses Act,* 1847 | £1,000 |
| 4. | 50 | *The Dublin Corporation Waterworks Act,* 1861 | £1,000 |
| 5. | 51 | *The Dublin Corporation Waterworks Act,* 1861 | £1,000 |
| 6. | 17 | *Waterworks Clauses Act,* 1863 | £1,000 |
| 7. | 18 | *Waterworks Clauses Act,* 1863 | £1,000 |
| 8. | 19 | *Waterworks Clauses Act,* 1863 | £1,000 |
| 9. | 20 | *Waterworks Clauses Act,* 1863 | £1,000 |
| 10. | 70 | *Public Health (Ireland) Act,* 1878 | £1,000 |
| 11. | 112 | *Public Health (Ireland) Act,* 1878 | £1,000 |
| 12. | 114 | *Public Health (Ireland) Act,* 1878 | £200 |
| 13. | 119 | *Public Health (Ireland) Act,* 1878 | £1,000 |
| 14. | 171 | *Public Health (Ireland) Act,* 1878 | £1,000 |
| 15. | 220 | *Public Health (Ireland) Act,* 1878 | £1,000 |
| 16. | 272 | *Public Health (Ireland) Act,* 1878 | £1,000 |
| 17. | 273 | *Public Health (Ireland) Act,* 1878 | £1,000 |
| 18. | 31 | An tAcht Rialtais Áitiúil (Seirbhísí Sláintíochta), 1948 | £1,000 |
| 19. | 33 | An tAcht Rialtais Áitiúil (Seirbhísí Sláintíochta), 1948 | £1,000 |
| 20. | 34 | An tAcht Rialtais Áitiúil (Seirbhísí Sláintíochta), 1948 | £1,000 |
| 21. | 37 | An tAcht Rialtais Áitiúil (Seirbhísí Sláintíochta), 1948 | £1,000 |
| 22. | 42 | An tAcht Rialtais Áitiúil (Seirbhísí Sláintíochta), 1948 | £1,000 |
| 23. | 44 | An tAcht Rialtais Áitiúil (Seirbhísí Sláintíochta), 1948 | £1,000 |
| 24. | 46 | An tAcht Rialtais Áitiúil (Seirbhísí Sláintíochta), 1948 | £1,000 |
| 25. | 47 | An tAcht Rialtais Áitiúil (Seirbhísí Sláintíochta), 1948 | £1,000 |
| 26. | 4 | Acht na nÚdarás Áitiúla (Oibreacha), 1949 | £1,000 |
| 27. | 8 | An tAcht Rialtais Áitiúil (Seirbhísí Sláintíochta), 1962 | £1,000 |
| 28. | 3 | An tAcht Rialtais Áitiúil (Seirbhísí Sláintíochta), 1964 | £1,000 |
| 29. | 16 | An tAcht Rialtais Áitiúil (Seirbhísí Sláintíochta), 1964 | £1,000 |

AN CHÉAD SCEIDEAL

*Ailt 3 agus 82.*

GNÍOMHAÍOCHTAÍ LENA MBAINEANN *Cuid IV*

**1. Mianraí agus Ábhair Eile**

1.1. Aispeist amh a eastóscadh, a tháirgeadh agus a phróiseáil.

1.2. Ocsaíd alúmanaim a eastóscadh as mian.

1.3 Mianraí de réir bhrí na nAchtanna Forbartha Mianraí, 1940 go 1979, a eastóscadh agus a phróiseáil (lena n-áirítear laghdú méide, grádú agus téamh), agus dramhaíl mhianrach ghaolmhar a stóráil.

1.4 Móin a eastóscadh i gcúrsa gnó agus achar is mó ná 50 heicteár a bheith i gceist.

**2. Fuinneamh**

2.1 Táirgeadh fuinnimh i ngléasra dócháin a bhfuil a ionchur teirmeach rátaithe comhionann le 50 MW nó níos mó seachas aon ghléasra den sórt sin a bhaineann úsáid dhíreach as na táirgí dócháin i bpróiseas monarúcháin.

2.2 Aon bhreosla a dhó i gcoire nó i bhfoirnéis ar mó ná 50MW a aschur, nó a haschur, teasa ainmniúil.

**3. Miotail**

3.1 Leá nó táirgeadh tosaigh iarainn nó cruach.

3.2 Iarann agus cruach a phróiseáil i gceártaí, i ngléasraí tarraingthe agus i muilte rollta i gcás gur mó an t-achar táirgthe ná 500 méadar cearnach.

3.3 Miotail fheiriúla a tháirgeadh, a aisghabháil, a phróiseáil nó a úsáid i dteilgcheártaí ag a bhfuil leá-shuiteálacha ar mó a dtoilleadh iomlán ná 5 thona.

3.4 Miotail neamhfheiriúla, a gcomhdhúile nó cóimhiotail eile, lena n-áirítear antamón, arsanaic, beirilliam, cróimiam, luaidhe, maignéisiam, mangainéis, fosfar, seiléiniam, caidmiam nó mearcair, a tháirgeadh, a aisghabháil, nó a phróiseáil ar mhodh teirmeach, ceimiceach nó leictrealaíoch i suiteálacha ar mó ná 0.5 tona a mbaiscthoilleadh.

3.5 Imoibriú alúmanaim nó a chóimhiotal le clóirín nó lena chomhdhúile.

3.6 Róstadh, sintéarú nó cailcíniú mianta miotalacha i ngléasraí ar mó a dtoilleadh ná 1,000 tona in aghaidh na bliana.

3.7 Cruthmhúnlú le pléascaigh i gcás gur mó an t-achar táirgthe ná 100 méadar cearnach.

3.8 Teilgin mhóra a fháscadh, a tharraingt agus a stampáil i gcás gur mó an t-achar táirgthe ná 500 méadar cearnach.

3.9 Déanamh coirí agus monarú taiscumar, umar agus coimeádán eile miotail leatháin i gcás gur mó an t-achar táirgthe ná 500 méadar cearnach.

**4. Snáithíní Mianracha agus Gloine**

4.1 Aispeist a phróiseáil agus táirgí aispeist-bhunaithe a mhonarú agus a phróiseáil.

4.2 Snáithín gloine nó snáithín mianrúil a mhonarú.

4.3 Gloine (gnáthghloine agus gloine speisialta) a tháirgeadh i ngléasraí ar mó a dtoilleadh ná 5,000 tona in aghaidh na bliana.

4.4 Diamaint thionsclaíocha a tháirgeadh.

**5. Ceimiceáin**

5.1 Ceimiceáin a mhonarú i suiteáil chomhtháite ceimiceán.

5.2 Olaifíní agus a ndíorthaigh nó monaiméirí agus polaiméirí, lena n-áirítear stiréin agus clóiríd vinile, a mhonarú.

5.3 Táirgí ceimiceacha orgánacha nó orgánaimhiotalacha seachas iad sin a shonraítear ag 5.2 a mhonarú ar mhodh próisis imoibrithe cheimicigh.

5.4 Ceimiceáin neamhorgánacha a mhonarú.

5.5 Leasacháin shaorga a mhonarú.

5.6 Lotnaidicídí, táirgí cógaisíochta nó tréidliachta agus a n-idirmheánaigh a mhonarú.

5.7 Péinteanna, vearnaisí, roisíní, dúigh, ruaimeanna, líocha nó leaistiméirí a mhonarú i gcás gur mó an toilleadh táirgthe ná 1,000 lítear in aghaidh na seachtaine.

5.8 Lotnaidicídí a fhoirmliú.

5.9 Gliúnna, oibreáin nascála agus greamacháin a mhonarú go ceimiceach.

5.10 Vitimíní a mhonarú agus úsáid á baint as miotail throma.

5.11 Aon cheann amháin nó níos mó de na ceimiceáin seo a leanas a stóráil (seachas mar chuid d'aon ghníomhaíocht eile) i gcainníochtaí is mó ná na luachanna a thaispeántar—

aicrileáit mheitile (20 tona); aicrilinítríl (20 tona); dé-isicianáit tolúéine (20 tona); amóinia ainhidriúil (100 tona); fluairíd hidrigine ainhidriúil (1 tona).

**6. Diantalmhaíocht**

6.1 Éanlaith chlóis a thógáil i suiteálacha, cibé acu laistigh den choimpléasc céanna nó laistigh de 100 méadar ón gcoimpléasc sin, i gcás gur mó an toilleadh ná 100,000 aonad agus i gcás na coibhéisí seo a leanas a bheith ag aonaid—

1 sicín grísce = 1 aonad,

1 bhéaróg, turcaí nó éan clóis eile = 2 aonad.

6.2. Muca a thógáil i suiteálacha, cibé acu laistigh den choimpléasc céanna nó laistigh de 100 méadar ón gcoimpléasc sin, i gcás gur mó an toilleadh ná 1,000 aonad ar ghléireach nó 3,000 aonad ar ithreacha eile agus i gcás na coibhéisí seo a leanas a bheith ag aonaid—

1 mhuc = 1 aonad,

1 chráin = 10 n-aonad.

**7. Bia agus Deoch**

7.1 Olaí agus saillte plandúla agus ainmhíocha a mhonarú i gcás gur mó an toilleadh próiseála amhábhar ná 40 tona in aghaidh an lae.

7.2 Monarú táirgí déiríochta i gcás gur mó an toilleadh próiseála ná 50 milliún galún de choibhéis bainne in aghaidh na bliana.

7.3 Grúdaireacht agus driogaireacht tráchtála, agus braicheadh i suiteálacha i gcás gur mó an toilleadh táirgthe ná 100,000 tona in aghaidh na bliana.

7.4 Marú ainmhithe i suiteálacha i gcás gur mó an toilleadh laethúil ná 1,500 aonad agus i gcás na coibhéisí seo a leanas a bheith ag aonaid—

1 chaora = 1 aonad,

1 mhuc = 2 aonad,

1 cheann eallaigh = 5 aonad.

7.5 Min éisc agus ola éisc a mhonarú.

7.6 Siúcra a mhonarú.

7.7 Fotháirgí ainmhíocha a leá.

**8. Adhmad, Páipéar, Teicstílí agus Leathar**

8.1 Laíon páipéir, páipéar nó clár (lena n-áirítear clár snáithíneach, clár cáithníneach agus sraithadhmad) a mhonarú i suiteálacha a bhfuil a dtoilleadh táirgthe comhionann le 25,000 tona táirgí, nó níos mó ná 25,000 tona táirgí, in aghaidh na bliana.

8.2 Laíon tuartha a mhonarú.

8.3 Adhmad a chóireáil nó a chosaint agus úsáid á bhaint as leasaithigh, agus toilleadh níos mó ná 10 dtona a bheith ann in aghaidh an lae.

8.4 Snáithíní sintéiseacha a mhonarú.

8.5 Ruaimniú, cóireáil nó bailchríochnú (lena n-áirítear leamhandíonadh agus dódhíonadh) snáithíní nó teicstílí (lena n-áirítear cairpéad) i gcás gur mó an toilleadh ná 1 tona snáithín, abhrais nó ábhair theicstíligh in aghaidh an lae.

8.6 Mangaireacht seithí agus súdaireacht leathair i suiteálacha i gcás gur mó an toilleadh ná 100 seithe in aghaidh an lae.

**9. Breoslaí Iontaise**

9.1 Peitriliam, gás nádúrtha, gual nó sceall biotúmanach a eastóscadh, seachas eastóscadh amach ón gcósta.

9.2 Peitriliam amh a láimhsiú nó a stóráil.

9.3 Peitriliam nó gás a scagadh.

9.4 Pirealú, carbónú, gású, leachtú, turdhriogadh, ocsaídiú páirteach nó teaschóireáil a dhéanamh ar ghual, lignít, ola nó sceall biotúmanach, ábhair charbónúla eile nó meascáin d'aon cheann díobh sin i suiteálacha a bhfuil toilleadh próiseála níos mó ná 500 tona in aghaidh an lae acu.

**10. Stroighin**

10.1 Stroighin a tháirgeadh.

**11. Dramhaíl**

11.1 Dramhaíl ghuaiseach a loscadh.

11.2 Dramhaíl ospidéil a loscadh.

11.3 Dramhaíl seachas dramhaíl a luaitear in 11.1 agus 11.2 a loscadh i ngléasraí a bhfuil toilleadh níos mó ná 1 tona san uair an chloig acu.

11.4. Teas a úsáid chun breosla a mhonarú ó dhramhaíl.

**12. Cótálacha Dromchla**

12.1 Oibríochtaí a bhfuil cótáil le cumaisc orgánastáin i gceist leo.

12.2 Monarú nó úsáid ábhar cótála i bpróisis a bhfuil toilleadh acu 10 dtona tuaslagóirí orgánacha ar a laghad a dhéanamh nó a úsáid in aghaidh na bliana, agus monarú cótála púdair lena ngabhann toilleadh chun 50 tona ar a laghad a tháirgeadh in aghaidh na bliana.

12.3 Oibríochtaí leictreaphlátála.

**13. Gníomhaíochtaí Eile**

13.1 Innill, tuirbíní nó imoibreoirí a thástáil i gcás gur mó an t-achar urláir ná 500 méadar cearnach.

13.2 Ciorcaid iomlánaithe agus cláir chiorcaid phriontáilte a mhonarú.

13.3 Aol a tháirgeadh in áith.

13.4 Monarú garbhearraí criadóireachta lena n-áirítear brící teasfhulangacha, píopaí cruachré, brící fásála agus urláir agus tíleanna dín.

## AN DARA SCEIDEAL

*Alt 54.*

### Achtacháin arb ina leith a Fhéadfar Feidhmeanna a Aistriú chuig an nGníomhaireacht

Na Rialacháin fán Acht um Thruailliú Aeir, 1987 (Luach na Teorann Astaithe maidir le hÚsáid Aispeiste), 1990.

Na Rialacháin fán Acht um Thruailliú Aeir, 1987 (An Cion Sulfair in Ola Gháis), 1989.

Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Iarmhar Aispeiste), 1990.

Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Rialú ar Thruailliú Uisce le hAispeist), 1990.

Rialacháin na gComhphobal Eorpach (An Cion Luaidhe i bPeitreal), 1985 go 1988.

Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Iarmhar Tocsaineach agus Contúirteach), 1982.

Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Loingsiú Trasteorann ar Iarmhar Guaiseach), 1988.

Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Iarmhar), 1984.

Na Rialacháin um an Acht Rialtais Áitiúil (Truailliú Uisce), 1977 (Scardadh Caidmiam a Rialú), 1985.

Na Rialacháin um an Acht Rialtais Áitiúil (Truailliú Uisce), 1977 (Scardadh Heicseaclóraiciclilheacsáin agus Mearcair a Rialú), 1986.

*Alt 18.*

## AN TRIÚ SCEIDEAL

LEASÚ AR AN ACHT UM THRUAILLIÚ AEIR, 1987

1. Leasófar an tAcht um Thruailliú Aeir, 1987 ("an tAcht") de réir na míreanna sin ina dhiaidh seo.

2. Leasófar alt 7(1) den Acht tríd an méid seo a leanas a chur in ionad an mhínithe ar "truailleán":

"ciallaíonn 'truailleán', aon substaint a shonraítear sa Chéad Sceideal nó aon substaint (lena n-áirítear substaint is cúis le boladh) nó fuinneamh eile a d'fhéadfadh a bheith ina cúis nó ina chúis le truailliú aeir nuair a astaítear é isteach san atmaisféar, aisti féin nó as féin nó in éineacht le haon substaint eile;".

3. Leasófar alt 32 den Acht tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (3):

"(3) Ní dheonóidh údarás áitiúil ceadúnas i ndáil le gléasra tionscail mura deimhin leis—

(*a*) go mbainfear leas as an dóigh is fearr is féidir le haon astaíochtaí ón ngléasra a chosc nó a theorannú,

(*b*) go gcomhlíonfaidh aon astaíochtaí ón ngléasra aon luach teorann astaíochta iomchuí,

(*c*) nach dtiocfaidh de thoradh aon astaíochtaí ón ngléasra go sárófar aon chaighdeán aercháilíochta iomchuí,

(*d*) nach mbeidh aon astaíochtaí ón ngléasra ina gcúis le truailliú aeir suntasach,

agus, más cuí, cuirfidh an t-údarás áitiúil coinníollacha i ndáil leis na nithe a shonraítear i míreanna (*a*), (*b*), (*c*) agus (*d*) ag gabháil leis an gceadúnas.".

4. Leasófar an tAcht trí na hailt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 28:

"Leigheasanna ar astaíochtaí neamhúdaraithe.

28A.(1) (a) I gcás go dtarlaíonn astaíocht ó aon áitreabh, seachas astaíocht faoi cheadúnas agus de réir ceadúnas arna dheonú faoin Acht seo nó astaíocht de réir luach teorann astaíochta a shonraítear faoi *alt 51* den Acht seo nó astaíocht de réir ordacháin ina sonraítear an dóigh is fearr is féidir, ar ordacháin iad arna n-eisiúint ag an Aire faoi fho-alt (3) d'alt 5 den Acht seo, féadfaidh aon duine iarratas a dhéanamh chun na cúirte iomchuí agus féadfaidh an chúirt sin ordú a dhéanamh á cheangal ar áititheoir an áitribh lena mbaineann ceann amháin nó níos mó de na nithe seo a leanas a dhéanamh:

(i) an astaíocht a fhoirceannadh laistigh de cibé tréimhse a bheidh sonraithe san ordú, nó

(ii) aon éifeachtaí de chuid na hastaíochtaí lena mbaineann a mhaolú nó a leigheas ar cibé modh agus laistigh de cibé tréimhse a bheidh sonraithe san ordú, nó

(iii) méid sonraithe a íoc leis an iarratasóir nó le cibé duine eile a bheidh sonraithe san ordú chun íoc as na costais go léir, nó as cuid d'aon chostais a thabhaigh an t-iarratasóir nó an duine eile sin le linn éifeachtaí na hastaíochta lena mbaineann a imscrúdú, a mhaolú nó a leigheas.

(*b*) San fho-alt seo, ciallaíonn 'cúirt iomchuí', i ndáil le hiarratas faoi mhír (a)—

(i) i gcás nach mó ná £5,000 an costas measta as déanamh de réir an ordaithe lena mbaineann an t-iarratas, an Chúirt Dúiche,

(ii) i gcás nach mó ná £30,000 an costas measta sin a dúradh, an Chúirt Chuarda, agus

(iii) in aon chás, an Ard-Chúirt.

(*c*) (i) Más rud é, i ndáil le hiarratas faoin alt seo chun na Cúirte Dúiche, go dtiocfaidh an chúirt sin, le linn an t-iarratas a éisteacht, chun bheith den tuairim go rachaidh an costas measta a dúradh thar £5,000, féadfaidh sí, más cuí léi, an t-iarratas a aistriú go dtí an Chúirt Chuarda nó go dtí an Ard-Chúirt, cibé cúirt acu is dóigh léi is iomchuí ag féachaint don chostas measta sin a dúradh.

(ii) Más rud é, i ndáil le hiarratas faoin alt seo chun na Cúirte Cuarda, go dtiocfaidh an chúirt sin, le linn an t-iarratas a éisteacht, chun bheith den tuairim go rachaidh an costas measta a dúradh thar £30,000, féadfaidh sí, más cuí léi, an t-iarratas a aistriú le hordú go dtí an Ard-Chúirt.

(iii) Ní dochar an mhír seo do dhlínse cúirte (arb í an Chúirt Dúiche nó an Chúirt Chuarda í) iarratas a chinneadh faoin alt seo, arb iarratas é arbh í an chúirt sin an chúirt iomchuí i ndáil leis, tráth déanta an iarratais.

(2) (*a*) Tionscnófar iarratas ar ordú faoin alt seo ar mhodh achomair agus féadfaidh an chúirt nuair a bheidh an ní á bhreithniú aici cibé ordú eatramhach nó idirbhreitheach is cuí léi a dhéanamh.

(*b*) I gcás go n-aistrítear iarratas faoi mhír (*c*) d'fho-alt (1), measfar maidir leis an gcúirt chun a n-aistrítear é gurbh í an chúirt chuig a n-aistrítear é a rinne aon ordú arna dhéanamh faoin bhfo-alt seo ag an gcúirt óna n-aistrítear amhlaidh é sna himeachtaí i ndáil leis an iarratas.

(3) (*a*) Ní dhéanfaidh cúirt ordú faoin alt seo mura rud é go mbeidh deis tugtha don duine a bheidh ainmnithe san ordú éisteacht a fháil sa chúirt sna himeachtaí a bhaineann leis an iarratas ar an ordú.

(*b*) Féadfaidh an chúirt lena mbaineann cibé ordú a dhéanamh is cuí léi i dtaobh chostais na bpáirtithe in imeachtaí, nó na ndaoine a fhaigheann éisteacht ón gcúirt in imeachtaí, a bhaineann le hiarratas ar ordú faoin alt seo.

(4) (*a*) I gcás nach gcomhlíonfaidh duine ordú faoi fho-alt (1), féadfaidh údarás áitiúil, i leith a limistéir feidhme, aon bhearta a bheidh sonraithe san ordú a dhéanamh chun éifeachtaí na hastaíochta lena mbaineann a mhaolú nó a leigheas.

(*b*) Beidh méid aon chaiteachais a thabhóidh údarás áitiúil i ndáil le bearta arna nglacadh aige faoi mhír (*a*) ina fhiach conartha shimplí a bheidh dlite don údarás agus féadfaidh sé é a ghnóthú ón duine mar fhiach conartha shimplí in aon chúirt dlínse inniúla.

(5) (a) Aon iarratas faoi fho-alt (1) chun na Cúirte Dúiche, déanfar é chuig Breitheamh den Chúirt Dúiche don dúiche Chúirte Dúiche ina bhfuil an t-áitreabh lena mbaineann suite nó ina dtarlaíonn an astaíocht lena mbaineann.

(*b*) Aon iarratas faoi fho-alt (1) chun na Cúirte Cuarda, déanfar é chuig Breitheamh den Chúirt Chuarda don chuaird ina bhfuil an t-áitreabh lena mbaineann suite nó ina dtarlaíonn an astaíocht lena mbaineann.

(6) Féadfar iarratas a dhéanamh faoi fho-alt (1) cibé acu a bhí nó nach raibh ionchúiseamh ann mar gheall ar chion faoin Acht seo i ndáil leis an astaíocht lena mbaineann.

Dliteanas sibhialta i leith truailliú.

28B.(1) I gcás go bhfuil astaíocht ina cúis le díobháil, caillteanas nó damáiste do dhuine nó do mhaoin duine, féadfaidh an duine, gan dochar d'aon chúis chaingne eile a bheidh aige i leith na díobhála, an chaillteanais nó an damáiste, damáistí a ghnóthú in aon chúirt dlínse inniúla i leith na díobhála, an chaillteanais nó an damáiste sin—

(a) ó áititheoir an áitribh ónar tháinig an astaíocht i dtosach murarbh é ba chúis leis an astaíocht foiche Dé nó gníomh nó neamhghníomh de chuid tríú páirtí nach raibh rialú ag an áititheoir sin ar a chuid iompair, ar gníomh nó neamhghníomh é nárbh fhéidir leis an áititheoir

sin, le réasún, a shamhlú agus cosaint a dhéanamh ina aghaidh, nó

(b) má ba é ba chionsiocair leis an astaíocht gníomh nó neamhghníomh de chuid aon duine ar sárú é, i dtuairim na cúirte, ar thaobh an duine sin, ar aon fhoráil den Acht seo, ón duine sin.

(2) Ní bhaineann fo-alt (1) le hastaíocht faoi cheadúnas agus de réir ceadúnas arna dheonú faoin Acht seo ná le hastaíocht atá i gcomhréir le luach teorann astaíochta a shonraítear faoi alt 51 den Acht seo ná le hastaíocht a dhéantar de réir ordacháin ina sonraítear an modh is fearr agus is féidir, ar ordacháin iad arna n-eisiúint ag an Aire faoi fho-alt (3) d'alt 5 den Acht seo.".

BAILE ÁTHA CLIATH
ARNA FHOILSIÚ AG OIFIG AN tSOLÁTHAIR
Le ceannach díreach ó
FOILSEACHÁIN RIALTAIS,
BÓTHAR BHAILE UÍ BHEOLÁIN, CILL MHAIGHNEANN,
BAILE ÁTHA CLIATH 8, D08 XAO6.
Teil: 046 942 3100
r-phost: publications@opw.ie
nó trí aon díoltóir leabhar.

---

DUBLIN
PUBLISHED BY THE STATIONERY OFFICE
To be purchased from
GOVERNMENT PUBLICATIONS,
MOUNTSHANNON ROAD, KILMAINHAM,
DUBLIN, D08 XAO6.
Tel: 046 942 3100
Email: publications@opw.ie
or through any bookseller.

€10.16

ISBN 978-1-4468-0940-2

Wt. _. 42. 9/22. Essentra. (49699). Gr.30-15.